

Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2020



Athrú á Spreagadh ar mhaithe leis an Inbhuanaitheacht



Buaicphointí



Líon na bhfostaithe

2020: **10,598**
2019: 10,395



Seirbhísí Tráchtála – (easnamh)/barrachas oibriúcháin

2020: **(€29m)**
2019: €11m



Líon na gCiliméadar a Taistealaíodh

BÁC: 2020: **42.8 million**
2019: 43.4 million

BÉ: 2020: **161.9 million**
2019: 202.5 million

IÉ: 2020: **14.7 million**
2019: 17.4 million

Grúpa: 2020: **219.5 million**
2019: 263.3 million



460,000
**460,000 masc aghaidh
ceannaithe**

**le dáileadh ar fud na
hearnála iompair ar fad**

Clár na nÁbhar

Buaicphointí Oibriúcháin	XX	Coistí an Bhoird	XX
Ráiteas an Chathaoirligh	XX	Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann	XX
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	XX	Ráiteas um Rialachas Corparáideach	XX
Athbhreithniú ar Chúrsaí Airgeadais agus Oibríochtaí	XX	Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	XX
Inbhuanaitheacht	XX	Tuarascáil na nIníochóirí Neamhspleácha	XX
Comhaltaí an Bhoird	XX	Ráitis Airgeadais	XX

Ráiteas an Chathaoirligh



“Is muidne an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn agus is é ár n-uaimhian é a bheith chun fóir maidir le freagairt na hÉireann ar an athrú aeráide, agus réitigh a sholáthar freisin i dtaobh forbairt inbhuanaithe ar fud na tíre. Tá na sócmhainní, na hacmhainní agus an saineolas ag Grúpa CIÉ chun ról lárnach a imirt i ndáil leis an gcúram ríthábhachtach sin, agus tá sé sách mór chuige sin.”

Níl aon amhras ann ach go raibh tionchar ag teacht COVID-19 go luath in 2020 ar gach gné den saol gnó agus de shaol na ndaoine. Táim an-bhródúil as an ról a bhí agus atá ag CIÉ ar na saolta seo agus an saol trína chéile. Toisc gur éirigh linn ár seirbhísí a choinneáil ag rith go sábháilte i rith 2020, bhí sé d’fhaoiseamh ag an bpobal nach raibh an saol ina chíos thuathail ar fad agus, rud is tábhachtaí fós, cinntíodh go bhféadfadh oibrithe riachtanacha dul chomh fada lena n-áit oibre.

Tá deis ar leith againn anois a chinntiú gur téarnamh inbhuanaithe a bheidh ann tar éis na paindéime – téarnamh inar féidir le seirbhísí iompair phoiblí a gcuid féin a dhéanamh.

Is príomhspreagthóir don fhorbairt gheilleagrach agus don chomhtháthú sóisialta é fáil a bheith ar sheirbhísí iompair phoiblí ar féidir brath orthu. Tá ról mór ag na seirbhísí iompair phoiblí freisin maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide, brú tráchta a laghdú agus cáilíocht an aeir a fheabhsú. Is ag Grúpa CIÉ amháin atá an acmhainn chun bainistíocht a dhéanamh ar réitigh iompair phoiblí ar fud na hÉireann, ar réitigh ardchaighdeán iad atá éifeachtach ó thaobh costais de. Ina leith sin agus i leith a chúraimí go léir, bíonn an Grúpa ag obair i gcomhar lena scairshealbhóir, an tAire Iompair, agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

Straitéis Ghrúpa CIÉ 2021-2022; Ag freagairt do COVID-19

Mar gheall ar an bpaindéim, bhí Bord CIÉ ag díriú go tréan le linn 2020 ar inbhuanaitheacht airgeadais an Ghrúpa sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Mar a d’iarr an Bord, tá straitéis dhá bhliain forbartha ag CIÉ dar teideal “CIÉ Group Strategy 2021-2022; responding to COVID”. D’fhormheas Bord CIÉ an straitéis sin ag a chruinniú i mí na Nollag 2020. Mar gheall ar an mórthionchar tobann a bhí ag COVID-19 ar an nGrúpa, níor mhór an straitéis ghearrthéarmach sin a ghlacadh, straitéis atá dírithe go príomha ar chobhsaíocht airgeadais an Ghrúpa a chinntiú agus cuspóirí straitéiseacha níos leithne a chur chun cinn an tráth céanna. Ach cobhsaíocht airgeadais an Ghrúpa a chinntiú, beidh sé in ann ról ceannasach a bheith aige agus an tír ag teacht chuici féin ó COVID-19 agus cuidiú an saol a bheith níos inbhuanaithe sna blianta atá romhainn. Tá an straitéis ghearrthéarmach sin ag teacht le Straitéis Inbhuanaitheachta nua an Ghrúpa.



Inbhuanaitheacht

Tá ról lárnach ag Grúpa CIÉ maidir le straitéis náisiúnta a chur i bhfeidhm le haghaidh dícharbónú agus tá tús áite á thabhairt aige don fhreagracht atá air maidir leis an athrú aeráide. Toisc gurb é an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn é, agus go bhfuil sé ar cheann de mhór-úinéirí talún na tíre, is maith an staid ina bhfuil CIÉ chun roghanna taistil níos cliste a sholáthar agus cuidiú geilleagar inbhuanaithe a bhaint amach.

I rith na bliana 2020, ghlac Grúpa CIÉ Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe (SFInna) agus Straitéis Inbhuanaitheachta nua atá dírithe ar ár bpróisis ghnó a ailíniú leis na Spriocanna sin agus le spriocanna na hearnála poiblí a leagtar amach sa Phlean Gnímh don Aeráid.

Conarthaí Dírdhámhachtana

Ba í 2020 an chéad bhliain ina raibh feidhm iomlán ag na Conarthaí Dírdhámhachtana is nuai idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann. Geallann CIÉ a bheith ag obair i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair lena chinntiú go bhfeidhmítear ar bhealach éifeachtach iad.

Pinsin

Tá easnamh pinsin Ghrúpa CIÉ ina chúis mhór leis an drochstaid ina bhfuil cúrsaí airgeadais an Ghrúpa. Tháinig méadú mór ar dhliteanais fabhráithe na Scéimeanna in 2020 agus is mó iad de €975m ná sócmhainní na Scéimeanna ag deireadh 2020. Léiríonn an méid sin a nochta atá an Grúpa d'athruithe móra ar luach dhliteanais na Scéimeanna.

Is cúis mhór imní é sin go fóill do CIÉ toisc go gcuireann sé i mbaol san fhadtréimhse an soláthar pinsin a bheidh ar fáil dár lucht saothair.

Dá bhrí sin is práinní ná riamh anois é bearta a ghlacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann leis na Scéimeanna agus soláthar a dhéanamh maidir le bheith in ann pinsin a íoc ar shlí inbhuanaithe san fhadtréimhse.

D'fhonn an Caighdeán Íosta Cistithe a chomhlíonadh, laistigh de chreat ama atá le comhaontú leis an Údarás Pinsean, is gá tograí cistiúcháin athbhreithnithe ó lontaobhaithe agus Coiste Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951 agus na Scéime Pá Rialta a chur isteach, lena dtugtar aghaidh ar na heasnaimh atá ann cheana sa dá scéim sin. Léirítear sna tograí a d'eascair as próiseas éascaithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre an toradh is fearr is féidir a bhaint amach ina leith sin.

Tá áthas orm a rá gur ghlac ballraíocht na Scéime Pá Rialta leis na tograí sin i Meitheamh 2020 agus tá an próiseas chun iad a chur chun feidhme, ar gá leasú a dhéanamh ar Ionstraimí Reachtúla ina leith, ag dul ar aghaidh.

Ghlac CIÉ le Moladh ón gCúirt Oibreachais maidir le moltaí i leith Scéim 1951 mar an t-aon bhonn chun Togra Cistiúcháin athbheithnithe a fhorbairt i leith na Scéime sin. Tá Grúpa Cuideachtaí CIÉ ag tacú go gníomhach leis an bpróiseas rannpháirtíochta trína nglacfar leis na tograí sin.

Straitéis an Rialtais

Tá an Grúpa fós ag obair le páirtithe leasmhara ábhartha chun cabhrú le Straitéis an Rialtais a chur i bhfeidhm i réimsí éagsúla lena n-áirítear an Plean Forbartha Náisiúnta, an Creat Pleanála Náisiúnta 2040 agus an Bille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2020.

Comhdhéanamh an Bhoird

Tá CIÉ agus a fhochuideachtaí tiomanta do bheith ag feidhmiú de réir ardchaighdeán rialachais chorparáidigh mar a léirítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Is comhpháirt lárnach é Bord iomlán a bheith ann i dtaobh an córas srianta agus ceartúchán a sholáthar laistigh den phróiseas rialachais foriomlán. Tá áthas orm gurb amhlaidh, mar gheall ar athcheapadh roinnt comhaltaí den Bhord i rith na bliana, go raibh buíon iomlán ag feidhmiú.

Buíochas

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Ross, an Aire Ryan agus na hoifigigh sa Roinn Iompair as an tacaíocht a thug siad dúinn in 2020, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán airgeadais a bhí le sárú ag an ngrúpa mar gheall ar an bpaindéim. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na hoifigigh san Údarás Náisiúnta Iompair agus in NewERA a raibh teagmháil rialta againn leo. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord agus ar an bhfoireann feidhmiúcháin as a dtiomantas leanúnach agus a rialachas éifeachtach i rith na bliana.

Cé go bhfuil dúshlán ollmhóra le sárú ag an nGrúpa mar gheall ar an bpaindéim, táim ag smaoineamh freisin ar na daoine aonair agus na teaghlaigh ar fud na tíre ar ghoill an ráig ghalair go mór orthu féin agus a muintir. Agus an méid seo á scríobh agam, tá dóchas éigin ann, a bhúí leis an gclár vacsaínithe, go mbeimid ag fillleadh ar an saol a bhfuil taithí againn air. Nuair a thiocfaidh an t-am cuí, tá gach ball foirne ar fud CIÉ ag tnúth le fáilte a chur roimh ár gcustaiméirí arís.



Fiona Ross
Cathaoirleach

Pleananna Uailmhianacha le haghaidh Fáis

Le tionscadail lena n-áirítear DART+ agus Bus Connects, déanfar athrú mór ar an soláthar iompair phoiblí sna blianta amach romhainn. Déanfaidh Grúpa CIÉ a chion féin chun úsáid na seirbhísí iompair phoiblí a chur chun cinn agus féachaint chuige go mbeidh borradh orthu mar chóir iompair.



Ó chlé go deas: Jim Meade, Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann, Eamon Ryan, an tAire Iompair, agus Hugh Creegan, Stiúrthóir um Pleanáil agus Infheistíocht i leith Iompair, an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh



“Is gné dhílis í an inbhuanaitheacht den iompar poiblí ach, mar Ghrúpa, tá sé ina uaillmhian againn a bheith amuigh chun tosaigh sa tír seo maidir le dul i ngleic le saincheisteanna aeráide agus a chinntiú dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara go mbeidh na seirbhísí iompair chomh hinbhuanaithe agus is féidir nuair a bheidh COVID-19 imithe.”

Ag tús na bliana 2020 bhí borradh mór go fóill faoi líon na gcustaiméirí a bhain leas as seirbhísí an Ghrúpa, mar a bhí amhlaidh le blianta beaga anuas. Ba chúis imní é an acmhainn a bhí againn ar fud ár seirbhísí le linn na mbuaicthréimhsí. Tháinig athrú tobann ar an scéal ag deireadh mhí Feabhra de réir mar a thosaigh an phaindéim COVID-19 ag dul i bhfeidhm ar an tír. Beagnach thar oíche, tháinig dúshlán ollmhóra oibríochta chun cinn, dúshlán nach bhféadfaí a thuar. In ainneoin na ndúshlán sin, agus a bhuíochas leis na hiarrachtaí ollmhóra a rinne ár bhfoireann, lean na seirbhísí ag feidhmiú go sábháilte don fhoireann agus do chustaiméirí i rith 2020. Tháinig laghdú chomh mór ar an ioncam go raibh an baol ann nach bhféadfadh an Grúpa leanúint ar aghaidh i mbun gnó. Le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Iompair, bhaineamar amach cobhsaíocht airgeadais i leith an Ghrúpa.

Cé go mbeidh tionchar ag an bpaindéim ar roinnt tionscadail straitéiseacha, níl aon athrú tagtha ar an straitéis fhoriomlán atá againn. Trí fheidhmiú ár seirbhísí iompair poiblí agus trí fhorbairt a dhéanamh ar ár láithreáin ar phrionsabail na Forbartha ina bhfuil Béim ar Chúrsaí Iompair, beidh ról níos tábhachtaí agus níos tábhachtaí againn i dtaobh cur le cuspóirí geilleagreacha, comhshaoil agus sóisialta an Stáit.

Rud lenar bhain tábhacht straitéiseach ar leith domsa le linn 2020 arbh ea seoladh Straitéis Inbhuanaitheachta an Ghrúpa.

Tá sé ina aidhm ag CIÉ a bheith chun tosaigh maidir leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide agus leas a bhaint as méid an Ghrúpa agus as an saineolas atá againn chun dlús a chur leis an obair chun Éire a bheith ina geilleagar ísealcharbóin.

I gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair, táimid ag obair ar phlean uaillmhianach a chur i bhfeidhm chun seirbhísí iompair poiblí a leathnú trí Thionscadal Éireann 2040, Bus Connects agus trí sheirbhísí iarnróid comaitéireachta agus idirchathrach a leathnú. Táimid ag obair chun ár spriocanna aeráide san earnáil poiblí a bhaint amach trí nuálaíocht theicniúil i leith iompar ísealcharbóin agus bainistíocht fuinnimh. Agus uaillmhian nua againn maidir leis an aeráid, tá dlús curtha againn leis an ullmhúchán i gcomhair seirbhísí iompair atá saor ó astaíochtaí. Tá an Grúpa ag obair chun an sprioc aeráide náisiúnta – laghdú foriomlán 51% ar CO2 faoi 2030 – a bhaint amach agus Éire a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Tá sé ina straitéis againn a bheith inár ngnólacht ciorclach, lán-inbhuanaithe, ag obair le comhpháirtithe chun an nuálaíocht a chur chun cinn inár bplean carbóin agus san fháinne oibríochtaí.

Rinneadh dul chun cinn nach beag go luath maidir lenár gcuspóirí inbhuanaitheachta a bhaint amach in 2020. Chomh maith leis an dul chun cinn a rinneadh maidir le DART+ agus orduithe le haghaidh carranna iarnróid breise, tháinig méadú in 2020 ar líon na mbusanna hibrideacha atá ar an mbóthar againn agus cuireadh dlús leis an obair ullmhúcháin chun feithiclí leictreacha a bheith againn a ritheann ar cheallraí amháin. Chuireamar an chéad fheithicil leictreach bhreosla-chille hidrigine (FCEV) ar an mbóthar in Éirinn in 2020 agus táimid ag ullmhú chun trí bhus dhá urlár FCEV a chur ar an mbóthar in 2021, le cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair.



Is cúis bhróid againn é ról Ghrúpa CIÉ le breis is 75 bliain anuas. Mar chuid den mhodúl oidhreachtá dá Straitéis Inbhuanaitheachta, sheol CIÉ rannán staire ar a shuíomh Gréasáin le linn 2020 – <https://www.cie.ie/Who-We-Are/History-of-CIE>

Tá an comhar agus an chomhpháirtíocht ríthábhachtach chun bainistiú a dhéanamh ar an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus tá Grúpa CIÉ ag obair le comhpháirtithe a bhfuil an-mheas againn orthu, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, NewERA, Hydrogen Mobility Ireland agus Institiúid na Cruinne in UCD i measc eile.

Tá rialachas aeráide láidir, cuntasach mar bhonn agus taca againn chun ár straitéis inbhuanaitheachta a chur chun feidhme. In 2020 thug Grúpa CIÉ bearta isteach chun an trédhearcacht a fheabhsú agus chun tagarmharcáil a dhéanamh i gcoinne an tionscail agus an dea-chleachtas trí pháirt a ghlacadh sa Tionscadal um Nochtadh Carbóin. Chomh maith leis in, bhunaíomar grúpa stiúrtha inbhuanaitheachta traschuideachta chun bheith ag obair as lámha a chéile chun straitéis inbhuanaithe a ailíniú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Toisc gur muid an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn, tá sé i gceist againn ról níos tábhachtaí ná riamh a imirt i ndáil le cuidiú leis an Stát freastal ar an riachtanas atá aige maidir le daoine a thabhairt ó áit go háit ar shlí éifeachtach, éifeachtúil agus, thairis sin, cuidiú le baint amach na mórspriocanna atá ag an tír i dtaobh aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, ar an mbrú tráchta, ar cháilíocht an aeir agus ar an bhforbairt gheilleagrach agus shóisialta ar scála níos leithne.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid a dhéanann na comhaltaí Boird. Soláthraíonn siad maoirseacht, rialachas agus treoir ríthábhachtach domsa agus don fhoireann feidhmiúcháin go léir. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí na foirne feidhmiúcháin as an bhfáilte ó chroí a chuir siad romham, as an obair chrua a dhéanann siad agus as a ndíograis i rith na bliana, bliain inar cinnte gur cuireadh ár ndúshlán. Mar fhocal scoir – agus an rud is tábhachtaí ar fad – ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil lenár mbaill foirne go léir as a gcuid oibre le linn 2020.

Lorcan O'Connor
Príomhfheidhmeannach

Athbhreithniú Airgeadais agus Oibríochtaí



“In 2020 tháinig freagra láidir ó Ghrúpa CIÉ, le tacaíocht ón Státchiste, ar an bpaindéim COVID-19. Dhírigh an Grúpa ar sheirbhísí riachtanacha iompair phoiblí a sholáthar ar bhealach sábháilte, iontaofa.”

Baineadh amach cobhsaíocht airgeadais fhoriomlán i rith na bliana ar bhonn bearta dearfacha a chuir an Státchiste i bhfeidhm chun tacú leis an ngeilleagar, bearta a cuireadh chun feidhme i gcomhar leis an Roinn Iompair, a bhfuilimid faoina coimirce, agus lenár gcomhpháirtithe eile, go háirithe an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Tá ceithre thoisic ann is bonn leis an bhfeidhmíocht airgeadais fhoriomlán.

- (i) Cistiú ón Státchiste
- (ii) Ioncam ó Oibríochtaí
- (iii) Costais Oibríocháin
- (iv) Costais maidir le Pinsin a Chistiú


Cistiú ón Státchiste le haghaidh Oibríochtaí

Bhí cúrsaí airgeadais an Ghrúpa fós cobhsaí mar gheall ar mhéid mór na tacaíochta airgeadais breise a fuarthas ón Státchiste tríd an Roinn Iompair, cistiú a dtagann an mhórchuid de tríd an Údarás Náisiúnta Iompair, agus tacaíocht a fuarthas tríd an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá agus an Scéim Fóirdheontais Pá d'Fhostaithe.

Tháinig méadú nach beag ar an gcistiú ón Státchiste le haghaidh oibríochtaí: suim iomlán €638m a bhí i gceist in 2020. Is méadú €309m é sin i gcomparáid le 2019 agus is ionann é agus méadú 94% i leith cistiú d'oibríochtaí. Mar a thaispeántar i bhFíor 1, bhí an cistiú ón Státchiste i leith 2020 níos airde ná in aon cheann de na 10 mbliana roimhe sin.

Fuarthas €62m in 2020 ón dá scéim fóirdheontais pá a thug an Rialtas isteach chun déileáil leis an bpaindéim.

Fíor 1: Cistiú ón Státchiste i leith Oibríochtaí






Ioncam ó Oibríochtaí


Le linn 2020, tháinig laghdú €474m ar an ioncam ó chustaiméirí de bharr laghdú thart ar 50% ar líon foriomlán na n-aistear paisinéirí. Léirítear i bhFíor 2 laghdú thart ar 50% ar an ioncam a thuill Iarnród Éireann agus Bus Átha Cliath. Bhí ráta laghdaithe níos ísle i gceist i gcás Bhus Éireann: b'ionann an tionchar a imríodh ar na gnáthsheirbhísí is a imríodh ar sheirbhísí de chuid Iarnród Éireann agus Bhus Átha Cliath, ach leanadh ar aghaidh le seirbhísí na Scéime Iompair Scoile agus rinneadh leathnú air, rud a d'fhág go raibh maolú ar an éifeacht fhoriomlán. Faoi dheireadh, chuir CIÉ Tours na turais ar ceal ó thús mhí an Mhárta 2020.

Léirítear i bhFíor 3 an chaoi ar éirigh le cúrsaí ioncain i rith na bliana, agus tá roinnt céimeanna éagsúla le sonrú. Ar dtús, roimh COVID-19, d'éirigh go maith linn ó thaobh ioncain i gcomparáid le 2019 agus bhí an t-ioncam agus líon na bpaisinéirí chun tosaigh ar leibhéil na bliana 2019 sa chéad dá mhí den bhliain. Tar éis srianta COVID-19 a bheith tugtha isteach i mí an Mhárta, coinníodh seirbhísí riachtanacha ar bun agus tháinig laghdú mór ar an ioncam ó phaisinéirí sa chéad tréimhse dhianghlasála toisc nach raibh cead ag an bpobal ach aistir riachtanacha a dhéanamh. Nuair a bhí an chéad bhabhta dianghlasála thart, de réir mar a rinneadh na srianta a mhaolú, tháinig méadú ar líon na n-aistear a rinne custaiméirí go dtí thart ar 50% den gnáthleibhéal.


Fíor 2: Ioncam 2020 i gcomparáid le 2019 de réir cuideachta




Fíor 3: Ioncam an Ghrúpa in 2020 i gcomparáid le 2019



Fíor 4: Costais Oibríucháin 2020 i gcomparáid le 2019



Fíor 5: Gluaiseacht sa TRÚCDA/CRÚCDA 2019 go 2020





Costais Oibriúcháin

Tháinig laghdú €83m (6%) ar na costais oibriúcháin fhoriomlána in 2020, ach folaíonn an laghdú sin méadú €21m ar chostais na bpinsean. Is é an laghdú comhchosúil ar chostais oibriúcháin ná €104m. Is é is cúis leis an laghdú sin go príomha ná an laghdú ar chostas díolachán a d'eascair as turais de chuid CIÉ Tours a bheith curtha ar ceal ó lár mhí an Mhárta 2020. Mar a leagtar amach i bhFíor 2 thuas tháinig laghdú ar an ioncam a rinne CIÉ Tours ó €102m in 2019 go dlí díreach os cionn €1m in 2020. Maidir le cúiseanna eile leis an laghdú foriomlán ar chostais, airítear leo an laghdú a tháinig ar líon na n-aistear paisinéirí, rud a d'fhág gur lú an gá a bhí ann busanna breise a fháil ar cíos agus gur lú an baol go ndéanfaí éilimh de bharr timpistí.

Costais maidir le Pinsin a Chistiú

Is éard atá i gceist le costais pinsean an costas a bhaineann le soláthar a dhéanamh don tseirbhís reatha agus an costas úis is inchurtha i leith scéimeanna pinsin le sochar sainithe. Tháinig méadú ar na costais sin ó €80m san iomlán in 2019 go €101m in 2020, rud a léiríonn an costas níos airde a bhaineann le sochair phinsin le sochar sainithe a sholáthar tráth a bhfuil na rátaí úis íseal.

Cailteanas Oibriúcháin don bhliain

Is féidir achoimre a dhéanamh mar seo a leanas ar thionchar na dtosca sin ar fheidhmíocht airgeadais.

Easnamh i leith na Bliana

Thabhaigh an Grúpa glaneasnamh €66.9m in 2020 i gcomparáid le €14.4m in 2019, meath 52.5m. Is iad seo a leanas na príomhthosca ba chúis le heasnamh an Ghrúpa:

- i. Meath €81m ar TRÚCDA
- ii. Laghdú €8m ar an nglanmhuirear dímheasa
- iii. In 2020, bhain CIÉ leas as gnóthachain eisceachtúla a bhain le lacáiste CBL ón mbliain roimhe sin, ach in 2019 thabhaigh an Grúpa costas eisceachtúil a bhain le haisíocaíocht fóirdheontais.

Forbairtí Airgeadais Suntasacha Eile

Saoráidí Baincéireachta

Bainistíonn an Grúpa a chuid riachtanas cisteáin trí shaoráidí baincéireachta tiomanta.

I mí Eanáir 2018, d'éirigh leis an nGrúpa athmhaoiniú a dhéanamh ar a chuid saoráidí baincéireachta. Áirítear leis an tsaoráid sin saoráid tiomanta creidmheasa imrothlaigh €80 milliún nár tarraingíodh anuas i rith na bliana. Tréimhse thosaigh cúig bliana atá i gceist le téarma na saoráide, agus dhá dheis ann síneadh bliana a chur léi, is infheidhmithe le toiliú an dá pháirtí ag deireadh na chéad bhliana agus an dara bliain den tsaoráid. Le linn mhí Eanáir 2020 bhain CIÉ leas as an dara síneadh bliana a bhí ar fáil, lenar cuireadh síneadh ama leis na saoráidí sin go dtí Eanáir 2025.

Ar feadh 2020 bhí an Grúpa ag feidhmiú le glanfhiachais nialais agus i staid dhearfach maidir le hairgead glan.

Le linn 2020 d'aontaigh CIÉ tarscaoileadh maidir leis an gcúnant cumhdaigh úis atá cuimsithe ina chomhaontú saoráide bainc i leith 2020 agus 2021 araon.

Cistiú ón Státhiste don Chlár Caipitil


Fáiltíonn CIÉ roimh an méadú ar an gCistiú ón Státhiste don Chlár Caipitil, ar cuireadh €34m leis i rith na bliana ionas gur €228m atá i gceist anois. Úsáidtear an cistiú sin chun infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní an ghréasáin iompair phoiblí (bonneagar agus flít feithiclí) agus iad a chothabháil.

Pinsin

Is é glaneasnamh an chiste pinsean ag deireadh na bliana ná €975m, sin méadú €199m le linn 2020. An méadú ar an nglandliteanas, d'eascair sé go príomha as laghdú ar na fáлтаis, rud a chuireann leis an gcostas a bhaineann le cistiú a dhéanamh ar oibleagáidí reatha na bpinsin sa todhcháil.

Feidhmíonn an Grúpa dhá scéim pinsean le sochar sainithe: Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951 agus Scéim Pá Rialta CIÉ. Tá siadsan á gcistiú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus ó na fostaithe. Tá na sochair scoir atá á soláthar faoi na scéimeanna sin á gcistiú ag sócmhainní nach beag atá infheistithe i gcistí arna riar ag iontaobhaithe.

Fíor 6: Cistiú Caipitil 2010 go 2020



Glactar leis sa chostas bliantúil a bhaineann le sochair scoir a sholáthar go bhfuil na torthaí sa todhchaí ó shócmhainní agus dliteanais an chiste pinsean ailínithe ar bhonn rátaí úis fadtéarmacha. Riosca nach beag is ea é go mbímid faoi lé na luaineachta sna rátaí úis fadtéarmacha, agus tá an Grúpa ag féachaint leis an riosca sin a mhaolú.

In 2013, chuir an dá Scéim Pleananna Cistithe athbhreithnithe faoi bhráid an Údaráis Pinsean. Bhí sé ina aidhm leis sin na Scéimeanna a bheith sócmhainneach arís faoi 2023. Tá an dá Scéim ag diall óna bPleananna Cistithe faoi láthair, agus mar sin is gá Pleananna Cistithe athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Údaráis Pinsean.

Cé gur ar iontaobhaithe na Scéime Pá Rialta agus ar Choiste Scéim 1951 atá an oibleagáid tograí athbhreithnithe cistithe a chur isteach, sa ról atá ag CIÉ mar urraitheoir na Scéimeanna tá sé tiomanta do thacaíocht a thabhairt do na hiontaobhaithe agus don Choiste i dtaobh tograí inmharthana a ullmhú a chomhlíonfaidh ceanglais an Achta Pinsean.

I mí na Nollag 2019, d'éascaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre do phróiseas caibidlíochta faoinar aithníodh sraith tograí a d'fhéadfadh a bheith ina mbunús le Tograí Cistithe athbhreithnithe dá gcuirfí i bhfeidhm iad. Ghlac ballraíocht na Scéime Pá Rialta leis na tograí sin agus tá an próiseas chun an togra seo a chur chun feidhme, ar gá leasú a dhéanamh ar Ionstraimí Reachtúla ina leith, ag dul ar aghaidh.

Ghlac CIÉ le Moladh ón gCúirt Oibreachais maidir le moltaí i leith Scéim 1951 mar an t-aon bhonn chun Togra Cistiúcháin athbhreithnithe a fhorbairt i leith na Scéime sin. Tá Grúpa Cuideachtaí CIÉ ag tacú go gníomhach leis an bpróiseas rannpháirtíochta trína nglacfar leis na tograí sin.

Forbairtí Oibríochtúla Suntasacha Eile

Trína chuid fochuideachtaí, Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann, soláthraíonn Grúpa CIÉ raon cuimsitheach seirbhísí iompair phoiblí ar fud na tíre. Soláthraíonn CIÉ, cuideachta sealbhaíochta an Ghrúpa, saintacaíochtaí gairmiúla do na fochuideachtaí, agus ar deireadh, feidhmíonn CIÉ Tours gnó turasoíreachta nach beag cé nach amhlaidh atá faoi láthair.

Freagairt ar COVID-19

Le linn na géarchéime seo, ghlac ár gcomhghleacaithe in Iarnród Éireann, laistigh de Ghrúpa CIÉ, an príomhról i dtaobh comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt ar roinnt dúshlán a bhaineann le COVID-19 thar ceann na gcuideachtaí go léir in Éirinn atá faoi chonradh OSP.

Áiríodh leis sin soláthar trealamh chosanta phearsanta a bhainistiú agus a sheachadadh thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair, do gach oibreoir iompair phoiblí.

Forbraíodh pleananna chun freagairt do COVID-19 ar fud Ghrúpa CIÉ de réir threoir an Rialtais. Sna Pleananna Freagartha sin, sonraítear na beartais, na cleachtais agus an fhaisnéis atá riachtanach chun go gcomhlíonfaidh an gnólacht Prótacal an Rialtais um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte agus chun leathadh COVID-19 san ionad oibre a chosc. Cuirtear na pleananna sin i bhfeidhm go leanúnach trínár bhfoirne tiomnaithe um fhreagairt do COVID-19, foirne a sholáthraíonn tacaíocht leanúnach dár gcomhghleacaithe go léir chun comhlíonadh an phrótacail a chinntiú agus chun an baol d'fhostaithe agus do dhaoine eile a íoslaghdú.

Mar chuid den fhreagairt uainn ar an bpaindéim tugadh faoi fheachtais rannpháirtíochta inmheánacha chun fostaithe a chur ar an eolas, oideachas a chur orthu agus tacú leo i ndáil leis na hathruithe sa timpeallacht oibre atá riachtanach chun tacú le fostaithe agus chun leathadh COVID-19 san ionad oibre a chosc ar fud na láithreacha go léir. I measc na mbeart sonracha a glacadh tá:

Oifigigh um Chomhlíonadh COVID-19 a ainmniú chun treoir a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm na mbeart cosc agus cosanta i ngach láthair.

- Glantachán breise a sholáthar in oifigí, sna ceardlanna agus ar an bhflít feithiclí.
- Trealamh cosanta pearsanta a sholáthar.
- Beartas 'Obair sa Bhaile' a chur i bhfeidhm d'fhostaithe deascbhunaithe nuair is féidir le tacaíocht ó acmhainní agus ó mheasúnuithe maidir le hobair ón mbaile.
- Comharthaí ard-infheictheachta agus ábhair fógraíochta eile a úsáid lena spreagadh go mbainfear úsáid shábháilte as na seirbhísí iompair phoiblí.

Beidh Grúpa CIÉ fós á stiúradh ag an Rialtas, FSS, an Roinn Sláinte agus gníomhaireachtaí ábhartha rialtais eile ó thaobh cinntí a threorú. Cloítear le gach treoir sláinte poiblí a eisiúint an Rialtas agus an Roinn Sláinte.

Bus Átha Cliath

Is é Bus Átha Cliath an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn, agus tá fórsa saothair díograiseach éagsúil aige ina bhfuil breis is 3,500 duine. I rith na bliana, in ainneoin roinnt dúshlán, tharla roinnt forbairtí suntasacha ar fiú iad a lua, mar seo a leanas:

- 69.4m aistear custaiméirí
- Easnamh airgeadais €9.9m (2019: barrachas €2.5m) le Glansócmhainní €38.8m (2019: €48.6m)
- Leathnú seirbhíse lena n-áirítear 824 aistear breise in aghaidh na seachtaine arna maoiniú trí phlean spreagtha an Rialtais, Iúil 2020
- An tríú seirbhís 24 uair an chloig tugtha isteach ar an mbealach traschathrach idir Ongar agus UCD (bealach 39A), ag tógáil ar na seirbhísí 24 uair an chloig idir Lár na Cathrach agus Sord (Bealach 41) agus idir Bhóthar Bhaile Uí Chuilinn agus Cluain Ghrífin (Bealach 15)
- Tacaíocht leanúnach don Údarás Náisiúnta Iompair maidir le gréasán nua bus a fhorbairt do Bhaile Átha Cliath faoin tionscadal Bus Connects
- Seirbhísí bus a oiriúnú chun teacht leis an bPlean um Maireachtáil le COVID-19 ionas gur féidir scaradh sóisialta a dhéanamh mar is cuí
- Garáiste na Cloiche Leithne a athchóiriú chun cur leis an acmhainn chothabhála ann agus chun bonneagar nua a sholáthar chun busanna leictreacha a luchtú
- Tugadh chun críche in 2020 triail a baineadh as busanna hibrideacha
- Cuireadh feabhas ar an eispéireas aistir do chustaiméirí a bhfuil lagú gluaisteachta orthu. Tá an flít feithiclí lán-inrochtana agus tá spás amháin do chathaoir rothaí ar gach bus agus spás do chathaoireacha rothaí agus do bhugaí ar 64% de na busanna. Tá faisnéis chlosamhairc faoi na stadanna ar fáil ar gach bus
- Tiomantas leanúnach do thionchar sóisialta dearfach tríd an Tionscnamh Spioraid Pobail.



Mí Feasachta na hÉagsúlachta Domhanda á ceiliúradh ag Bus Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair. Is iad seo a leanas na fostaithe:

Sandra McDermott, Cígire, Rialú Lárnach,
 Sydney Mthi, Cígire, Rialú Lárnach,
 Lilly Doyle, Innealtóireacht, Iosta Bhaile Phib,
 Tina Ahern, Tiománaí, Iosta Bhaile Phib.

Bus Éireann

Is é Bus Éireann cuideachta bus náisiúnta na hÉireann a sholáthraíonn seirbhísí iompair phoiblí idir bailte agus cathracha agus iontu ar fud na tíre. Sna cúinsí an-dúshlánach a tháinig aniar aduaidh orainn mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, bhí ról náisiúnta ríthábhachtach ag Bus Éireann maidir le seirbhísí sábháilte a sholáthar nuair a bhí géarghá leo, lena n-áirítear aistír riachtanacha le haghaidh oibríthe cúraim sláinte agus oibríthe riachtanacha eile, agus leanáí a iompar go sábháilte chuig an scoil agus abhaile.

Ba iad buaicpointí oibríochta suntasacha 2020:

- 51m aistear custaiméirí ar sheirbhísí bus sceidealta
- 28.7m aistear bus scoile – bíonn níos mó ná 114,000 leanbh ag brath ar ár seirbhísí gach lá
- Easnamh airgeadais €9.3m (2019: barrachas €2.3m) le Glansócmhainní €6.8m (2019 €16.0m)
- Tugadh seirbhísí nua isteach chuig Corcaigh, Droichead Átha, Dún Dealgan, Luimneach, an Uaimh, Cathair Chorcaí, Tiobraid Árann, an Clár, Lú, Maigh Eo agus Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, a ndearnadh cistiú orthu faoi phlean spreagtha an Rialtais, Iúil 2020
- Chuathas i ngleic leis na dúshlán atá roimh ár seirbhísí Expressway trí tharraingt amach as bealaí a ndéantar cailteanas airgid ina leith chun féachaint chuige go mbeidh téarnamh inbhuanaithe i gceist agus go mbeidh ar ár gcumas leanúint ar aghaidh leis na seirbhísí atá fágtha. Tá an comhdhlúthú sin ar siúl faoi láthair, agus is iad na bealaí a bhfuil tionchar ag an mbeart orthu ná an X1 (Baile Átha Cliath / Béal Feirste – ar fionraí), X12 (Baile Átha Cliath / Luimneach – deireadh curtha leis), X8 (Baile Átha Cliath / Corcaigh – deireadh le cur leis in 2021) agus 20X20 (Baile Átha Cliath / Gaillimh – deireadh le cur leis in 2021)
- Conradh gearrthéarmach Dírdhámhachtana um Oibreoirí Bus Tráchtála déanta leis an Údarás Náisiúnta Iompair i leith ár seirbhísí Expressway
- Bainistiú á dhéanamh ar an dúshlán a bhaineann le féachaint chuige go bhfuil an Scéim Iompair Scoile á rith go sábháilte. Áirítear leis sin beagnach 1,700 seirbhís bhreise bus ar conradh a fháil don bhliain acadúil 2020/21 ionas go bhféadfaí scaradh sóisialta cuí a dhéanamh
- Cuireadh tús le hinfheistíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair chun athnuachan a dhéanamh ar an bhflít feithiclí, i gcomhair busanna hibrideacha díosail, leictreacha agus bhreosla-chille hidrigine, le horduithe a cuireadh isteach in 2020 agus beidh na busanna sin ar an mbóthar in 2021
- Cuireadh orduithe isteach le haghaidh 30 feithicil Expressway nua ina bhfuil innill díosail Euro VI trínar féidir na hastaíochtaí carbóin a laghdú suas le 90%, agus gheobhaidh Bus Éireann iadsan in 2021





Iarnród Éireann

Is é Iarnród Éireann iarnród náisiúnta na hÉireann, a dhéanann gréasán iarnróid na tíre a fhorbairt agus a fheidhmiú.

I measc bhuaicphointí oibríochta Iarnród Éireann don bhliain 2020 tá siad seo a leanas:

- 17.9m aistear paisinéirí
- Barrachas airgeadais roimh chánachas €2.5m (2019: barrachas €4.2m) le Glansócmhainní €44.0m (2019: €41.5m)
- Thug sé chun críche Straitéis 2027, atá bunaithe ar thrí mhórhionscadal agus mhórhosaíocht
 - DART+
 - Leathnú ar an bhflít feithicil
 - Forbairt a dhéanamh ar ról an iarnróid i gcathracha réigiúnacha na tíre, agus é beartaithe borradh a bheith faoi Chorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge faoi Thionscadal Éireann 2040
- Infheistíocht leanúnach sa bhonneagar agus feabhas leanúnach air chun tacú leis an mborradh a bheidh ar ghréasán iarnróid inbhuanaithe, lena gcuimsítear na príomhthionscadail seo a leanas:
 - An Clár DART+ a seoladh i mí Lúnasa 2020, faoina leathnófar gréasán iarnróid leictreithe san Iarthar (DART+ an Iarthair) agus feadh an chósta thoir (DART an Chósta). Cuireadh tús leis an obair phleanála ar an dá chéim le linn 2020. Faoi DART+ beidh dhá oiread an méid paisinéirí is atá anois in ann leas a bhaint as seirbhísí ghréasán Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath, agus beidh trí oiread an méid seirbhísí ar fáil a rithfidh faoi chumhacht leictreach
 - Tairiscintí Nua i leith an Fhlít: Bhí 41 carráiste nua ICR á dtógáil i rith 2020. Tiocfaidh na chéad charráistí go hÉirinn i Ráithe 1, 2022. Cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana i leith suas le 600 feithicil leictreach nua in 2020 agus táthar ag súil go gcuirfear an t-ordú isteach in 2021
 - Ionad Náisiúnta Rialaithe Traenacha: Tosaíodh ag tógáil an Ionaid Náisiúnta Rialaithe Traenacha i mí an Mheithimh 2020. Tá ag éirí go maith leis an obair agus táthar ag súil go mbeidh na hoibreacha ar an bhforstruchtúr críochnaithe a bheag nó a mhór in 2021, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann tabhairt faoin bhfeistiú
 - Stáisiún Bhaile Pheiléid: Cuireadh tús leis an obair i mí Feabhra 2020, agus osclófar an stáisiún nua sa dara leath de 2021 chun freastal ar phobal Ashington agus ar an bpobal nua i bPáirc na Canálach Ríoga. Nuair a bheidh DART+ an Iarthair tugtha chun críche, beidh an DART ag freastal ar an stáisiún sin
 - Athfhorbairt ar Stáisiún Cheannt: Cuireadh tús le dearadh mionsonraithe ar athfhorbairt Stáisiún Cheannt i nGaillimh le linn 2020. Faoi thionscadal sin, cuirfear feabhas ar eispéireas na bpaisinéirí sa stáisiún agus comhtháthófar an stáisiún leis an bhforbraíocht nua atá beartaithe ó dheas, feabhsófar an comhtháthú idir bus agus iarnród, agus éascófar do mhéadú acmhainne amach anseo
- Feabhas ar chúrsaí poncúlachta de réir cheanglais an Chonartha Dírdámhachtana nua
- Glacadh go foirmiúil Straitéis Inbhuanaitheachta Iarnród Éireann, straitéis atá bunaithe ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch, folláine shóisialta, agus an comhshaol a chosaint, a athshlánú agus a fheabhsú do na glúine atá le teacht

- Glacadh straitéis slándála, lena gcuimsítear tacaíocht réamhghníomhach ó chonraitheoir slándála na cuideachta agus an Garda Síochána, chun dul i ngleic leis an iompraíocht fhrithshóisialta atá ag dul in olcas.
- Ag obair dó i gcomhar leis na príomhghníomhaireachtaí stáit go léir, chuir Europort Ros Láir pleananna ullmhúcháin iomlána i gcomhair an Bhreitheachta chun feidhme ag an gcalafort
- Chuir Europort Ros Láir seirbhísí nua ar fáil le Brittany Ferries go Bilbao agus Cherbourg in 2020 agus comhaontaíodh tuilleadh seirbhísí díreacha nua in 2020 a bheidh ar fáil in 2021. Is é Europort Ros Láir an calafort is tábhachtaí in Éirinn anois i dtaobh seirbhísí díreacha RÓRó chun na hEorpa
- Tugadh chun críche Staidéar Féidearthachta ar Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta chun tacú le spriocanna náisiúnta na hÉireann i dtaobh na haeráide trí mhol allmhairithe fuinnimh in-athnuaite a chur ar bun ag an gcalafort
- Europort Ros Láir: Tá Iarnród Éireann tiomanta d'infheistíocht nach beag a dhéanamh chun an calafort seo a fhorbairt sna 10 mbliana atá romhainn. Tá deiseanna aitheanta ag Iarnród Éireann don chalafoirt maidir le húsáid níos fearr a bhaint as an acmhainn atá ar fáil, cur lena éifeachtúlacht agus díriú ar earnálacha sonracha, agus na buntáistí a bhaineann le rochtain gan phlódú ar mhargaí na hEorpa agus na Ríochta Aontaithe araon á gcur chun cinn an tráth céanna. Cuireadh tús leis an obair ar Mháistirphlean nua an Chalafoirt amach sa bhliain 2020 agus tabharfar chun críche é sna cúig bliana amach romhainn trí cheithre chéim oibre. Chomh maith leis sin, tugadh chun críche Staidéar Féidearthachta ar Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta chun tacú le spriocanna náisiúnta na hÉireann i dtaobh na haeráide trí mhol allmhairithe fuinnimh in-athnuaite a chur ar bun ag an gcalafort.





Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ

Tá CIÉ, máthairchuideachta an Ghrúpa, freagrach as rialachas foriomlán an Ghrúpa de réir an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú agus de réir ionchais ár scairshealbhóra, an tAire Iompair, as bainistiú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht airgeadais an Ghrúpa agus a phunann réadmhaoine agus, ar deireadh, as raon sainseirbhísí tacaíochta gairmiúla a sholáthar don Ghrúpa. I measc na seirbhísí sin tá siad seo a leanas:

- réadmhaoine an Ghrúpa a bhainistiú chun sruth ioncaim coimhdeach a sholáthar a chuidíonn leis na seirbhísí iompair phoiblí a chistiú
- bonneagar teicneolaíochta faisnéise agus seirbhísí feidhmchláir a sholáthar
- seirbhísí bainistíochta riosca
- sainseirbhísí dlí
- bainistíocht cisteáin
- riar na scéimeanna pinsean.

Baineadh amach na mór-éachtaí oibríochta seo a leanas in 2020:

- Faomhadh straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ
- Cuireadh comhaontuithe forbartha chun cinn ag Stáisiún Uí Chonghaile, Stáisiún Cheannt agus Stáisiún an Cheanntaigh
- Cuireadh chun cinn an obair ar Mháistirphlean Stáisiún Heuston agus é i gceist é a sheoladh ag deireadh 2021
- Tacaíodh lenár dtionóntaí miondíola i mbliain inar cuireadh a ndúshlán

- Chuathas i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Phort Láirge ar athfhorbairt faoina ndéanfar saoráidí traenach agus bus a athlonnú sa chaoi is go mbeidh siad níos comhtháite sa chathair
- Díriodh go leanúnach ar shlándáil faisnéise agus ar an obair chun an leochaileacht i leith cibearbhagairtí a íoslaghdú
- Rinneadh bainistiú ar aistriú tapa i dtreo na cianoibre do bhaill foirne deisce ar fud an Ghrúpa
- Bronnadh “rátáil B” orainn agus moladh an dul chun cinn forluiteach a bhí bainte amach againn sa chéad mheasúnú a rinneadh orainn faoin Tionscadal um Nochtadh Carbóin
- Déantar cúrsaí árachais an Ghrúpa a eagrú gan páipéar ar bith anois
- Bhí luach iomlán níos mó ná €400m ag Conarthaí Dlí a forghníomhaíodh in 2020
- Tugadh chun críche measúnú riosca ar fud an Ghrúpa ar éifeacht na Paidéime COVID-19 ar phríomhphróisis gnó

CIÉ Tours

Is é CIÉ Tours an tionscnóir is mó maidir le turais isteach go hÉirinn. Mar fhreagairt ar an bpaindéim chuir CIÉ Tours a chuid turas ar ceal ó lár mhí an Mhárta 2020 ar aghaidh agus rinne sé socrú go dtabharfaí abhaile na custaiméirí go léir a bhí ar saoire le CIÉ Tours ag an am sin.

Tá an t-éileamh ar thaisteal amach anseo fós láidir sna Stáit Aontaithe, arb é príomh-mhargadh CIÉ Tours é. Tá an gnólacht ag obair lena bhonn custaiméirí chun áirithintí a chur siar go dtí dátaí amach anseo nuair a bheidh an taisteal sábháilte arís.

Cód Cleachtais

Is é beartas an Ghrúpa é cloí go hiomlán le Cód Cleachtais na bliana 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, cé is moite d'aon eisceachtaí arna n-aontú leis an Roinn Iompair. Baineann na heisceachtaí ábhartha le hÍogaireacht i ndáil le feidhmiú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i leith fostaithe nó le hÍogaireacht tráchtála, agus leis an tairseach maidir le tuairisciú a bhaineann le soláthar.

Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn an Grúpa an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 a chinntiú i ngach gné ábhartha. Bhí sé ina bheartas ar fud an Ghrúpa in 2020 cloí le ceanglais na rialachán sin.

Costais Chomhairleoireachta

Ceannaíonn an Grúpa seirbhísí comhairleoireachta i ndáil le caipiteal intleachtúil a chabhraíonn leis an gcinnteoireacht éifeachtach laistigh den eagraíocht i réimsí casta sa chás nach furasta na scileanna a aimsiú laistigh den eagraíocht féin. Seo thíos achoimre ar na réimsí caiteachais comhairleoireachta a thabhaigh an Grúpa in 2020.

Costais Chomhairleoireachta	€'000
Dlí	459
Comhairle faoi Chúrsaí Cánach agus Airgeadais	612
Caidreamh Poiblí / Margaíocht	156
Pinsin agus Acmhainní Daonna	1,599
Cothabháil agus Athnuachan	1,270
Straitéis agus Dearadh na hEagraíochta	715
Oibriúchán agus Eile	1,044
	5,855
Costais Chaipitlithe	(904)
	4,951

Beartas Soláthair

Tá Beartas Soláthair i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go gcomhlíonfar Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar Poiblí agus Fóntais, mar aon le beartais an Bhoird agus an Rialtais. I gcás ionann is na soláthairtí uile a bhí os cionn na tairsí cáilíochta, cuireadh faoi réir tairiscint oscailte iad agus cuireadh fógra fúthu in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nuair ba chúis sin. Comhlíonann Grúpa CIÉ an Cód Caiteachais Phoiblí a tháinig i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2013.


Cúrsaí Fostaíochta sa Ghrúpa

Bhí 10,598 duine ar an meán fostaithe ag an nGrúpa in 2020, sin 203 duine sa bhreis ar líon na bliana 2019.

Rannpháirtíocht na mBall Foirne


Is iad ár mbaill foirne an ghné is riachtanaí chun seirbhís iompair phoiblí a sholáthar atá iontaofa, sábháilte agus éifeachtúil. Thug ár gcomhghleacaithe faoi na dúshlán bhreise iomadúla a bhaineann leis an obair i rith na paidéime COVID-19. Is é beartas an Ghrúpa é an leas is fearr is féidir a bhaint as an tsócmhainn sin trí chultúr rannpháirtíochta agus oibre foirne. Spreagtar na fostaithe go léir chun páirt a ghlacadh i reáchtáil an Ghrúpa trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, i meithleacha oibre agus i dtionscnaimh atá dírithe ar chustaiméirí. In 2020, bhí ceathrar Comhaltaí Oibríthe ar Bhord CIÉ.

Fíor 7: An Meánlón Oibrithe i nGrúpa CIÉ



Bhí 10,598 duine ar an meán fostaithe ag an nGrúpa in 2020, sin 203 duine sa bhreis ar líon na bliana 2019.

Fíor 8: km in aghaidh an Fhostaí ('000km)



Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá an Grúpa tiomanta do thimpeallacht a chothú ina gcaitear le fostaithe agus custaiméirí le dínit agus le meas agus ina dtéitear in oiriúint do dhifríochtaí agus a gcuirtear fáilte rompu. Ina theannta sin, tá sé ina aidhm againn timpeallacht a chothú inar féidir le cách lán a n-acmhainneachta a bhaint amach, agus ina mbíonn meas ar réimse leathan cumas, buanna agus dearchtaí aonair agus a dtacaítear leo.

Trína chuid oifigeach comhionannais, bíonn focuideachtaí oibríochá an Ghrúpa seasta ag cur feabhas ar an gcomhionannas san ionad oibre i gcás gach grúpa. Déantar athbhreithniú rialta ar an raon tionscnamh Cothromaíochta Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le heagraíochtaí seachtracha éagsúla chun forbairt a dhéanamh ar a chuid cleachtas agus gnáthamh, trí bheith ina bhall den Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht sa Láthair Oibre in IBEC, mar shampla.

Ronan Gill
An Príomhoifigeach Airgeadais agus Oibriúcháin



Buailcphointí

Ráiteas an Chathaírligh

Athbhreithniú

Ráitis Airgeadais



Inbhuanaitheacht

Tá ár Straitéis Inbhuanaitheachta dírithe ar chuspóirí agus déantar comhtháthú léi ar spriocanna geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil chun cur chuige iomlánaíoch a chinntiú ar fud an Ghrúpa.



Buaicphointí

Ráiteas an Chathaairligh

Athbhreithniú

Ráitis Airgeadais

Inbhuanaitheacht

Tá Straitéis Inbhuanaitheachta CIÉ bunaithe ar na 17 Sprioc um Fhorbairt Inbhuanaithe (SFI) de chuid na Náisiún Aontaithe, a d'aontaigh siad in 2015, lena leagtar amach bealach do rialtais, eagraíochtaí agus saoránaigh chun saol inbhuanaithe a bhaint amach. Mar thacaíocht do bheartas an Rialtais, ghlac Grúpa CIÉ spriocanna na Náisiún Aontaithe agus d'fhorbair an Grúpa a straitéis féin, atá bunaithe ar thrí cholún inbhuanaitheachta. Fágann raon feidhme na SFIanna agus an gaol atá idir iad féin agus Comhaontú Aeráide Pháras go bhfuil creat againn lena chur i bhfeidhm maidir lenár straitéis, ár n-oibríochtaí, ár bhfostaithe agus an gréasán. I Straitéis Inbhuanaitheachta CIÉ, atá formheasta ag an mBord, leagtar amach plan uailmhianach chun cuidiú na SFIanna a bhaint amach trí na hoibríochtaí a ailíniú leo.

Na Trí Cholún Inbhuanaitheachta atá ag Grúpa CIÉ

Colún a hAon: Cúrsaí Geilleagracha

Sprioc: Seirbhís iompair ar ardchaighdeán a sholchun gníomhaíocht gheilleagrach a spreagadh, du ngleic le plódú agus pobail, gnóthais agus eagraí nascadh.

Colún a Dó: Cúrsaí Sóisialta

Sprioc: Sochaí éagsúil uilechuimsitheach a chothl é á chinntiú go mbeidh deiseanna le tapú ag gach

Colún a Trí: Cúrsaí Comhshaoil

Sprioc: In éineacht le comhpháirtithe, an t-aistriú gréasán iompair ar astaíochtaí ísle a stiúradh, agu: féachaint chuige go gcosnófar an caipiteal nádúrth an bonneagar a bhfuil an baol ann go gcuirfidh an aeráide isteach orthu.



An Cur Chuige Cuspóir-Bhunaithe atá ag Grúpa CIÉ

Tacú le forbairt gheilleagrach inbhuanaithe agus le comhtháthú sóisialta in Éirinn.

Tá dlús á chur le hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide dhomhanda agus tá rialtais, lucht tionsclaíochta agus an earnáil airgeadais á n-ullmhú féin chun athrú geilleagrach, comhshaoil agus sóisialta a bhaint amach. Is díol suntais é luas an athraithe agus ní mór coinneáil suas le forbairt sa mhargadh chun deiseanna a thapú agus a bheith iomaíoch. Tá Grúpa CIÉ nochtta do na rioscaí fisiciúla, teicniúla agus idirthréimhseacha ón athrú aeráide agus tá ról ríthábhachtach againn maidir leis an ngeilleagar a aistriú go dtí ceann ísealcharbóin.


Agus sainordú agus cuspóir CIÉ á gcomhlíonadh againn, tá an inbhuanaitheacht comhtháite inár straitéis Ghrúpa. Tá sé ina uaimhian againn a bheith inár gceannródaí i leith ghníomhaíocht aeráide na hÉireann trí bhorradh a chur faoi sheirbhísí iompair phoiblí ar ardchaighdeán, trí mhoil iompair uirbeacha beoga a chruthú a bhfuil rochtain éasca orthu agus trí aistriú go seirbhísí iompair ísealcharbóin.

Baineadh amach garspriocanna inbhuanaitheachta in 2020, go háirithe maidir le huaimhian i bhfad níos mó a shainiú don Ghrúpa agus don earnáil, ach freisin trí bheith ag obair le comhpháirtithe tionscail, chun réitigh a sholáthar i ndáil leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide. Tá dul chun cinn déanta againn maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht charbóin agus cosaint an chomhshaoil. Is é an rud is tábhachtaí ar fad ná an cion a dhéanaimid chun cuidiú le rath geilleagrach agus sóisialta na hÉireann. Is é ár gcuspóir é leas a bhaint as an straitéis atá againn maidir le forbairt ina bhfuil béim ar chúrsaí iompair, chun cathracha dlútha a chothú, cathracha atá ceangailte le chéile agus a bhfuil rath orthu, agus muid ag obair leis na pobail a ndéanaimid freastal orthu chun luach sóisialta agus luach geilleagrach a chothú.

Faoi Chomhaontú Glas an Aontais Eorpaigh, leagtar amach sprioc maidir le bheith saor ó astaíochtaí carbóin ar an nglanleibhéal faoi 2050, rud a dhéanfar trí sprioc de laghdú 55% ar an CO₂ a bhaint amach faoi 2030, rud atá i bhfad níos uaimhianáí ná an sprioc 40% a bhí ann roimhe sin. Sa Chlár nua Rialtais, atá á chur i bhfeidhm tríd an gceat a leagtar amach sa Bhille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú,) 2020 a glacadh i Márta 2021, creat atá ceangailteach ó thaobh an dlí de, leagtar amach cosán sa chaoi is go mbeidh Éire neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050, rud a dhéanfar trí laghdú 7% a bhaint amach i leith astaíochtaí i CO₂ gach uile bhliain agus laghdú carnach 51% san earnáil faoi 2030.

Teastóidh infheistíocht mhór sa teicneolaíocht ísealcharbóin agus athrú ó bhonn ar oibríochtaí chun na hastaíochtaí carbóin a laghdú tuilleadh ionas gur féidir an sprioc a bhaint amach maidir le bheith saor ó astaíochtaí carbóin ar an nglanleibhéal. An gealltanas atá á dhéanamh ag Grúpa CIÉ, ní hé amháin go gcuimsítear leis astaíochtaí an Ghrúpa féin a laghdú, ach tá sé i gceist againn freisin astaíochtaí na hearnála a laghdú, trí chur le seirbhísí iompair phoiblí agus trí bhonneagar a thógáil lena gcruthaítear roghanna iompair inbhuanaithe agus lena dtacaítear leis an bhfás geilleagrach.

In ainneoin drochthionchar a bheith ag COVID-19 ar sheirbhísí agus ar líon na bpaisinéirí, tá an uaimhian cheannann chéanna ag Grúpa CIÉ is a bhí roimh an phaindeim agus leanamar orainn ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm plean uaimhianach chun dul i ngleic leis na dúshláin atá le sárú ag an tír seo. Aithníodh ár dtiomantas agus an dul chun cinn atá déanta againn i leagan na bliana 2020 den innéacs creidiúnaithe dhomhanda, an tInnéacs um Nochtadh Carbóin, áit a ndearnadh an Grúpa a thagarmharcáil i gcoinne corparáidí idirnáisiúnta agus piaraí sa tionscal iompair agus ar bhain sé rátáil 'B' amach mar iarratasóir céaduaire.



Straitéis inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ 2020

Eachtaí a baineadh amach faoi Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ



Gníomhaíocht ar son na hAeráide

- Chuireamar straitéis an Ghrúpa i leith na hinbhuanaitheachta ar fáil in 2020.
- Bhronn an Tionscadal um Nochtadh Carbóin rátáil 'B' orainn maidir le bainistíocht agus feidhmíocht an nochtadh carbóin.
- Táimid chun páirt a ghlacadh sa Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a Bhaineann leis an Aeráid in 2021.
- Le páirtithe leasmhara de chuid Hydrogen Mobility Ireland (HMI), bhíomar ag obair chun fis a bhaint amach maidir leis an hidrigin a úsáid mar rogha atá saor ó astaíochtaí do sheirbhísí iompair.
- Chuireamar tús leis an gClár DART+ faoina mbeidh dhá oiread an méid paisinéirí is atá anois in ann leas a bhaint as seirbhísí ghréasán Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus faoina mbeidh trí oiread an méid seirbhísí ar fáil a rithfidh faoi chumhacht leictreach.
- Rinneamar forbairt ar ról an iarnróid i gcathracha réigiúnacha na tíre, agus é beartaíthe borradh a bheith faoi Chorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge faoi Thionscadal Éireann 2040.
- Cuireadh tús leis an aistriú chuig flít busanna atá saor ó astaíochtaí i mBus Éireann agus i mBus Átha Cliath.
- Tosaíodh ar an bpleanáil chun an chéad fhliú busanna lán-leictreacha a chur ar an mbóthar i mBaile Átha Luain in 2022.
- Baineadh triail as an gcéad bhus breosla-chille hidrigin in Éirinn in 2020.
- Cuirfear ar an mbóthar in 2021 trí bhus breosla-chille hidrigin, le cistiú ón Udarás Náisiúnta Iompair.
- Táimid ag obair le Mol an Daingin chun tacú le mol iompair atá saor ó astaíochtaí ar Leithinis an Daingin.
- Ag obair le SEAI chun tionscnamh éicea-tiomána a chur i bhfeidhm i mBus Éireann, faoina bhfaighfear léargas ar iompraíocht.



An Bhithéagsúlacht

- Táimid chun 10 heicteár a chur faoi choillearnach dhúchasach ar thalamh de chuid Ghrúpa CIÉ faoi 2021.
- Tá an Plean Uile-Éireann um Painleoirí le leathnú ar fud ghréasán Ghrúpa CIÉ agus in iostaí bus de chuid Bhus Átha Cliath sna cúig bliana amach romhainn.
- Tá plean bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm i saoráidí de chuid Bhus Átha Cliath.
- Bhunaigh Iarnród Éireann creat bithéagsúlachta agus tá sé ag obair le comhpháirtithe chun éifeachtaí éiceolaíocha an iarnróid ar an bhFiadhúlra a mheas faoi 2021.



Teacht Aniar i leith na hAeráide

- Chuireamar tús le Clár um Chosaint Bonn-eagair Cósta chun stráicí cósta atá leochaileach ó thaobh na haeráide de a chosaint.
- Chuamar i ngleic le cáilíocht an aeir timpeall mhóil iompair i gcomhpháirtíocht leis an Roi Iompair agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).




Forbairt ina bhfuil Béim ar Chúrsaí Iompair

- Tugadh chun críche plean deich mbliana chun mórthionscadail a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear: Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath; Máistirphlean Stáisiún Colbert i Luimneach; Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath, Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh agus Stáisiún Cheannt i nGaillimh.



Rannpháirtíocht an Phobail agus Cúrsaí Oidhreacht

- Táimid ag obair ar chlár le grúpaí deonacha agus ar chlár phobail chun tacú le rannpháirtíocht an phobail.
- Táimid ag pleanáil chun stáisiún agus taifid stairiúla a athchóiriú, agus Tionscadal Cartlainne Heuston san áireamh.



Comhionannas Inscne agus Comh-dhiseanna

- Tá bearta curtha chun feidhme againn chun an sprioc maidir le cothroime inscne a bhaint amach ar leibhéal an lucht ardbhainistíochta agus an bhoird faoi 2030.
- Tá clár earcaíochta curtha chun feidhme againn chun líon na dtiománaíthe mná a dhúbailt sa dá chuideachta bus faoin mbliain 2030.



Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach

- Tá straitéis geilleagair chiorclaigh á forbairt againn i leith bainistíocht acmhainní ar fud shlabhra breisluacha an Ghrúpa.
- Táimid ag obair i gcomhpháirtíocht le GCC agus le lucht tionsclaíochta chun bearta a dhearadh ar mhaithe le héifeachtúlacht acmhainní agus chun dramhaíl a chosc.
- Rinneamar iniúchadh dramhaíola inar aithníodh sruthanna dramhaíola chun laghdú 25% a bhaint amach i dtaobh dramhaíl a tháirgtear ar fud an Ghrúpa agus ráta athchúrsála 75% a bhaint amach sa Ghrúpa faoi 2025.
- Le GCC, dhearamar feachtas poiblí maidir le feasacht ar dhramhaíl do chomaitéirí iarnróid.
- Cuireadh i bhfeidhm tionscadal piolótach maidir le bailiú báistí ag iosta Chnoc an tSamhraidh.



Sláinte agus Folláine

- Tá plean folláine do na fostaithe á dhearadh agus a chur chun feidhme againn, atá bunaithe ar iniúchadh ar fholláine fhostaithe an Ghrúpa.
- Tá sé i gceist Mol Folláine Teicneolaíochta a sheoladh agus creidiúnú 'KeepWell' ó IBEC a bhaint amach ar fud oibríochtaí ann Ghrúpa faoi 2025.



Aistriú chuig flít busanna atá saor ó astaíochtaí

Cuireadh dlús faoin obair chun aistriú chuig flít busanna atá saor ó astaíochtaí nuair a fuair Bus Átha Cliath agus Bus Éireann busanna hibrideacha nua. Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin sa chaoi is go mbeidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair in ann feithiclí ceallraí leictreacha a fháil in 2021 lena gcur ar an mbóthar in 2022 i mBaile Átha Cliath agus sna réigiúin, agus sa chaoi is go mbeifear in ann an chéad fhlíit réigiúnach busanna lánleictreacha a chur ar an mbóthar i mBaile Átha Luain in 2022.


Triail á baint as busanna hidrigine ar sheirbhísí de chuid Ghrúpa CIÉ



Caoimhe Donnelly, Príomhoifigeach Inbhuanaitheachta, CIÉ; Lorcan O'Connor, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, CIÉ

Chuaigh CIÉ i bpáirt le Bus Átha Cliath agus Bus Éireann agus le páirtithe leasmhara in Hydrogen Mobility Ireland (HMI), chun triail a bhaint as an gcéad Fheithicil Leictreach Bhreosla-Chille hidrigine (FCEV) ar na bóithre in Éirinn. Ba é sin an chéad chéim maidir le triail a bhaint as teicneolaíocht bhreosla-chille a d'fhéadfadh a bheith saor ó astaíochtaí agus coinneofar léi in 2021 nuair a chuirfear trí bhus nua den chineál sin (le cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair) ar an mbóthar ar bhealaí de chuid Bhus Éireann. Bhí an triail ina cás samplach i leith na teicneolaíochta inár gcuid seirbhísí agus fuarthas sonraí feidhmíochta luachmhara dá barr. D'eascair an triail as comhoibriú idir comhaltaí de chuid HMI lena n-áirítear Caetano Bus; Toyota Ireland; Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; BOC; BSL agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Tá Grúpa CIÉ ag obair le comhpháirtithe tionscail chun córas iompair agus fuinnimh ísealcharbóin a bhaint amach. Chun flít feithiclí iompair phoiblí atá saor ó astaíochtaí a bheith againn, beimid ag brath go mór ar chóras fuinnimh íseal-astaíochtaí atá slán agus a bhfuil teacht aniar ann. Tá forbairt córais iompair agus fuinnimh atá comhtháite agus pleanáilte rithábhachtach chun an dá earnáil a dhíchárbónú agus teastaíonn comhar ón lucht tionsclaíochta chuige sin. D'fhéadfadh sé go bhféadfaí leas a bhaint as hidrigin chun cuspóirí dícharbónaithe a bhaint amach agus tá aitheantas tugtha don mhéid sin i Straitéis Hidrigin an Aontais Eorpaigh ar mhaithe leis an Eoraip a bheith neodrach ó thaobh na haeraíde de. D'fhéadfadh an hidrigin ról a bheith aici i ndíchárbónú na hÉireann, in earnáil an iompair agus earnáil an fuinnimh. Tá CIÉ ag obair le príomhchomhlachtaí taighde chun teacht ar thuiscint ar acmhainneacht na hidrigine san earnáil iompair agus ar bhealach chun geilleagar a fhorbairt atá bunaithe ar hidrigin.



An Geilleagar Ciorclach

Mar thacaíocht do Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um Gheilleagar Ciorclach agus don Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach, tá Grúpa CIÉ ag tabhairt faoi straitéis i ndáil leis an ngeilleagar ciorclach. Cé gur laghdaíodh costais oibríochtaí an Ghrúpa trí bhainistíocht dramhaíola agus acmhainní, ach cur chuige ciorclach a ghlacadh i leith bainistíocht acmhainní ar fud an tslabhra breisluacha d'fhéadfaí an dramhaíl a laghdú, éifeachtúlacht acmhainní a bhaint amach, astaíochtaí a laghdú agus luach geilleagrach a chur ar fáil.

In 2020, cuireadh plean geilleagair chiorclaigh i bhfeidhm le hiniúchadh cuimsitheach ar chúrsaí dramhaíola an Ghrúpa. De bharr an iniúchta aithníodh mórchatagóirí, láithreacha agus foinsí dramhaíola agus acmhainní, lena soláthraíodh an bonn le haghaidh plean gníomhaíochta cuimsitheach i leith an gheilleagair chiorclaigh. Tá an straitéis chiorclach dírithe ar bhainistíocht acmhainní i slabhra breisluacha an Ghrúpa lena n-áirítear bainistíocht ar ionchuir ábhair, dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl neamhghuaiseach; cur amú bia, uisce, agus fuinneamh. I bhfianaise scála mór na n-oibríochtaí, tá an deis ann feabhas nach beag a bhaint amach ó thaobh chuspóirí an gheilleagair chiorclaigh. Tá an Grúpa tiomanta do laghdú 25% a bhaint amach i dtaobh dramhaíl a tháirgtear ar fud an Ghrúpa agus ráta athchúrsála 75% a bhaint amach sa Ghrúpa faoi 2025. Mar thacaíocht do bheartas an rialtais cuireadh cosc ar phlaistigh aonúsáide.

Bhunaigh Grúpa CIÉ comhpháirtíocht le GCC chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach agus le feidhmíocht i leith an chomhshaoil.



Cuirfidh GCC treoir agus maoirseacht ar fáil i leith straitéis gheilleagar chiorclaigh CIÉ. Cuimsítear leis sin comhairle agus oiliúint maidir le soláthar poiblí glas (SPG) de réir mar a fhorbróidh an Grúpa a bheartas agus a phróisis ina leith sin.

Tá sé beartaithe ag Grúpa CIÉ agus GCC dul i gcomhpháirt le chéile chun feachtas poiblí a sheoladh do chomaitéirí iarnróid maidir le feachtas ar dhramhaíl. Déanfar sin nuair a bheidh na gnáthphatrúin comaitéireachta socraithe síos arís tar éis na paindéime. Táimid ag obair le tacaíocht ó GCC agus ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC), agus ó Phríomh-Údaráis Réigiúnacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola chun lucht déanta beartas agus earnáil na tionsclaíochta a thabhairt le chéile chun córais a athrú.

Cuireadh tús le tionscadal tosaíochta i ndáil leis an ngeilleagar ciorclach in 2021 i gcomhar leis an Meitheal Oibre um Dheireadh le Dramhaíl chun athchúrsáil a dhéanamh ar thrasnáin choíncreíte agus ballasta neamhghuaiseach nach bhfuil gá leo a thuilleadh. Ina theannta sin, tá trasnáin iarnróid nach bhfuil gá leo a thuilleadh agus dramh-mhiotal á n-aisghabháil anois, agus in 2020 bhí athúsáid á baint as thart ar 20% de na trasnáin sin ar línte brainse agus bhí thart ar 18,000 trasnán á n-athúsáid mar bhóithre rochtana (rianta).

Aisghabhadh 7,000 tonna breise dramh-mhiotail in 2020 agus tá tionscnaimh chiorclacha beartaithe chun an ráta aisghabhála sin a fheabhsú.

Rinne Bus Éireann 1,000 bonn a athchúrsáil i rith na bliana trína sholáthraí boinn. Ní úsáideann Bus Éireann ná Bus Átha Cliath coimeádáin phlaisteacha aonúsáide a thuilleadh mar chuid de chlár ina bhfuil níos mó béime á leagan ar bhainistíocht dramhaíola agus fuíolluisce.

Tá uisce ar cheann de na hacmhainní móra a úsáideann Bus Átha Cliath agus chun dul i ngleic le húsáid uisce agus cur amú uisce, dearadh córas píolótach chun uisce baistí a bhailiú san iosta busanna i gCnoc an tSamhraidh. Tá sé i gceist an rud céanna a dhéanamh i ngaráistí eile.

Córas píolótach chun báisteach a bhailiú

In 2020, d'fhorbair Bus Átha Cliath córas píolótach chun báisteach a bhailiú ag Iosta Bus Chnoc an tSamhraidh agus tá sé beartaithe an rud céanna a dhéanamh i ngaráistí eile. Níonn Bus Átha Cliath thart ar 900 bus in aghaidh na hoíche, agus na mílte lítear uisce á n-úsáid aige.

Tá Grúpa CIÉ ag cur scéimeanna i bhfeidhm chun báisteach a bhailiú ag Stáisiúin Bhus nuair is féidir é, ionas gur ón spéir a gheofar na mílte lítear a úsáidtear chun busanna a ní gach uile oíche. Le hoiliúint agus le múscailt feasachta, tá sé ina aidhm againn aon uisce a scaoiltear isteach in uiscebhealaí a bheith níos glaine.

Tá sé beartaithe ag Bus Éireann tionscnaimh a thabhairt isteach chun báisteach a bhailiú, agus tá dhá thionscadal phíolótacha beartaithe aige do gharáistí réigiúnacha.



Rialachas inbhuanaitheachta

Ghlac Grúpa CIÉ Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe (SFI) in 2020 chun tacú le beartas an Rialtais. Ceapadh straitéis na dtí cholún inbhuanaitheachta dár gcuid chun na SFI na chomhtháthú i gcuspóir an Grúpa, ionas gur féidir linn ár gcion féin a dhéanamh chun iad a bhaint amach faoi 2030. Tar éis dúinn clár oibre uailmhianach a leagan amach chun ár ngealltanais inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm, cuireadh de chúram ar Ghrúpa Stiúrtha Inbhuanaitheachta, ar a bhfuil ionadaithe ó gach ceann de na cuideachtaí i nGrúpa CIÉ, maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise comhordaithe. Is é an tosaíocht a bheidh ag an nGrúpa Stiúrtha a chinntiú go mbainfear spriocanna inbhuanaitheachta amach trí fhócas straitéiseach a sholáthar mar aon le ceannaireacht i dtaobh smaointeoireachta agus creat comhlíonta agus creat tuairiscithe. Táimid tiomanta do bheartas agus dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a leabú sa straitéis inbhuanaitheachta agus sa mhonatóireacht ar fheidhmíocht.



Comhdháil SEAI do lucht na hEarnála Poiblí, Feabhra 2020



Ó chlé go deas, William Walsh, POF SEAI, An t-Iar-Uachtarán Mary Robinson, an tOllamh Brian Mac Craith, Lorcan O'Connor, POF CIÉ



TUAIRISC SCÓIR Ó CDP – AN tATHRÚ AERÁIDE 2020

Grúpa Chóras Iompar Éireann (CIÉ)

Réigiún	An Eoraip
Tír	Éire
Ceistneoir	Seirbhísí iompair
Grúpa Gníomhaíochta	Iompar de bhóthar

Leis an Tuairisc Scóir ó CDP, is féidir le cuideachtaí a scór a thuiscint agus féachaint cé na catagóirí a dteastaíonn aird a thabhairt orthu chun scór níos airde a bhaint amach. Cuireann sé sin ar a gcumas do chuideachtaí dul chun cinn i dtreo maoirseacht chomhshaoil trí thagarmharcáil agus comparáid le piaraí, ionas go mbeidh an rialachas aeráide seasta á fheabhsú acu. Ina theannta sin faigheann infheisteoirí cóip de Thuairisc Scóir CDP ach í a iarraidh. Le haghaidh tuilleadh aiseolais déan teagmháil le do bhainisteoir cuntas nó le do phríomhtheagmhálaí in CDP.

Do Scór CDP




Feidhmíocht ar an meán



Iompar de bhóthar **An Eoraip** **Meán domhanda**

MÍNIÚ AR DO THUAIRISC SCÓIR



Rátáil B a bronnadh ar Ghrúpa Córas Iompair Éireann (CIÉ), atá sa bhanda Bainistíochta. Is airde é sin ná an meánscór Eorpach (C), agus is airde é ná an meánscór maidir le hiompar de bhóthar (D).

- Ceannaireacht (A/A-):** An dea-chleachtas reatha á chur i bhfeidhm
- Bainistíocht (B/B-):** Gníomh comhordaithe á dhéanamh ar shaincheisteanna aeráide
- Feasacht (C/C-):** Eolas ar thionchar na saincheisteanna aeráide agus ar an tionchar a imrítear orthu
- Nochtadh (D/D-):** Trédhearcach i dtaobh saincheisteanna aeráide


Tuairisciú aeráide

Táimid tiomanta do thrédhearcacht agus bailíochtú ár bhfeidhmíochta inbhuanaitheachta agus is colún dár straitéis gníomhaíochta aeráide é an nochtadh a fheabhsú. In 2020, ghlac Grúpa CIÉ páirt sa Tionscadal um Nochtadh Carbóin (CPD) den chéad uair.

A bhuí leis an ardán CDP, tá feabhas tagtha ar an tuairisciú a dhéanaimid i dtaobh an chomhshaoil, bunaíodh tagarmharc maidir le feidhmíocht, agus tugadh léargas dúinn ar an dea-chleachtas maidir le bainistíocht charbóin. Tá sé sin ailínithe leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta lena n-áirítear an Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TCFD) agus Tacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le nochtadh neamhairgeadais i dtaobh na haeráide. Faoin gcreat, cuirtear rialachas láidir chun cinn i dtaobh bainistíocht a dhéanamh ar an neamhchinnteacht a ghabhann le rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid agus soláthraítear struchtúr chun feasacht a mhúscaill agus feidhmíocht a fheabhsú.

Rátáil B a tugadh don Ghrúpa, agus táimid creidiúnaithe as ucht “gníomh comhordaithe a dhéanamh ar shaincheisteanna aeráide,” éacht suntasach agus gan muid páirteach ach den chéad uair sa scéim CDP seo atá aitheanta go hidirnáisiúnta. A bhuí leis an gcur chuige comhoibritheach ar fud Ghrúpa CIÉ, bhí ar ár gcumas léargas iomlán a thabhairt ar ár bhfeidhmíocht agus léirítear a thiomanta don inbhuanaitheacht atá ár bhfostaithe, idir lucht na tús líne agus lucht an tseomra boird, agus ár gcuspóirí á mbaint amach againn. Táimid ag obair chun ár n-uailmhianta féin agus uailmhianta ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh, lena chinntiú go mbeidh teacht aniar ionainn i leith an athraithe aeráide agus seirbhísí iompair phoiblí á gcur ar fáil againn ar fud na hÉireann.

Anois agus aitheantas bainte amach aige as gníomh comhordaithe a dhéanamh ar shaincheisteanna aeráide, tá an Grúpa dírithe ar bheith ina cheannaire cuntasach i dtaobh na haeráide. Leis na spriocanna atá leagtha amach sa Bhille um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2020, chun astaíochtaí CO₂ a laghdú 7% gach bliain, díreoidh CIÉ ar phlean chun Spriocanna Eolaíocht-Bhunaithe an Phlean Gnímh don Aeráid a leagan síos agus a chur i bhfeidhm.



Iarnród Éireann – Cúrsaí Inbhuanaitheachta in 2020

Chomhlíon Iarnród Éireann a chuspóirí inbhuanaitheachta do 2020 agus tugadh chun críche Straitéis 2027, atá bunaithe ar thrí mhórtionscadal agus mhórtosaíocht:

- DART+, clár 10 mbliana faoina ndéanfar infheistiú sa bhonneagar agus san fhílít sa chaoi is go mbeidh dhá oiread an méid paisinéirí is atá anois in ann leas a bhaint as seirbhísí ghréasán Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath, agus go mbeidh trí oiread an méid seirbhísí ar fáil a rithfidh faoi chumhacht leictreach. Faoin gclár sin, beifear in ann traenacha ceallraí leictreacha a ordú chun éascú don aistriú chuig taisteal traenach atá saor ó charbón.
- Leathnú a dhéanamh ar fhílít carranna iarnróid Intercity chun cur le minicíocht na seirbhísí ar gach líne agus achar ama na n-aistear a laghdú.
- Forbairt a dhéanamh ar ról an iarnróid i gcathracha réigiúnacha na tíre, agus é beartaithe borradh a bheith faoi Chorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge faoi Thionscadal Éireann 2040.

Cuireadh tús le forbairt Mháistirphlean Europort Ros Láir amach sa bhliain 2020. Tugadh chun críche Staidéar Féidearthachta ar Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta chun tacú le spriocanna náisiúnta na hÉireann i dtaobh na haeráide trí mhol allmhairithe fuinnimh in-athnuaite a chur ar bun ag an gcalafort.

Mar gheall ar COVID-19 tháinig laghdú ar líon na bpaisinéirí agus chuaigh an éifeachtúlacht fuinnimh in olcas dá bharr sin. Tháinig laghdú 16.1% ar ghlanastaíochtaí carbóin in 2020 go dtí 119,600 tonna, idir Scóip 1 agus Scóip 2, rud a léirigh an laghdú a rinneadh ar na seirbhísí iarnróid.

Bearta a rinneadh in 2020 agus cinn atá pleanáilte le haghaidh 2021

- **Giabhosca na dTraenacha Díosail Ilaonad:** cuireadh tús le trialacha iarfeistiúcháin air i mí na Samhna 2020 agus léirigh na torthaí tosaigh go bhféadfaí 20% den bhreosla a spáráil.


- **Carranna Iarnróid Hibrídeacha de chuid InterCity:** cuireadh tús le tástáil tosaigh orthu in 2021 agus tá trialacha orthu agus iad i mbun seirbhíse beartaithe do 2022.
- **Athchumhachtú Aicme 29000:** tabharfar faoi staidéar féidearthachta ina leith seo in 2021 chun na roghanna agus an cás gnó a chinneadh maidir le foinsé nua chumhachta a fheistiú san fhílít traenacha díosail ón tréimhse 2003-2005 agus féachaint an bhféadfaí cinn hibrídeacha a dhéanamh astu.
- **Gineadóirí Enterprise:** cuireadh tús le clár chun athchóiriú a dhéanamh ar ocht gcinn de na haonaid seo de chuid Intercity, agus cuirfear gineadóirí díosail nua-aimseartha íseal-astaíochtaí ina n-áit in 2021.
- **Slabhra Soláthair Díosail:** cuireadh chun feidhme córas cianfhaireacháin agus ciantaifeadta chun méideanna breosla agus riachtanais chothabhála a rianú.
- **Feithiclí Leictreacha agus Luchtairí:** cuireadh le líon na bhfeithiclí leictreacha san fhílít in 2021, ó 13 go 28. I gcomhar leis an Roinn Iompair, suiteáladh sé luchtairé gasta ag stáisiúin, cinn ar féidir le tacsaithe iad a úsáid.

Cosaint an chomhshaoil

Tugadh chun críche in 2020 an obair ar an díon nua ar Stáisiún an Phiarsaigh. Ba i lár na 1800í a cuireadh an seandíon air.

Obair i dtaobh an chleachtais comhshaoil:

- Straitéis geilleagair chiorclaigh á forbairt, chun fáil réidh le dramhaíl ón slabhra breisluacha.
- Cur chun feidhme Córais Bainistíochta Comhshaoil i leith ISO14001.
- Laghdú ar úsáid lotnaidicídí; cosaint gnáthóg agus rialú speiceas ionrach.



Bus Átha Cliath – Cúrsaí Inbhuanaitheachta in 2020

Tá ról ríthábhachtach ag Bus Átha Cliath maidir le timpeallacht níos glaine agus tír níos inbhuanaithe a bheith againn. Bíonn an chuideachta ag obair chun nuálaíocht a chothú, uasghrádú go dtí feithiclí níos glaise; agus acmhainní nádúrtha a chosaint. Tá Bus Átha Cliath ag comhoibriú le páirtithe leasmhara chun féachaint chuige go mbeidh rath ar an gcuideachta, an pobal agus cathair Bhaile Átha Cliath sna blianta atá romhainn.

Lorg Carbóin Bhus Átha Cliath

Straitéis chomhshaoil na cuideachta agus an córas bainistíochta fuinnimh a bhfuil deimhniú ISO bronnta ina leith, tá siad ina mbonn agus ina dtaca lena tiomantas chun a tionchar comhshaoil a laghdú ar fud an ghréasáin, na n-ocht n-iosta agus na n-ionad oibre.


Áirítear leis an dul chun cinn a rinneadh in 2020 an méid seo a leanas:

- 86,700 carr bainte den bhóthar gach lá
- feabhas 19% ar éifeachtúlacht breosla
- laghdú 42.4% ar CO₂ ón mbonnlíne
- innill Euro VI atá in 57% den fhlít feithiclí anois
- É 58% níos saoire taisteal ar bhus ná i gcarr, rud a fhágann go dtéann iompar poiblí chun tairbhe do phóca agus an phláinéid
- caighdeán bainistíochta fuinnimh ISO 50001 bainte amach
- Gealltanais Carbóin de chuid Business in the Community Ireland sínithe agus tuairisciú á dhéanamh anois ar astaíochtaí scóip 3
- Cosc ar phlaistigh aonúsáide tugtha isteach
- Baineadh amach rátáil B ar fud Ghrúpa CIÉ i leith an Tionscadail um Nochtadh Carbóin.

Tá sé geallta ag Bus Átha Cliath a astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 50% faoi 2030 agus a bheith saor ó astaíochtaí ar an nglanleibhéal faoi 2050. Sa Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Feithiclí Glana, leagtar amach spriocanna do fhléteanna feithiclí tromshaothair san earnáil phoiblí agus, faoin treoir sin, tá an gnólacht ag obair chun astaíochtaí ísle a bheith ag 45% de na feithiclí san fhlít nó iad a bheith saor ó astaíochtaí faoi 2026, agus 65% acu faoi 2030.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach agus tógáil ar an dul chun cinn go dtí seo, áirítear ar phleananna 2021:

- 74 feithicil hibrídeach agus bonneagair luchtaithe a fháil sa chéad ráithe de 2021.
- Pleanáil i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus BSL i gcomhair bonneagar luchtaithe d'fheithiclí lánleictreacha ceallraí.
- Bailiú báistí in iosta Chnoc an tSamhraidh, beart a chuirfear i bhfeidhm in iostaí eile freisin.
- Leanúint ar aghaidh le feachtais maidir le feasacht ó thaobh fuinnimh de.
- Iarratas a dhéanamh ar chaighdeán bainistíochta comhshaoil ISO 14001.
- Naoi gcinn lárnacha de Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme.
- Tionscadal píolótach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh in iosta na Rinne.
- Tuarascáil chomhshaoil na cuideachta seolta chuig páirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha.
- Páirteach sa triail de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair ar Bhusanna Hidrigine.
- Tionscadal bithéagsúlachta ag an gCloch Leathan chun móinéar bláthanna fiáine a chur le taobh an bhóthair agus tosú ag tabhairt beatha do na héin chun cur leis an mbithéagsúlacht i gcathair Bhaile Átha Cliath agus feasacht a chothú i measc na bhfostaithe.
- Gur feithiclí leictreacha iad na cinn tacaíochta lena n-áirítear feithiclí na gcigirí, veaineanna a úsáidtear sna h-iostaí agus veaineanna a úsáidtear le haghaidh post inmheánach.



Bus Éireann – Cúrsaí Inbhuanaitheachta in 2020

Rinne Bord Bhus Éireann straitéis inbhuanaitheachta nua a fhorghnó i mí Lúnasa. Tá an straitéis sin bunaithe ar spriocanna forbartha inbhuanaithe agus tá sí ag teacht leis na cuspóirí atá sonraithe in Destination 2023, plean cúig bliana Bhus Éireann. Leagtar amach inti plean chun spriocanna dúshlánacha inbhuanaitheachta a bhaint amach idir seo agus 2030. Is iad na príomhréimsí fócais atá sa straitéis:

- Gníomhaíocht ar son na hAeráide
- Tomhaltas agus dramhaíl
- Cathracha agus Pobail
- Oideachas agus Comhionannas
- Obair Chuibhiúil, Shábháilte
- Comhpháirtíochtaí

Tá Bus Éireann tiomanta do chuspóirí agus spriocanna an rialtais maidir leis an athrú aeráide agus éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus a bheith ina eiseamláir sa réimse sin.

Uasghrádú a dhéanamh ar an bhflít busanna

Cuireadh 30 feithicil nua leis an bhflít i rith na bliana. Ag teacht le beartas an Údaráis Náisiúnta Iompair gan feithicil uirbeacha a ritheann ar dhíosail amháin a cheannach a thuilleadh, fuarthas an chéad ghála feithicil nua, 28 bus hibrideach dhá urlár, ag deireadh na bliana. Cuirfear na feithicilí sin ar an mbóthar i gcathair na Gaillimhe in 2021 agus beidh sé sin ina chéad chéim chun an flít busanna a athrú ó chinn díosail go dtí cinn a ritheann ar chumhacht leictreach agus le breosla-chealla. Ní mór na saoráidí san iosta a athrú freisin ionas gur féidir na feithicilí nua a luchtú agus cothabháil a dhéanamh orthu.

Tá 55% de na feithicilí i bhflít seirbhíse Bhus Éireann ag cloí anois leis an gcaighdeán astaíochtaí Euro VI i leith innill níos glaine, agus tiocfaidh feabhas eile fós ar an bhfigiúir sin le teacht bhusanna nua Expressway agus busanna áitiúla nua i rith na bliana seo atá romhainn.

Bainistíocht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa

Tá an Bord agus an Fhoireann Ardbhainistíochta fós ag díriú go tréan ar bhainistíocht fuinnimh agus ar inbhuanaitheacht breosla. Úsáideadh 274,312 meigeavata fuinnimh san iomlán in 2020, laghdú nach beag ar 317,841, figiúr na bliana 2019. Baineadh amach an laghdú sin mar gheall ar laghdú ar líon na gciliméadar a clúdaíodh ar bhealaí iompair scoile, agus mar gheall ar fheabhas leanúnach ar an éifeachtúlacht fuinnimh.

Astaíodh 65.36 míle tonna CO₂ i rith na bliana, laghdaithe ó 76.54 míle tonna CO₂ in 2019.

Tá feabhas 21% (deimhnithe ag SEAI) tagtha ar éifeachtúlacht fuinnimh Bhus Éireann ón mbliain bhonnlíne go 2020.

Tá sé beartaithe go leanfar leis an dul chun cinn sin in 2021.

D'éirigh leis an bhFoireann Fuinnimh thrasfheidhmiúil deimhniú bainistíochta fuinnimh ISO50001 a bhaint amach ón Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) i rith na bliana. Ba é sin an chéad deimhniú den sórt sin a fuair an chuideachta agus is bonn iontach é le haghaidh dul chun cinn leanúnach nach mór a dhéanamh, ós rud é go bhfuil sé ina sprioc againn feabhas 50% a bhaint amach i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030. Fuarthas cistiú chuige sin trí Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh an Rialtais.

Triail á baint as busanna hidrigine

Baineadh amach cloch mhíle nach beag in 2020 le hoibriú an chéad bhus hidrigine in Éirinn mar chuid de thriail a reáchtáil Bus Éireann, Bus Átha Cliath, Hydrogen Mobility Ireland, CIÉ agus DCU.

Cuirfear tús le triail níos mó ar trí bhus (dhá urlár), triail atá á cistiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair, sa chéad leath de 2021. Tá obair ullmhúcháin mhionsonraithe déanta lena chinntiú go mbeidh na ceachtanna atá le foghlaim ón triail ina mbonn eolas i ndáil le cinntí maidir le ceannach feithiclí feasta.

Carranna agus veaineanna na cuideachta

Thosaigh an t-aistriú go carranna agus veaineanna leictreacha i rith na bliana, nuair a fuair an chuideachta 14 fheithicil lán-leictreacha. Is é an sprioc atá againn faoin Straitéis Inbhuanaitheachta an flít iomlán 120 feithicil a bheith leictreach faoi 2025.

Bainistíocht chomhshaoil


Ghlac an chuideachta beartas comhshaoil nua 'BE Greener' in 2020 agus cuireadh obair mhór i gcrích ar phlean bainistíochta comhshaoil nuashonraithe na cuideachta, rud a d'fhág gur éirigh linn in iniúchadh Chéim 1 ar chaighdeán bainistíochta comhshaoil ISO14001 i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh. Tá sé beartaithe deimhniú Chéim 2 a dhéanamh go luath in 2021, agus tá sé i gceist an plean a chur i bhfeidhm inár gcuid saoráidí eile freisin.

Cúrsaí teileamaitice san fhlít

Cuireadh tús le feidhmiú beo an chórais nua teileamaitice ar an bhflít feithiclí i mí Feabhra, tar éis oiliúint a chur ar na fostaithe. Fágann an córas sin gur fearr an aird a bhíonn ag na tiománaithe ar a bhfeidhmíocht tiomána, agus ar an tionchar a bhíonn ag an tiomáint ar ídiú breosla agus ar shábháilteacht na bpaisinéirí. Baineann buntáistí móra ó thaobh faisnéise de le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht bhreosla agus ar úsáid na gcoscán go tobann. Cuirfear clár iompraíochta don éicea-thiomáint ar bun in 2021, i gcomhpháirtíocht le CIÉ agus SEAI.

Bonneagar

Bronnadh conradh le haghaidh chéim a haon den athfhorbairt ar iosta Bhaile an Róistigh i Luimneach lena chinntiú go mbeidh an tsaoráid in ann freastal ar riachtanais na cuideachta faoi láthair agus amach anseo. Faoi chéim a dó, déanfar atógáil ar an bpríomhgharáiste agus ar an gclós agus cuirfear síneadh astu, bogfar na bána breosla agus níocháin agus déanfar soláthar maidir le flít busanna uirbeacha Luimnigh a athrú ina fhlít feithiclí leictreacha.



An chéad Bhus Hidrigine de chuid Bhus Éireann á ullmhú ag Simon Byrne chun dul i seirbhís den chéad uair.



Buaicphointí i dtaobh Príomhtháscairí Feidhmíochta Neamhairgeadais

Feidhmíocht inbhuanaitheachta

A bhí le bearta chun spriocanna aeráide na hearnála poiblí a bhaint amach agus lorg carbóin chuideachtaí oibriúcháin Ghrúpa CIÉ a laghdú, táthar tar éis dul chun cinn ón mbonnlíne a dhéanamh bliain i ndiaidh bliana.



Iomlán na nAstaíochtaí CO₂ faoi 2030

Ag teacht leis an bPlean Gnímh don Aeráid (2019), tá sé ina aidhm ag Grúpa CIÉ astaíochtaí CO₂ a laghdú 30%, i gcomparáid le leibhéal 2005, faoin mbliain 2030.

Éifeachtúlacht Fuinnimh faoi 2030

Ag teacht leis an bPlean Gnímh don Aeráid (2019), tá sé ina aidhm ag Grúpa CIÉ leibhéal éifeachtúlachta fuinnimh a fheabhsú 50%, i gcomparáid le leibhéal 2005, faoi 2030.



Cé gur tháinig laghdú ar an méid fuinneamh a ídítear agus ar na hastaíochtaí carbóin le linn na paindéime in 2020, tháinig sé sin sna sála ar threocht anuas ó thaobh astaíochtaí CO₂, a baineadh amach trí straitéis éifeachtach bainistíochta carbóin ar fud Ghrúpa CIÉ. Ag teacht leis na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gnímh don Aeráid, 2019, tá an Grúpa ag obair chun na spriocanna aeráide náisiúnta a bhaint amach, sé sin laghdú 30% ar astaíochtaí Carbóin (CO₂) agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh.

Ídiú Fuinnimh


Ídiú Fuinnimh Ghrúpa CIÉ (MWh)

Ídiú Fuinnimh	2019 (Mwh)	2020 (Mwh)
Ola dhíosail le haghaidh feithiclí a tharraingt	1,040,177	879,605
Leictreachas le haghaidh feithiclí a tharraingt	27,695	23,235
Leictreachas le haghaidh cuspóirí eile	44,943	45,276
Gás	26,359	26,072
Iomlán	1,139,174	974,189


Bhí tionchar nach beag ag na srianta COVID-19 ar aistir paisinéirí agus dá bharr sin ar fheidhmíocht i dtaobh ídiú fuinnimh in aghaidh gach 1 mhilliún aistear. Meastar go socróidh sé sin síos agus go dtiocfaidh méadú ar líon na bpaisinéirí sa dara leath de 2021, agus go dtiocfaidh feabhas leanúnach ar an bhfeidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh ar fud an Ghrúpa.

Agus spriocanna nua sainithe aige, i gcomparáid le bonnlíne nua na bliana 2020, tá Grúpa CIÉ tar éis tús a chur leis an obair chun laghdú carnach 51% a dhéanamh ar astaíochtaí CO₂ faoi 2030.

Fíor 9: Ídiú Fuinnimh Iomlán



Fíor 10: Astaíochtaí CO₂ le hais spriocanna



Comhdhéanamh an Fhlít

Tá spriocanna aeráide leagtha amach i gClár an Rialtais chun laghdú 7% a bhaint amach i leith astaíochtaí CO₂ gach bliain agus laghdú carnach 51% a bhaint amach san earnáil faoi 2030, agus tá an Grúpa ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun bearta a chur i bhfeidhm lena bhfuiltear ag dul i ngleic le 95% dár n-astaíochtaí ó bhreosla. Sa Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Feithiclí Glana, leagtar amach spriocanna do fhlíteanna feithiclí tromshaothair san earnáil phoiblí agus, faoin treoir sin, táimid ag obair chun astaíochtaí ísle a bheith ag 45% de na feithiclí san fhlít nó iad a bheith saor ó astaíochtaí faoi 2026, agus 65% de na feithiclí faoi 2030. Ag obair dúinn leis an Údarás Náisiúnta Iompair, táimid ag cur dlús le ceannach feithiclí ísealcharbóin agus feithiclí atá saor ó astaíochtaí carbóin, agus ag féachaint ar theicneolaíochtaí nua as nós feithiclí bhreosla-chille hidrigine (FCEV).

Fílít – Inneall ar Chaighdeán Astaíochtaí Euro VI (Euro VI), Feithiclí Leictreacha Hibrídeacha (Hibrídeach) agus Feithiclí Lán-Leictreacha (Leictreach):

	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	Iarnród Éireann
Céatadán den Fhlít – Euro VI	55%	57%	0
Céatadán den Fhlít – Hibrídeach*	0	0.88%	0
Céatadán den Fhlít – Leictreach	0	0	15%

* Amach sa bhliain 2020 fuarthas 102 Bus Hibrídeach nua (74 do Bhus Átha Cliath agus 28 do Bhus Éireann) chun dul i seirbhís in 2021.

Seoladh seirbhísí hibrideacha i gcathair Bhaile Átha Cliath agus i gcathair na Gaillimhe

Faoin aistriú chuig gréasán iompair ísealcharbóin, tá cineálacha nua feithiclí á dtabhairt isteach: busanna a úsáideann teicneolaíochtaí íseal-astaíochtaí, feithiclí hibrideacha, feithiclí leictreacha ceallraí agus feithiclí leictreacha breosla-chille hidrigine.



Ó chlé go deas: Stephen Kent, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bus Éireann; An tAire Naughton, Aire Stáit sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide; Ray Coyne, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bus Átha Cliath, Anne Graham, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tÚdarás Náisiúnta Iompair.



Inrochtaineacht na bhFeithiclí

Tá Grúpa CIÉ ag druidim le 100% dá fheithiclí a bheith lánoiriúnach do chathaoireacha rothaí. Beidh gach feithiclí nua lánoiriúnach do chathaoireacha rothaí.

Inrochtaineacht na bhFeithiclí			
	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	Iarnród Éireann
Céatadán inrochtaineachta	90%*	100%	100%

*San iomlán, i gcás 90% dár gcuid feithiclí, agus 100% dár gcuid feithiclí sna cathracha agus sna bailte, tá siad oiriúnach do chathaoireacha rothaí. In 2020 bhíomar in ann 98% de na horduithe a cuireadh isteach i leith úsáideoirí cathaoireacha rothaí a chomhlíonadh agus leanaimid orainn ag obair ar an mísean atá againn na seirbhísí a fheabhsú ionas go mbeidh 100% den fhliú lánoiriúnach do chathaoireacha rothaí.

Comhdheiseanna

Rannpháirtíocht Ban/Comhionannas Deiseanna					
	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	Iarnród Éireann	Cuideachta Sealbhaíochta	CIÉ Tours
Comhaltaí Boird ar Mná iad	29%	44%	56%	33%	75%
Mná i Róil Ard bhainistíochta	38%	22%	19%	30%	67%
Mná i measc na bhFostaithe	10%	7%	11%	47%	70%

Cúrsaí Athchúrsála sa Ghrúpa

Figiúr maidir le dramhaíl athchúrsáilte/aisghafa de chuid Ghrúpa CIÉ (%):

	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	Iarnród Éireann
Dramhaíl a ndearnadh athchúrsáil/aisghabháil uirthi	15%	69%	48%

Forbairt ina bhfuil Béim ar Chúrsaí Iompair

Leis an bhForbairt ina bhfuil Béim ar Chúrsaí Iompair, tá CIÉ ag cur deireadh le spleáchas ar charranna agus forbraíochtaí ar ardchaighdeán a gcur ar fáil aige ar fud chathracha na hÉireann

Tá CIÉ tiomanta d'fhorbairt ina bhfuil béim ar chúrsaí iompair a chomhtháthú nuair is féidir é, agus é ag baint úsáid as na réadmhaoine fairsinge lárnacha atá i bpunann Ghrúpa CIÉ. Tá sé d'acmhainn againn an soláthar tithíochta, fostaíochta agus spásanna uirbeacha a bharrfheabhsú i ngar do na seirbhísí iompair ardchaighdeán ardmhíníochta a bhíonn riachtanach chun tacú le forbairt atá bunaithe ar iompar.

Faoinár gcuspóirí forbartha, tugtar tús áite d'fhás dlúth agus don rochtain ar mhoil soghluaisteachta a bhfuil dea-dhearadh orthu, rud a chothaíonn na dálaí le haghaidh aistriú córa iompair.

Táimid ag obair ar phlean deich mbliana maidir le tionscadail shuaithinseacha amhail Máistirphlean Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath; Máistirphlean Stáisiún Colbert i Luimneach; Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath, Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh agus Stáisiún Cheannt i nGaillimh. Áirítear leis na héachtaí a rinneamar i dtaobh Réadmhaoin Straitéiseach le linn 2020 na samplaí seo a leanas.



Máistirphlean Stáisiún Colbert, Luimneach


I gcomhar leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus FSS, tá CIÉ ag ullmhú staidéar Máistirphlean agus é ina aidhm aige athghiniúint uirbeach agus forbairt ina bhfuil béim ar chúrsaí iompair a chur chun cinn ag Stáisiún Colbert. Cuimsíonn limistéar an Mháistirphlean 80 heicteár lena n-áirítear talamh de chuid CIÉ.

Foilseofar dréacht den Chreat Spásúlachta i samhradh na bliana 2021 faoin gclár atá i bhfeidhm faoi láthair.

Sa phictiúr thíos tá Lorcan O'Connor, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin CIÉ ag síniú an Mheabhráin Tuisceana idir na páirtithe lena mbaineann, ar an 10 Eanáir 2020.



Ó chlé go deas: John Moran, Cathaoirleach an Bhoird, an Gníomhaireacht Forbartha Talún, John Coleman, Príomhfheidhmeannach, an Gníomhaireacht Forbartha Talún, Lorcan O'Connor, Príomhfheidhmeannach, CIÉ, an Comhairleoir Adam Tesky, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Vincent Murray, Stiúrthóir Cúnta um Fhorbairt Gheilleagrach, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Joe Hoare, Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta, Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte.



Cé Uí Argáin, Corcaigh



Sa phictiúr thuas, taispeántar **Uimh. 1 Cé Uí Argáin**, ina bhfuil 8,565 méadar cearnach de spás oifige ardchaighdeán. Tugadh chun críche an obair thógála ina leith in 2020.

I measc na dtionóntaí atá faighte cheana tá Apple agus Regus. Seo Céim 1 den fhorbraíocht oifige agus tiocfaidh dhá chéim eile sna sála uirthi ionas go mbeidh spás 29,000 méadar cearnach san iomlán ann.

Sa phictiúr thíos, tá Óstán DEAN, óstán boutique ina bhfuil 120 seomra leapa le bialann/beár ar an urlár uachtarach. Osclaíodh i mí na Nollag 2020 é.



Áirítear san fhorbraíocht freisin an Spás Poiblí nua a bhfuil rochtain dhíreach ar an Stáisiún uaidh ó na Céanna, rud a fhágann gur fusa ná riamh é dul ón Stáisiún go lár na cathrach.

Nuair a bheidh an fhorbraíocht críochnaithe, beidh 325 aonad cónaithe inti agus tá an foirgneamh ina mbíodh na carráistí tráth á athchóiriú mar shiopaí a dhólfaidh sóbhrandaí. Achar 2.5 heicteár atá san fhorbraíocht iomlán.

Tá an fhorbairt á déanamh ag HQDL, Comhfhiontar idir Clarendon Property agus BAM.

Máistirphlean Stáisiún Heuston

Rinneadh planáil mhionsonraithe i rith 2020 d'fhonn Máistirphlean Heuston, a chuimsíonn 10 heicteár/25 acra, a sheoladh ag deireadh 2021. Faoin máistirphlean a d'ullmhaigh OMP Architects i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara, tá sé i gceist an leas is fearr is féidir a bhaint as forbairt ina bhfuil béim ar chúrsaí iompair agus aird a dhíriú ar an tábhacht a bhaineann le naisc nua thar an Life le seirbhísí iompair poiblí atá ann cheana agus cinn nua, agus le taisteal gníomhach inbhuanaithe.



Amharc ón aer ar Heuston ag féachaint soir.

Limistéar Stáisiún Cheannt, Gaillimh



Ag céim an iarratais phleanála atá an scéim seo faoi láthair. Scéim uailmhianach ilchineálach dar teideal 'Augustine Hill' atá i gceist, ina bhfuil béim ar sheirbhísí iompair agus ina bhfuil níos mó ná 400 aonad cónaithe, spás miondíola, óstán agus spás oifige mar aon le spás poiblí ardchaighdeáin agus áiseanna do rothaithe. Achar iomlán 3.3 heicteár atá sa láithreán agus is é Seagullpoint Limited an forbróir tráchtála.



Ina theannta sin, tá Iarnród Éireann ag dul i mbun oibreacha móra athfhorbartha ag Stáisiún Cheannt lena n-áirítear ardáin bhreise a thógáil chun soláthar a dhéanamh le haghaidh leathnú ar sheirbhísí comaitéireachta agus seirbhísí idirchathrach.

Limistéar Stáisiún Uí Chonghaile

Chuir Connolly Quarter Development Company Limited iarratas isteach ar chead planála i leith na ngnéithe tráchtála agus cónaithe in 2020. Cuimsíonn an ghné thráchtála 32,500 méadar cearnach oifige agus óstán ina mbeidh 246 seomra leapa. Tá cead planála faighte ina leith sin anois. Is éard a bheidh san fhorbraíocht chónaithe, atá á planáil faoi láthair, 741 árasán agus spás miondíola, bialanna agus spás don phobal.

Is comhfhiontar de chuid na gcuideachtaí Ballymore agus Oxley í. Achar 2.75 heicteár atá sa láithreán.



Forbhreathnú ar an bhForbraíocht



Amharc ar shráid inmheánach.

Comhaltaí an Bhoird

Comhaltaí an Bhoird

Luaitear thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina gComhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2020. Mura luaitear a mhalairt, bhí siad ina gComhaltaí Boird ón 1 Eanáir 2020 go dtí an dáta ar ar ceadáíodh na ráitis airgeadais seo.

Fiona Ross	<i>Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin</i>
Frank Allen	<i>(Athcheaptha 6 Nollaig 2020)</i>
Ultan Courtney	<i>(Athcheaptha 6 Nollaig 2020)</i>
Brian Fitzpatrick	
Denise Guinan*	
Stephen Hannan*	
Aidan Murphy	<i>(Athcheaptha 6 Nollaig 2020)</i>
Tom O'Connor*	
Niamh O'Regan	
Liam O'Rourke	
Fiona Sweeney	
Tommy Wynne*	

* Comhalta Oibrí

Rúnaí an Bhoird

Geraldine Finucane
Stáisiún Heuston
Baile Átha Cliath 8

Teileafón + 353 1 703 2008

Coistí an Bhoird

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Liam O'Rourke *Cathaoirleach*

Brian Fitzpatrick

Niamh O'Regan

Coiste Straitéise Boird

Fiona Ross *Cathaoirleach*

Brian Fitzpatrick

Niamh O'Regan

Fiona Sweeney

Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

Lorcan O'Connor *Príomhfheidhmeannach,
CIÉ*

Ray Coyne *Príomhfheidhmeannach,
Bus Átha Cliath*

Stephen Kent *Príomhfheidhmeannach,
Bus Éireann*

Jim Meade *Príomhfheidhmeannach,
Iarnród Éireann*

Iniúcháirí

Mazars

Bloc 3 Ionad Fhearchair

Bóthar Fhearchair

Baile Átha Cliath 2

Aturnae

Colm Costello

Bridgewater House

Droichead na hInse

Baile Átha Cliath 8

Príomhbhaincээр

Banc na hÉireann

Faiche an Choláiste

Baile Átha Cliath 2

Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann



Fiona Ross *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin*

Ceapadh Fiona Ross chuig an Bhord mar Chathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin i Meitheamh 2018. Is Cathaoirleach agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin (NED) le taithí thar an gcoitiantacht í, i ndiadh bheith ar a lán boird in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe thar 10 mbliana anuas. I measc na ról atá aici faoi láthair tá NED ag Rialtas na hAlban, Network Rail agus Comhairle Cathrach Bristol sa RA. Feidhmíonn Fiona mar NED atá údaraithe ag Bhanc Ceannais na hÉireann ar thrí chuideachta seirbhísi airgeadais; Tilney Smith agus Williamson (áit a bhfuil sí ina cathaoirleach ar an gcoiste iniúchta) JK Funds agus SphereInvest. Faoi dheireadh, feidhmíonn sí mar NED ar Bhord FSS.

Thosaigh Fiona a gairm mar stocbhróicéir i gCathair Londain agus chaith sí 25 bliain ag obair i ngach roinn laistigh de mhargaí caipitil i mBaile Átha Cliath, Londain, Oirthear na hEorpa agus na Stáit Aontaithe.

I 2010, cheap an tAire Ealaíon, Fiona le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a reachtáil, áit ar éirigh go rathúil lei ina Stiúrthóir/Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar feadh dhá théarma. Ina dhiaidh sin, lean Fiona lena suim sna hEalíona, chuaigh sí isteach i gClann Heaney mar Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin le cuidiú leis an eastát liteartha a bhunadh agus bhí sí ina Stiúrthóir Bunaidh ar EPIC, an Músaem Imirce Éireannach.

Is céimí de chuid Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil na Banríona agus Institiúid Ealaíona, Dearadh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire í, áit a chríochnaigh sí MSc i Cibirshiceolaíocht i 2017. I 2012, Bronnadh comhbhráithreachas i Rialú ag Ollscoil George Washington sna Stáit Aontaithe uirthi. I 2020, chríochnaigh Fiona cúrsa Ollscoile Cambridge ar Inbhuanaitheacht.



Frank Allen

Is comhairleoir airgeadais neamhspleách Frank Allen, ag tabhairt comhairle ar infheistíocht agus oibríochtaí bonneagair, in eacnamaíochtaí i mbéal forbartha nó trasdula. Tá sé ina chomhalta boird de Corre Energy BV, cuideachta fuinnimh in-athnuaite. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar an nGníomhaireacht um Fháil Iarnróid ó 2002 go 2012 agus roimhe sin bhí sé ina Cheanar Mhaoiniúcháin Infreastruchtúir ag Banc KBC agus d'oibrigh sé don Bhanc Domhanda i Washington DC. Is céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts é. Soláthraíonn sé comhairle ar rialachas agus airgeadas do sholáthraithe tithíochta sóisialta agus feidhmíonn sé ar bhord Chumann Tithíochta Depaul.



Ultan Courtney

Athcheapadh Ultan Courtney chuig Bord CIÉ i mí na Nollag 2020. Chomh maith le sin, d'ainmnigh an t-Aire é do athcheapachán mar Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath. Tá an-taithí aige ar a bheith ag obair sa réimse Acmhainní Daonna agus Caidrimh Thionsclaíoch. Tá sé ag obair mar Stiúrthóir Bainistíochta ar a ghnó comhairleoireachta féin agus roimhe sin bhí sé ag obair le C&C Group Plc, Superquinn, Waterford Foods agus IBEA. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Céim Mháistir san Eacnamaíocht air agus tá roinnt cáilíochtaí aige i réimse an dlí fostaíochta, na hidirghabhála, an eadráin agus an rialachais dlí.



Brian Fitzpatrick

Is cuntasóir é Brian a bhfuil go leor taithí aige mar ghairmí airgeadais. Bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais agus ina Rúnaí Cuideachta ar BAM Contractors Ltd, an chuideachta innealtóireachta sibhialta agus tógála is mó sa tír, roimh bhallaíocht a ghlacadh i mBord CIÉ i mí Aibreáin 2019 agus lean sé mar Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach go dtí mí na Nollag 2019 nuair a d'éirigh sé as an Bhord. Chaith sé tús a ghairmréime san earnáil seirbhísi airgeadais mar Rialtóir Airgeadais ar First National Building Society ar tugadh First Active Plc air i ndiadh sin. Is Stiúrthóir é de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe gur í an Comhlacht Stáit a bhfuil maoiniú soláthair tithíochta shóisialta agus inacmhainne ag Údarás Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe de chúram uirthi agus is Cathaoirleach buan an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca é.



Denise Guinan

Ceapadh Denise Guinan chuig Bord CIÉ in Iúil 2018 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Ceapadh í i ngrád cléireachais Bus Átha Cliath i 1989 agus oibríonn sí i nGaráiste na Rinne. Is ball de Cumann Fhostaithe Iompair agus Tuarastail í.



Stephen Hannan

Ceapadh Stephen Hannan ar an mBord i mí na Nollag 2017 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Oibríonn sé mar thiománaí bus i nGaráiste na Rinne. Is ball de SIPTU é agus is iomaí post éagsúil a bhí aige sa cheardchumann le beagnach 30 bliain anuas. Tá sé ina chathaoirleach ar Choiste na mBustiománaithe, ina leas-chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair, ina bhall den Choiste Rannach agus ina Ionadaí losta gan ach roinnt a ainmniú.



Aidan Murphy

Athcheapadh Aidan Murphy ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2020. Chomh maith le sin, d'ainmnigh an t-Aire é do athcheapachán mar Chathaoirleach ar Bhus Éireann. Tá taithí na mblianta ag Aidan ag obair mar ghairmí slabhra soláthair. Roimhe seo bhí sé ina Phríomhoifigeach Tráchtála ag Carlow Precast, ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin le Pulse Logistics, ina Stiúrthóir Bainistíochta Soláthair le C&C Group, ina Bhainisteoir Ginearálta le Wincanton Ireland agus ina Stiúrthóir Lóistíochta le Allegro Ltd. Thug sé spreagathisc ag roinnt imeachtaí de chuid Shlabhra Soláthair san Eoraip lena n-áirítear Logicon agus Cruinniú Mullaigh Shlabhra Soláthair na hEorpa agus is Comhalta é den Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn a mbíodh sé ina Uachtarán uirthi tráth agus is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin de Roadbridge Holdings agus Lucey Transport Logistics.



Tom O'Connor

Athcheapadh Tom O'Connor ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2017 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Tiománaí bus is ea é i nGaráiste na Rinne. Tá sé i gCeardchumann Náisiúnta na nOibríthe Bus agus Iarnróid, tá sé ina chomhalta den Fheidhmeannas Náisiúnta agus d'fhóin sé mar Rúnaí Brainse Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith. Bhíodh sé ag obair roimhe seo sa tionscal leictreachais agus comharthaí.



Niamh O'Regan

Ceapadh Niamh O'Regan ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí Aibreáin 2019. Is comhalta Boird an Children's Health Foundation agus an Údaráis Clárúcháin Maoine í agus is comhalta seachtach de Choiste um Iniúchóireacht Cumainn Cógaiseoirí na hÉireann í. Tá poist le Barclays Bank i Londain mar Cheannasaí ar Fheidhmiócht Gnó agus i Barclays Bank Ireland mar Cheannasaí ar Bhainisteoireacht Gnó san áireamh i dtaití Niamh. Bhí sí ina Príomhoifigeach Airgeadais ag The London Bridge Hospital agus ag The Harley St. Medical Clinic. Tá B.A. (Onórach) sa Fhraincis agus sa Spáinnis aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá Diplóma Iarchéime i gCuntasáiocht ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath aici. Tá sí ina chomhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann tar éis traenála le PWC Dublin agus chríochnaigh sí Diplóma i Riosca, i gComhlíonadh agus i Iniúchóireacht Inmheánach le déanaí.



Liam O'Rourke

Ceapadh Liam O'Rourke chuig Bord CIÉ ar 4 Meán Fómhair 2018. Is Comhalta de Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí (FCPA) é. Bhí poist shinsearacha feidhmeannacha aige le cuideachtaí idirnáisiúnta déantúsaíochta Meiriceánacha ar feadh os cionn 30 bliain agus tá an-chuid táithí aige in Airgeadais, Acmhainní Daonna agus TFC. Bhí sé ina Stiúthóir Airgeadais/Rialtóir ar Champion Spark Plug Company agus is Iniúchóir Inmheánach Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann é.



Fiona Sweeney

Ceapadh Fiona ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí Aibreáin 2019. Is gairmí infheistíochta í Fiona le 30 bliain de thaithí aici sa tionscal bainistíocht socmhainní. Bhí ról feidhmeannacha agus bhoird aici i mórchomhlachtaí infheistíochta Éireannacha mar AIB Investment Managers, Prescient Ireland and Davy le 20 bliain anuas. Bhí sí freagrach as forbairt, cumarsáid agus cur i bhfeidhm straitéisí gnó sna ról seo. Tá mioneolas aici ar mhargaí pinsin agus infheistíochta agus tá táithí shuntasach aici i rialachas corparáideach agus comhlíonta. Tá Bunchéim agus Máistreacht aici san Eacnamaíocht ón Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Diplóma i Stiúradh Cuideachta ó Institiúid na Stiúthóirí.



Tommy Wynne

Athcheapadh Tommy Wynne ina chomhalta Boird den chéad uair i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh sé le hlarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994. Tá Ard-Diplóma in Oibríochtaí Iarnród Idirnáisiúnta ó Glasgow Caledonia University ag Tommy. Faoi láthair tá sé ina Uachtarán ar Rannóg TEAC SIPTU agus ina Chathaoirleach ar an Rannóg um an Earnáil Iompair de chuid SIPTU.

Ráiteas Rialachais Chorparáidigh

An Bord

Cuimsíonn an Bord dáréag Comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas. Níl aon folúntas ar an mBord faoi láthair. Tá ceathrar Comhalta Oibrí ar an mBord. Ceapann an Rialtas na Comhaltaí Oibrí ar feadh téarma ceithre bliana, le toghchán i measc fhoireann an Ghrúpa.

Buaileann an Bord le chéile seacht uair sa bhliain ar a laghad agus ar ócáidí eile faoi mar is cuí. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord d'ábhair ar leith nach mór dó athbhreithniú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear ceadú na ráiteas airgeadais bliantúil, na buiséid, an plean corparáideach, gnóthachain agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, ceapacháin lucht ardbhainistíochta agus mórbheartais an Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord ar bhonn rialta. Athbhreithníonn an Bord feidhmíocht in aghaidh Buiséad agus Réamhaisnéis

Tá rochtain ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Ghrúpa.

Ag 31 Nollaig, bhí 33.3% comhaltaí bainearna agus 66.7% comhaltaí fireanna ar an Bhord, gan aon fholúntais.

Ní bhaineann an Bord sprioc an Rialtais amach mar sin go mbíonn 40% bunionadaíocht ag gach inscne i gcomhaltas Boird Stáit.

Gan Comhaltaí Boird tofa ag an lucht saothair san áireamh, chuimsigh 37.5% comhaltaí bainearna agus 62.5% comhaltaí fireanna fuílleach an Bhoird. Is ceist don Rialtas é ceapadh comhaltaí Boird CIÉ, cuirfidh CIÉ ceisteanna cothromaíochta inscne san áireamh ina dtuairimí a bhaineann le ceapacháin Boird amach anseo.

Coistí an Bhoird

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Is iadsan an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (féach thíos) agus Coiste Straitéise.

Foireann na hArdbhainistíochta

Tá Foireann Ardbhainistíochta Aonán CIÉ (an tAonán) freagrach as bainistíocht laethúil ar ghníomhaíochtaí an Aonáin de réir mar a bhíonn siad tarmilgthe ag an mBord. Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta á rialú ag struchtúr eagraíochtúil atá ceaptha chun freastal ar riachtanais na heagraíochta i réimsí ar nós; Airgeadas, Iniúcháireacht, Rúnaíocht an Chomhlachta, Réadmhaoin, Acmhainní Daonna, TF, Pinsin, Imscrúduithe agus Éilimh, Inbhuanaitheacht agus Cúrsaí Díl. Tá freagracht ar an Aonán freisin as na gníomhaíochtaí a chomhordú ó thaobh tuairiscithe agus rialachais de i dtaca le Grúpa comhlachtaí CIÉ.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ('CIR')

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an CIR agus tá triúr Comhalta Boird. Tháinig an Coiste le chéile ocht n-uaire in 2020.

Áirítear le príomhdhualgais an CIR maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh an Ghrúpa leis an iniúcháir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh agus ar fheidhmíocht an iniúchára sheachtraigh, táillí iniúcháireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú.

Déanann an CIR plé leis an iniúcháir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi thorthaí an iniúchta. Ina theannta sin, déanann an Coiste monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an nGrúpa.

Ceapadh na hiniúcháirí seachtracha, Mazars, i 2020 tar éis próiseas tairisceana iomaíche. Mhol an CIR don Bhord gur cheart Deloitte a athcheapadh go foirmiúil i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020. Níorbh ann do cheangaltas chonartha ar bith lenar cuireadh srian ar an CIR maidir leis an moladh sin a dhéanamh. De bhreis ar na seirbhísí iniúcháireachta a chuireann Mazars ar fáil, tar éis gur ceapadh é, chuir an gnólacht seirbhísí gairmiúla neamhiniúcháireachta dar luach €81,000 ar fáil don Ghrúpa in 2020. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh go léir idir an Grúpa agus an gnólacht iniúcháireachta seachtraí, ní mheasann an CIR go dtéann cineál ná fairsinge na hoibre breise ar tugadh fúithi i bhfeidhm ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas an iniúchára.

Ráiteas Rialachais Chorparáidigh – ar lean

Tá rochtain iomlán gan bhac ag na hiniúcháirí seachtracha agus ag Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa ar an CIR. Freastalaíonn na hiniúcháirí seachtracha ar chruinnithe den CIR agus buaileann siad leis an gCoiste gach bliain gan an lucht bainistíochta i láthair chun a chinntiú gur féidir leis na hiniúcháirí aon ábhar a phlé faoi rún.

Coinníonn an CIR faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta rioscaí an Ghrúpa trí bhreithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann na Coistí Iniúcháireachta agus Riosca de chuid Fhochuideachtaí Oibríochta Ghrúpa CIÉ agus trí theacht go chéile go tréimhsiúil le lucht ardbhainistíochta CIÉ. Chomh maith leis sin, ceadaíonn an CIR cláir oibre na hiniúcháireachta inmheánaí don Ghrúpa, buaileann sé go tréimhsiúil le Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí agus déanann sé machnamh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla a dtugtar fúthu agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo. Coinníonn an CIR faoi athbhreithniú freisin rialuithe, nósanna imeachta agus beartais a bhaineann le comhlíonadh, sceithireacht agus calaois. Déanann ARC athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánacha agus déanann moltaí i dtaca leis na gníomhaíochtaí rialaithe i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Coiste Boird Straitéise

Tá téarmaí tagartha scríofa ag an Choiste Boird Straitéise a chuimsíonn ceathrar comhalta Boird neamhfheidhmiúcháin. Tháinig an Coiste le chéile ocht n-uaire in 2020. I measc na bpríomhdhulgas ar thug an Coiste fúthu le linn na bliana bhí:

- comhordanáidí ar phroiseas pleanála straitéisigh na gcomhlachtaí uilig i nGrúpa CIÉ, agus i gcomhar le na heochairshealbhóirí san ÚNI, An Roinn Iompair agus RÉNua;
- impleachtaí Grúpa CIÉ ag moltaí an phleanála straitéisigh ag na Comhlachtaí Oibríocháin a mheas;
- na cuspóirí ag, agus na pleananna feidhmithe ag an Ghrúpa Straitéise CIÉ a mheas;
- aithbhreithniú, coinneigh faoi athbhreithniú agus mol, mar is riachtanach le go nglacfaidh an Bord, athchóirithe ag polasaí an Bhoird i leith fáltais, diúscarta agus forbartha punainn réadmaoine le haird ar riachtanais oibríocháin reatha agus tadhcháocha an Ghrúpa;
- impleachtaí maoinithe na straitéise gnó na gcomhlachtaí uilig i nGrúpa CIÉ i gcomhthéacs na nOibleagaidí Seirbhíse Poiblí agus oibriúchán tráchtála, agus an dá oibriúchán reatha agus infheistiú fadtearma a mheas;
- maoirseacht a sholáthar ar chomhordanáidí na ngíomhartha riachtanacha i measc comhlachtaí uilig Grúpa CIÉ i dtaca le díriú ar an mhí-oiriúnacht idir na hoibleagáidí agus na sócmhainní sna scéimeann pinsin;
- straitéis infheistíochta na gcistí pinsin a athbhreithniú i gcomhthéacs spriocanna maoinithe pinsean an Ghrúpa chomh maith leis an fheidhmíocht ag bainisteoirí infheistíochta na gcistí pinsin;
- cinntiú go gcuirfí polasaí an Rialtais agus Treoirínte i bhfeidhm i dtaca leis an luach saothair iomlán agus i dtaca le socrúithe eile aoisliúntais agus leasa foircinn an phríomhoifigigh oibríocháin ar CIÉ agus na bpríomhoifigigh ar na fo-chomhlachtaí;
- déanamh cinnte go gcuirfí polasaí an Rialtais i bhfeidhm maidir le luach saothair Bhaill an Bhoird;
- socrú agus cur i bhfeidhm critéir lena bhféadfaí feidhmiú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin an Ghrúpa a mheá, atá ag teacht le pleananna corparáide a thairg an Bord agus a chuir spriocanna na scairshealbhóirí agus a sainordú stáitéseach in iúl;
- athbhreithniú agus deimhniú go bhfuil an creitéir oibríocháin atá oibriú na bPríomhfheidhmeannach CIÉ ag na fo-chomhlachtaí measta i gcomhréir le na pleananna orparáide a thairg an Bord agus gur léirigh siad spriocanna na scairshealbhóirí agus ainordú stáitéseach; agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar eolas a bhaineann le pleanáil comharbais ar fud Grúpa CIÉ.

Ráiteas Faoin Rialú Inmheánach

Raon Feidhme na Freagrachta

D'ullmhaigh gach ceann d'fhochuideachtaí Ghrúpa CIÉ (an Grúpa) Ráiteas faoin Rialú Inmheánach, atá ceadaithe ag a gcuid bord aonair. Ina theannta sin, tá Ráiteas faoi Rialú Inmheánach ullmhaithe ag Eintiteas CIÉ (an tEintiteas). Baineann an ráiteas seo a leanas go sonrach leis an Eintiteas agus tá sé ceadaithe ag Bord CIÉ.

Aithníonn an tEintiteas an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) agus an Bord athbhreithniú ar an ráiteas seo lena chinntiú go léirítear go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinne na hiniúcháirí seachtracha athbhreithniú ar an ráiteas seo freisin lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an eolas atá acu óna n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus níl chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath ar shí thráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais, i bhfeidhm san Eintiteas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

An Cumas i dtaobh Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an Eintiteas. I gCairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste, déantar foráil maidir le suas le triúr Comhaltaí Boird a cheapadh chuig an gCoiste, a nglacfaidh duine acu ról an Chathaoirligh. Sa chás nach dtagann comhdhéanamh Bord CIÉ le na riachtanais bhallaíochta mar atá leagtha amach thuas, is féidir leis an Bhord Cathaoirleach Coiste agus Comhaltaí Coiste, nach Comhaltaí Boird iad, a cheapadh. Cuimsíonn triúr Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin an Choiste. Tháinig an CIR le chéile seacht n-uaire in 2019.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ag an Eintiteas freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a bhíonn ag gabháil do chlár oibre arna aontú leis an CIR.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an Eintiteas lena leagtar an fhreagracht as bainistíocht riosca ar an bPríomhoifigeach Airgeadais agus Oibriúcháin (nó duine feiliúnach eile den lucht bainistíochta), agus leagann an té sin amach struchtúr tuairiscithe, agus ceapann sé nó sí daoine cuí, mar atá sonraithe sa Chreat Bainistíochta Riosca. Is é Bord an Eintiteas atá freagrach as an gCreat Bainistíocht Riosca agus is é a cheadaíonn é. Tá an Creat sin oiriúnaithe chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid cuspóirí straitéiseacha sonracha, agus chun a neamhchosaint ar rioscaí sonracha a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil, i gcomhthéacs an bheartais.

Is é an beartas atá ann ná a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm laistigh den Eintiteas chun na príomhrioscaí atá le sárú ag gach réimse den ghnó a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Is iad na príomhrioscaí iad siúd ar féidir leo dochar a dhéanamh dá cháil, dá acmhainn oibríochtúil nó dá acmhainn airgeadais, guaiseacha a chur faoi deara, nó é a stopadh óna chuspóirí a bhaint amach ar shlí ina léirítear drogall roimh rioscaí.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Soláthraítear dearbhú riosca trí mheán na trí líne cosanta. Is é an príomhdhifríocht atá idir na trí líne cosanta ná a leibhéil neamhspleáchais ó ghníomhaíochtaí oibríochta an Eintiteas agus ón Eintiteas féin.

I samhail rialachais atá bunaithe ar thrí líne cosanta, déantar idirdhealú idir acmhainní riosca, maoirseacht rioscaí agus maoirsiú rioscaí mar seo a leanas:

- Úinéireacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a ghlacann seilbh ar na rioscaí agus a dhéanann iad a bhainistiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá (an chéad líne cosanta);
- Maoirseacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a dhéanann maoirseacht ar rioscaí agus a chuireann dúshlán na bhfoirne bainistíochta go stuama (an dara líne cosanta); agus
- Maoirsiú Riosca, eadhon feidhmeanna a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách (an tríú líne cosanta).

Tá Úinéireacht Riosca ailínithe le húinéireacht ghnó. Toisc go bhfuil na daoine atá i gceannas ar na rannóga freagrach as cuspóirí gnó a bhaint amach, is iad atá freagrach sa deireadh thiar, ina gcáil mar úinéirí riosca, as

Ráiteas Rialachais Chorparáidigh – ar lean

rioscaí a bhaineann lena gcuid réimsí freagrachta féin a aithint agus a bhainistiú. Feidhmíonn siad an fhreagracht sin trína chinntiú go gcuirtear aithint rioscaí san áireamh go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla na ndaoine atá ag obair laistigh dá rannóga.

Sanntar riosca nua-aitheanta d'úinéirí riosca, is é sin, ceann na rannóige. Féadfaidh an té sin bainistíocht an riosca a leagan ar Bhainisteoir Riosca a bheidh freagrach as anailís agus meastóireacht bhreise a dhéanamh ar an riosca atá i gceist agus dul i ngleic leis.

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Eintiteas trí chóras bogearraí riosca ar féidir iniúchadh a dhéanamh air, OpRiskControl, a ceapadh lena chinntiú go nglacann Úinéirí Riosca agus baill foirne eile sna rannóga cur chuige comhsheasmhach, stuama ag gach céim den phróiseas bainistíochta riosca, ó aithint riosca go riosca a chur faoi bhráid leibhéal freagrachta níos airde. De réir ISO 31000, tá sé ina bheartas againn rioscaí a shainiú ar leibhéal is féidir a bhainistiú, is é sin, go ndéantar cur síos orthu ar shlí is leor ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar mhéid féideartha agus dóchúlacht an teagmhais, agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm.

Déanann an tÚinéir Riosca freagrach na rioscaí a mheas agus é nó í ag baint úsáid as Táblaí Critéar Riosca a forbraíodh ionas go luafar an Grád Riosca cuí le rioscaí atá lasmuigh d'Fhonn Riosca an Eintitis, agus go sannfar an leibhéal cuí maoirseachta dóibh.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bíonn gach riosca nua-aitheanta agus Príomh-Rioscaí, cinntí agus sonraí faoi aon rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi réir athbhreithnithe piaraí ag Foireann Feidhmiúcháin an Eintitis.

Cuimseofar sna tuarascálacha tréimhsiúla an méid seo a leanas mar bheart caighdeánach:

- Príomhrioscaí;
- Athruithe ar phríomhrioscaí;
- Rioscaí nua-aitheanta;
- Rioscaí atá ag teacht chun cinn;
- Forbhreathnú ar iomlán rioscaí an eintitis;
- Rioscaí a sáraíonn an fonn riosca agus na bearta maolaithe.

Ina dhiaidh sin cuirtear tuairisc ar Rioscaí uile an Eintitis, a stádas i leith Fonn Riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid an CIR, gach ráithe, agus Tuairiscí faoi Mhionsonraí na Rioscaí ag gabháil leo.

Chomh maith leis an méid thuasluaite, cuirtear gach Príomhriosca Ardleibhéil de chuid an Ghrúpa agus gach Riosca atá ag teacht Chun Cinn faoi bhráid Bhord Feidhmiúcháin CIÉ ionas go ndéanfaidh an Bord sin measúnú orthu i gcomhthéacs an Ghrúpa ar fad. Ina dhiaidh sin, cuirtear tuairisc ar Rioscaí uile an Eintitis, a stádas i leith Fonn Riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid an CIR, gach ráithe, agus Tuairiscí faoi Mhionsonraí na rioscaí ag gabháil leo.

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí. Tá sé á dhearbhu ag an Eintiteas go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú,
- Rinneadh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla i dtaobh feidhmíochta agus cúrsaí airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Tá sé á dhearbhu ag an Eintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha i dtaobh soláthair. D'aithin an Roinn Iompair gur polasaí Ghrúpa CIÉ é tairseach €50,000 á cur i bhfeidhm maidir le neamhchomhlíonadh soláthair de bharr an méid ceannacháin a dhéantar laistigh de Ghrúpa CIÉ agus de bharr an chostais bhreise a ghabhann le faisnéis a sholáthar ag an teorainn íochtarach.

Bhí neamhchomhlíonadh soláthair amháin ag luach €108,000 ag CIÉ don bhliain. Baineann seo le soláthar tacaíocht achtúireach i meastóireacht a soláthairtí do éilimh tríú páirtí agus dliteanais fostóra nár rinneadh athuachan air laistigh den tréimhse riachtanach. Tá próiseas tairiscint nua tosaithe agus tá sé le bheith críochnaithe i mí na Bealtaine 2021.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Éilítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndéanfaí athbhreithniú seachtrach 'ar bhonn tréimhsiúil' ar éifeachtacht Chreat Bainistíochta Riosca gach Comhlachta Stáit. Fostaíodh Mazars chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Riosca an Eintitis i mí Mheán Fómhair 2020.

Fuarthas go raibh Creat Bainistíochta Riosca an Eintitis ag cloí leis an gCód.

Ina theannta sin, tá sé á dhearbhu ag an Eintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Eintitis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus na hiniúcháirí seachtracha, an CIR, a dhéanann maíseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta san Eintiteas atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Tá sé á dheimhniú ag an Eintiteas go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht Chreat Bainistíochta Riosca i leith na bliana 2020 de réir an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Saincheisteanna a Bhaineann le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí ábhartha sa rialú inmheánach, i dtaobh cailteanais ábhartha ná i dtaobh calaoisí i leith na bliana 2020 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais. Cé nár aithníodh sa bhliain reatha aon laigí sna rialuithe inmheánacha a léiríonn tionchar ábhartha ar na ráitis airgeadais i leith na bliana 2020 ná blianta ina dhiaidh sin, tá an Bord agus an Lucht Bainistíochta fós san airdeall ar laigí rialaithe agus fáiltíonn siad roimh aiseolas trí iniúchadh inmheánach, iniúchadh seachtrach agus réimsí eile monatóireachta leanúnaí agus athbhreithnithe leanúnaigh, i ndáil le moltaí faoi chóras rialaithe inmheánaigh an Eintitis a fheabhsú. Déanann an tEintiteas fiosrú ar gach tuairisc den sórt sin agus cuireann sé bearta i bhfeidhm ar bhonn na moltaí ar bhealach pras.

Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Is é an tAire Iompair a chinneann luach saothair na gComhaltaí Boird i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird.

Íoctar luach saothair freisin le Comhaltaí Boird a ceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fontair Stáit), 1977 go dtí 2001, de réir a gconarthaí fostaíochta.

Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird/na gCoistí

Seo thíos tinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh in 2020.

Comhalta Boird	Bord CIÉ	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	An Coiste Straitéise
Fiona Ross	9/9		7/7
Frank Allen	8/9		
Ultan Courtney	9/9		
Brian Fitzpatrick	9/9	8/8	7/7
Denise Guinan	9/9		
Stephen Hannan	9/9		
Aidan Murphy	8/9		
Tom O'Connor	9/9		
Niamh O'Regan	9/9	8/8	7/7
Liam O'Rourke	9/9	8/8	
Fiona Sweeney	9/9		7/7
Tommy Wynne	9/9		

Ráiteas Rialachais Chorparáidigh – ar lean

Gnóthas Leantach

Tá éifeacht dhiúltach eacnamaíoch ar eacnamaíocht na hÉireann ag éirí as COVID-19. Tá tionchar diúltach ar chúrsaí airgid na heagraíochta sa ghearrthéarma ag éifeacht chothabháil rathúil CIÉ de sheirbhísí iompair poiblí riachtanacha d'ainneon laghdú i dturais paisinéara agus íoslaghdú rioscaí sláinte agus sábháilteachta ár bhfoireann agus ár gcustaiméirí. Mhaolaigh deonacháin suntasach an Údarás Náisiúnta Iompair, le tacú ó mhaoiniú breise Státchiste, an tionchar diúltach seo go suntasach.

Tá measúnú ar éifeachtaí airgead agus oibríochtaí an Ghrúpa críochnaithe. Tá an tionchar airgeadais diúltaigh measta agus cásanna diomatha tomhaiste bunaithe ar an bhonn go mbeidh srianta leanúnacha le linn a bhfuil fágtha de 2020 agus i dtús 2021. Léiríonn torthaí an tsamhaltaithe ar bhonn an mhaoinithe atá curtha ar fáil ag an Státchiste tríd an Údarás Náisiúnta Iompair a thacaíonn le hoibriúcháin leanta Conarthaí Dírdhámhachtana, breis mhaoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna le Seirbhísí Iompair Scoile breise a mhaoiniú agus, go ligeann réim reatha leachtacht an Ghrúpa don Ghrúpa leanúint ag oibriú mar ghnóthas leantach ar deadh tréimhse bliain amháin ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Aithníonn an Bord an tacaíocht maoinithe breise a fuarthas le linn 2020 a chumasaigh oibriúcháin leanúnacha seirbhísí iompair poiblí riachtanacha agus an rannpháirtíocht dearfach leis an roinn agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair i dtaca le comhaontú pleananna seirbhíse OSP do 2021 a fhorbairt. Aithníonn an Bord go bhfuil sé ar intinn ag an NTA leanúint dá conarthaí dámhachtana díri a oibriú le haghaidh seirbhísí PSO le fochuideachtaí an Ghrúpa de réir an mhaoinithe a chuireann an Státchiste ar fáil agus de réir fhorálacha na gconarthaí dámhachtana díri sin.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhéiginnteachtaí atá roimh an Ghrúpa mar a leanas:

Gníomhaíochtaí tráchtála

Thabhaigh gníomhaíochtaí tráchtála an Ghrúpa cailiteanais trádála i 2020 atá tuartha le leanstan go tús 2021. Tá pleananna gnó curtha i bhfeidhm a dhéanfaidh na costais leanúnacha a thabhófar sna gníomhaireachtaí seo a íoslaghdú, tar éis laghdú costais a chuimsíonn laghdú foirne, a fhad agus atá ar ár gcumas meántéarmach na gnóthaí seo a oibriú go brabúsach a chothbháil. Tar éis na gcásanna agus na réamh-mheastachán a mhionscrúdú, tá an Bord sásta go bhfuil na cailiteanais réamh-mheasta inbhuanaithe agus go bhfuil go leor acmhainní ag an Ghrúpa le na cailiteanais seo a mhaoiniú.

Seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Le linn 2019, dhámh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) conarthaí cúig bliana díreach dáfa ar Bhus Átha Cliath agus ar Bhus Éireann ina n-aistríonn freagracht ioncaim i mBus Átha Cliath agus i mBus Éireann chuig an NTA. Dhámh an tÚdarás Náisiúnta Iompair conradh deich mbliana díreach dáfa ar Iarnród Éireann le linn na bliana chomh maith agus tá sé i gceist go n-aistrefar freagracht ioncaim chuig an NTA chomh maith le linn saol an chonartha.

D'aontaigh an NTA pleananna seirbhíse PSO le fochuideachtaí an Ghrúpa do 2021 agus dhearbhaigh sí go bhfuil sé ar intinn aici leanúint ag oibriú na gconarthaí dámhachtana díri i 2022 de réir an mhaoinithe a chuir an Státchiste ar fáil. Tar éis míochaidrimh idir na fochuideachtaí agus an NTA agus mionathbhreithniú ar iomlán an eolais a raibh ar teacht air go poiblí, tá an Bord sásta go solathrófar leibhéil cuí maoiniú OSP de réir seirbhísí OSP iarrtha.

Ba phríomhghné í macnamh ar an tuairim go bhféadfaí maoiniú OSP ag leibhéal cuí a sholáthair i measúnacht an Bhoird ar stad airgeadais an cuideachta.

Tá an bord sásta:

- go bhfanann sé mar chus ag an NTA Fochuideachtaí an Ghrúpa a mhaoiniú le ligean dóibh Seirbhísí OSP a oibriú de réir an Chonartha, i 2021 agus 2022;
- gur lig mionphleanáil cás do sholáthar measúnithe réasúnta ar leibéil maoinithe a bhféadfaidh bheith riachtanach do 2021 agus isteach i 2022;
- go bhfuil soláthar dóthanach san áireamh do leanúint Seirbhíse OSP a mhaoiniú i mBuiséad an Stáitchiste do 2021;
- go gheobhaidh an NTA go leor maoinithe ón Stáitchiste leis an Conartha OSP a mhaoiniú.

Seirbhísí Iompair Scoile

Banistíonn Bus Éireann soláthar Seirbhísí Iompair Scoile ar fud an Stáit. Tá maoiniú breise curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le himlonnú acmhainní breise atá riachtanach le freastal ar phaisinéirí ag dul na scoile a mhaoiniú i gcomhréir le riachtanais scartha sóisialta.

Is é an Roinn Oideachais agus Scileanna fós a lánmhaoiníonn gníomhaíochtaí scoile le breis maoiniú faofa cheanna do 2021.

Maoiniú Stáitchiste Breise

Chinntigh an maoiniú breise ón NTA agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna leachtacht leanúnach an Ghrúpa tríd 2020. Tá an bhainistíocht gnóthach i bplé leanúnach agus dearfach leis an Roinn Iompair agus an Roinn Oideachais agus Scileanna le soláthar leanúnach iompair poiblí agus scoile a chinntiú de réir plean Maireachtáil le COVID an Rialtais.

Leachtacht

Ag 31 Nollaig 2020, tá glaniarmhéid €271 milliún de airgead tirim ag an Ghrúpa. D'fhan staid airgead tirim an Ghrúpa laidir le linn 2020.

Tá comhaontú áise bainc ar leith déanta ag an Ghrúpa go dtí Eanáir 2025. Is €20 milliún isachtaíocht an Ghrúpa faoin comhaontú áise seo ag 31 Nollaig 2020. Amúchtaíonn an iasacht seo thar tréimhse cúig bliana. Is €80 milliún an tsuim neamhtharraingthe atá ar fáil don Ghrúpa faoi áis creidmheasa imrothlaigh ar leith an Ghrúpa, nár tarraingíodh aon do anuas le linn 2020.

Aontaíodh leasithe agus tarscaoilte cuí sa chomhaontú áise le tionchar COVID-19 a léiriú, i Lúnasa 2020. Tá bainistíocht ag súil fo leanfaidh an Ghrúpa ag comhlíonadh a ndualgais faoin comhaontú do thréimhse atá ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Tá níos mó sonraí leagtha amach i Nóta 2 do na ráitis airgeadais.

Thar ceann an Bhoird



Fiona Ross

Cathaoirleach

Dáta: 7 Aibreán 2021



Liam O'Rourke

Comhalta Boird

Dáta: 7 Aibreán 2021

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais Eintiteas CIÉ (an tEintiteas) agus Ghrúpa CIÉ ('an Grúpa') a ullmhú de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Faoin dlí, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais ina dtugtar léargas fíorchearr ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Ghrúpa CIÉ amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus cailteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais. Faoin dlí sin, d'ullmhaigh na Comhaltaí Boird na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, eisithe ag an Comhairle Tuairiscithe Airgeadais ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha').

Faoi dhlí na hÉireann, ní cheadóidh na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorchearr iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó cailteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais;
- scairsealbhóirí CIÉ a chur ar an eolas i scríbhinn faoi úsáid díolúintí nochta, más ann, faoi FRS 102; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh CIÉ agus an Grúpa i mbun gnó.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as taifid chuntasaíochta iomchuí a choinneáil ar leor iad chun:

- idirbhearta CIÉ agus an Ghrúpa a thaifeadadh agus a mhíniú i gceart;
- a chumasú, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas CIÉ a chinneadh go réasúnta cruinn; agus
- a chur ar a gcumas do na Comhaltaí Boird a chinntiú gur ullmhaíodh ráitis airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Chomh maith leis sin, tá na Comhaltaí Boird freagrach as sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus na faisnéise airgeadais atá ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa. Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird



Fiona Ross
Cathaoirleach

Dáta: 7 Aibreán 2021



Liam O'Rourke
Comhalta Boird

Dáta: 7 Aibreán 2021

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha

Don Aire Iompair i Leith Chóras Iompair Éireann

Tuairisc ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Tá ráitis airgeadais Córas Iompair Éireann (“an Eintiteas”) agus a fhochuideachtaí (“an Grúpa”) don bhliain ag críochnú 31 Nollaig 2020 a chuimsíonn, an Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais; an Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach; an Clár Comhardaithe Eintitis agus Comhdhlúite; an Ráiteas Comhdhlúite agus Eintitis um Athruithe ar Chothromas; an Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid; agus na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i Nóta 1. Is iad an tAcht Iompair, 1950 agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann eisithe sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRS 102) an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm á n-ullmhú.

Is é ár dtuairim:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus an Eintitis amháil an 31 Nollaig 2020 agus ar thoradh an Ghrúpa don bhliain dar críochnú ansin;
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa i gceart de réir FRS 102;
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an Eintitis i gceart de réir FRS 102 mar a cuireadh i bhfeidhm iad le forálacha an Achta Iompair 1950; agus
- ullmhaíodh ráitis airgeadais an Eintitis i gceart de réir FRS 102 mar a cuireadh i bhfeidhm iad le riachtanais an Achta Iompair 1950

Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid Na freagrachtaí atá ar an Iniúcháirí maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais den tuarascáil uainn. Táimid neamhspleách ar an Eintiteas agus ar an nGrúpa de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuairéamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúrthóirí ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantach agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Eintitis agus an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo

Faisnéis eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúcháir uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuairéamar san iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndearraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha – ar lean

Freagrachtaí faoi seach

Na Freagrachtaí atá ar na stiúrthóirí i dtaca le na ráitis airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus bheith sásta go dtugann siad léargas fíorcheart, agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh siad is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Eintiteas agus an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag an bhainistíocht an Eintiteas nó an Ghrúpa a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaióch acu ach é sin a dhéanamh.

Na freagrachtaí atá ar an iniúcháir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchára a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIníúcháireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh Gréasáin an IAASA ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an tuairisc seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchára.

Rialála eile nithe nach mór dúinn tuairisc a thabhairt orthu ar bhonn eisceachta

Faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) ('an Cód Cleachtas'), tá ceanglas orainn tuairisciú duit más rud é nach dtugtar léiriú ar chomhlíonadh alt 1.9(iv) den Chód Cleachtas ag an nGrúpa sa ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtas, mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorporáidigh, nó más rud é go bhfuil sé ar neamhréir leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ón iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais.

Níl aon ní le tuairisciú againn i dtaca le sin.

Cuspóir ár gcuid oibre iniúchta agus a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlite dúinn

Déantar an tuarascáil seo don Aire Iompair amháin de réir Alt 34 (3) den Acht Iompair 1950. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta ionas go bhféadfaimis na nithe seo a chur in iúl dúinn don Aire i dtuarascáil iniúchára agus chun aon chríche eile. A mhéid a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghlacaimid freagracht ar aon duine seachas an tEintiteas agus an tAire, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá curtha le chéile againn.



Tommy Doherty

Ar son agus thar a cheann Mazars

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla

Ionad Fhearchair

Bloc 3

Baile Átha Cliath 2

20 Aibreán 2021

Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Cailteanais

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €000	2019 €000
Ioncam ó oibríochtaí	3	555,492	1,029,726
Fáltais ó chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	12	421,285	186,608
Cistiú eile ón Stát	12	155,779	142,842
Deontais ioncaim eile	12	62,226	190
Ioncam iomlán	3	1,194,782	1,359,366
An párolla agus costais ghaolmhara	5	(673,275)	(650,469)
Costais ábhar agus seirbhísí	6	(559,935)	(665,740)
Iomlán na gcostas oibríocháin		(1,233,210)	(1,316,209)
TRÚCDA roimh chostais eisceachtúla		(38,428)	43,157
Míreanna eisceachtúla	7	3,746	(8,629)
Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitil	8	(24,365)	(32,086)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	9	439	892
(Easnamh)/brabús oibríocháin an Ghrúpa roimh ús agus cáin		(58,608)	3,334
Ús infhála agus ioncam dá shamhail	10	14	216
Ús iníochta agus muirir dá shamhail	10	(10,099)	(11,792)
Glanchoistas úis		(10,085)	(11,576)
Easnamh don bhliain roimh cháin		(68,693)	(8,242)
Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí	11	1,833	(6,172)
Easnamh don bhliain		(66,860)	(14,414)

Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €000	2019 €000
Easnamh don bhliain		(66,860)	(14,414)
Ioncam cuimsitheach eile:			
Atomhas na ndliteanas sochar iarscoir	25	(152,109)	(203,086)
Fálú ar an sreabhadh airgid			
- Athaicmiú sa chuntas brabúis agus cailiteanais		1,059	4,815
- Athrú ar luach na n-ionstraimí fálaithe		(7,089)	3,213
		(6,030)	8,028
(Costas) cuimsitheach eile don bhliain, glan ar cháin		(158,139)	(195,058)
(Costas) cuimsitheach iomlán i leith na bliana		(224,999)	(209,472)

Clár Comhardaithe Comhdhlúite

Amhail an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta doláimhsithe	14	19,195	19,960
Sócmhainní seasta inlámhsithe	15	2,608,334	2,753,842
		2,627,529	2,773,802
Sócmhainní reatha			
Fardail	17	63,156	63,922
Féichiúnaithe	18	54,387	56,969
Airgead sa bhanc agus ar láimh		271,115	256,242
		388,658	377,133
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	19	(553,778)	(535,761)
Glandlíteanas reatha		(165,120)	(158,628)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanas reatha			
		2,462,409	2,615,174
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	20	(18,182)	(20,239)
Ioncam iarchurtha	23	(2,099,014)	(2,224,945)
Soláthairtí in aghaidh dliteanas			
Soláthairtí eile in aghaidh dliteanas	22	(214,123)	(212,426)
Soláthar le haghaidh oibleagáidí sochair iarfhostaíochta	25	(975,433)	(776,908)
Glandlíteanas		(844,343)	(619,344)
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas brabúis agus cailteanais		(885,410)	(660,411)
Airleacain Stáit neamh-inaisíochta		12,511	12,511
		(844,343)	(619,344)

Thar ceann an Bhoird



Fiona Ross
Cathaoirleach

Dáta: 7 Aibreán 2021



Liam O'Rourke
Comhalta Boird

Dáta: 7 Aibreán 2021

Clár Comhardaithe Eintiteas CIÉ

Amhail an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta doláimhsithe	14	127	1,539
Sócmhainní seasta inláimhsithe	15	777,616	766,754
Sócmhainní airgeadais	16	331,255	331,255
		1,108,998	1,099,548
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	18	10,918	10,472
Airgead sa bhanc agus ar láimh		269,417	252,583
		280,335	263,055
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	19	(463,849)	(433,152)
		(183,514)	(170,097)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanas reatha			
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	20	(16,792)	(20,239)
Ioncam iarchurtha	23	(538,569)	(533,602)
Soláthairtí in aghaidh dliteanas			
Soláthairtí eile in aghaidh dliteanas	22	(3,567)	(3,574)
Soláthar le haghaidh oibleagáidí sochair iarfhostaíochta	25	(975,433)	(776,908)
		(608,877)	(404,872)
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas brabúis agus cailiteanais		(649,944)	(445,939)
Airleacain Stáit neamh-inaisíochta		12,511	12,511
		(608,877)	(404,872)

Thar ceann an Bhoird



Fiona Ross
Cathaoirleach



Liam O'Rourke
Comhalta Boird

Dáta: 7 Aibreán 2021

Dáta: 7 Aibreán 2021

Ráiteas Comhdhlúite um Athruithe ar Chothroimas

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2020

	Cúlchiste caipitil €000	Cuntas brabúis agus cailteanais €000	Airleacain Stáit neamh- inaisíoctha €000	Cothroimas iomlán €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019	28,556	(450,939)	12,511	(409,872)
Easnamh don bhliain airgeadais	-	(14,414)	-	(14,414)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais	-	(195,058)	-	(195,058)
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	-	(209,472)	-	(209,472)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019	28,556	(660,411)	12,511	(619,344)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020	28,556	(660,411)	12,511	(619,344)
Easnamh don bhliain airgeadais	-	(66,860)	-	(66,860)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais	-	(158,139)	-	(158,139)
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	-	(224,999)	-	(224,999)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020	28,556	(885,410)	12,511	(844,343)

Ráiteas um Athruithe ar Chothromas i gcás Eintiteas CIÉ

Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2020

	Cúlchiste caipitil €000	Cuntas brabúis agus caillteanais €000	Airleacain Stáit neamh- inaisíoctha €000	Cothromas iomlán €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019	28,556	(229,727)	12,511	(188,660)
Wasnamh don bhliain airgeadais	-	(21,154)	-	(21,154)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais	-	(195,058)	-	(195,058)
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	-	(216,212)	-	(216,212)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019	28,556	(445,939)	12,511	(404,872)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020	28,556	(445,939)	12,511	(404,872)
Easnamh don bhliain airgeadais	-	(44,929)	-	(44,929)
Costas cuimsitheach eile don bhliain airgeadais	-	(159,076)	-	(159,076)
Costas cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	-	(204,005)	-	(204,005)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020	28,556	(649,944)	12,511	(608,877)

Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid

Amhail an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €000	2019 €000
Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	24	37,093	50,452
Cáin ioncain a íocadh		(5,277)	(121)
Airgead glan arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		31,816	50,331
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe		(209,476)	(186,382)
Ceannach sócmhainní seasta doláimhsithe		(6,652)	(9,117)
Fáltas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe		438	892
Fáltas ó dheontais Stáit agus deontais ón Aontas Eorpach		203,795	184,726
Ús faighte		14	216
Airgead glan arna úsáid sna gníomhaíochtaí infheistíochta		(11,881)	(9,665)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Aisíocaíocht iasachtaí bainc		(4,000)	(4,000)
Ús íoctha		(1,246)	(1,331)
Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe		(5,246)	(5,331)
Glanmhéadú ar airgead agus coibhéisí airgid			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		256,242	220,907
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		270,931	256,242
Cuimsítear san airgead tirim agus sna coibhéisí airgid:			
Airgead sa bhanc agus ar láimh		271,115	256,242
Rótharraingtí bainc		(184)	-
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		270,931	256,242

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite Chóras Iompair Éireann (‘CIÉ’) ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Is é CIÉ údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Achoimre ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

(A) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mhodhnú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas airgeadais áirithe a thomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus cailteanas.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as príomhthoimhdí áirithe a bhaineann leis an todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilítear freisin go ndéanfadh na Comhaltaí Boird breithiúnas agus beartais chuntasaíochta an Ghrúpa á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (W) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh toimhdí agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndlíteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí nochta áirithe d'eintiteas incháilithe, faoi réir coinníollacha áirithe, ar comhlíonadh iad, lena n-áirítear fógra a thabhairt do scairshealbhóirí an eintitis i leith na ndíolúintí agus gan aon agóid ina gcoinne a bheith ag na scairshealbhóirí.

Bhain CIÉ, an tEintiteas, leas as an díolúine ó ráiteas ar shreabhadh airgid a ullmhú, ar an mbonn gur eintiteas incháilithe é, agus folaíonn an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid, atá ina chuid de na ráitis airgeadais seo, sreafaí airgid an Eintitis, sa mhéid is gur tharla sreabhadh airgid idir an t-Eintiteas agus páirtithe lasmuigh den Ghrúpa.

Níor chuir CIÉ i láthair cuntas brabúis agus cailteanas (Ráiteas Ioncaim) an mháthaireintitis, ar an mbonn gurb é an cleachtas a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn i gcás grúpaí é díolúine faoi Dhlí na gCuideachtaí a ghlacadh maidir le Ráiteas Ioncaim a chur i láthair. Cé nach bhfuil aon díolúine shonrach san Acht Iompair, 1950, ghlac an Grúpa an seasamh sin ar an mbunús nach mór na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbonn atá leagtha amach ag an Aire.

(B) Bunús an Chomhdhlúite

Is comhdhlúthú iad ráitis airgeadais an Ghrúpa ar ráitis airgeadais CIÉ agus a chuid fochuideachtaí:

- Iarnród Éireann – Irish Rail
- Bus Éireann – Irish Bus
- Bus Átha Cliath – Dublin Bus
- CIÉ Tours International Incorporated

Tá deireadh thréimhse airgeadais na bhfochuideachtaí go léir ag teacht le deireadh thréimhse airgeadais CIÉ. Fochuideachtaí is ea na heintitis go léir ar féidir le CIÉ a mbeartais airgeadais agus oibriúcháin a rialú, rud a thagann de ghnáth le scairsheilbh arb ionann í agus níos mó ná leath na gceart vótála.

(C) Airgeadra Eachtrach**(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe**

Is é an euro airgeadra feidhmiúil CIÉ agus gach ceann dá fhochuideachtaí agus is é an euro airgeadra tuairiscithe an Ghrúpa, arna ainmniú ag an tsiombail “€”. Mura luaitear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais curtha i láthair ina mílte (€’000).

(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus cailteanais a aithnítear gnóthachain agus cailteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus cailteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus cailteanais faoi ‘ús infhála agus ioncam dá shamhail’ nó ‘ús iníoctha agus muirir dá shamhail’ mar is cuí. Cuirtear i láthair gach gnóthachan agus cailteanas airgeadra eachtraigh eile sa chuntas brabúis agus cailteanais faoi ‘costais ábhar agus seirbhísí’.

(D) Ioncam

Cuimsíonn an t-ioncam oll-luach na seirbhísí arna soláthar. Déantar an t-ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithnítear an t-ioncam sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar cur síos thíos ar gach ceann de na príomhshruthanna ioncaim mar aon le cur síos ar an mbeartas aitheantais ioncaim le haghaidh gach srutha ioncaim.

Tugtar anonn sna dliteanais na fáltais ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí agus aithnítear iad sa chuntas brabúis agus cailteanais thar thréimhse an táirge ábhartha. Aithnítear ticéid bhliantúla Tax saver go cothrom thar na tréimhsí sa bhliain a mbaineann an táirge leo. Aithnítear aon lamháltas nó scéimeanna in aisce de réir théarmaí na scéime lamháltas. Ní aithnítear aon ioncam le linn tréimhsí in aisce do 2020.

Aithnítear an t-ioncam lasta agus an t-ioncam ó Europort Ros Láir sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithnítear ioncam cíosa ar bhonn an mhéid chothroim thar théarma an léasa.

Aithnítear ioncam ó fhógraíocht agus ó ghníomhaíochtaí éagsúla eile le linn thréimhse an chonartha ábhartha. Déantar ioncam ó fhógraíocht a thuilleadh ó chonarthaí dhá mhí agus conarthaí ráithiúla agus faightear an t-ioncam sin ar bhonn riaráisteach.

Aithnítear ioncam ó choimisiúin nuair a sholáthraítear an tseirbhís don chustaiméir.

Aithnítear ioncam eile tríú páirtí tráth a thuillte, nó ag an bpointe seirbhíse, sa mhéid gur aithníodh costais iomchuí a tabhaíodh atá in-aisghabhála i gcoinne an ioncaim sin sa tréimhse.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

Tagann ioncam CIÉ Tours International Incorporated ó sholáthar seirbhísí arna dtairiscint lena n-áirítear Turais sceidealta, grúpaí agus Taisteal Coigríche Neamhspleách. Déantar ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fuarthas maidir le soláthar na seirbhísí arna dtairiscint agus aithnítear é nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

(E) Íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, Deontais ón Aontas Eorpach agus Deontais eile ón Státchiste

Aithníonn an Grúpa deontais Rialtais ag teacht leis an tsamhail fabhraithe faoi FRS 102.

(i) Íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP')

Déileáiltear le hÍocaíochtaí OSP arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus cailiteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

(ii) Deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil

Déantar deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil eile a chur chun sochair an ioncaim iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailiteanais ar an mbonn céanna ar a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(iii) Deontais Ioncaim

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus cailiteanais an tráth céanna a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh. Aithnítear fóirdheontais i leith na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostóra sa bhrabúis agus sa chaillteanas ag an am céanna leis an gcaiteachas gaolmhar agus a bhfuil deontas beartaithe mar chúiteamh air.

(iv) Deontas Conartha Ilbhliantúil i dtaobh Bainistíocht Bonneagair

Aithnítear deontais mar ioncam iarchurtha nó aithnítear láithreach iad mar ioncam sa chuntas brabúis agus cailiteanais, trí thagairt don bhonngníomhaíocht a bhfuil an deontas ceaptha lena cúiteamh. Na deontais chaipitil faoin gConradh Ilbhliantúil a chuirtear chun sochair an ioncaim iarchurtha sa chlár comhardaithe, déantar iad a amúchadh thar shaol eacnamaíoch tuartha na sócmhainní gaolmhara.

(F) Costais Ábhar agus Seirbhísí

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí an Ghrúpa ó lá go lá, seachas costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus cailiteanais, agus tá tuilleadh sonraí ina leith i Nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(G) Costais Eisceachtúla

I gcuntas brabúis agus cailiteanais an Ghrúpa, aithnítear torthaí oibriúcháin ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a mheasann an Bord nach mór iad a nochtadh go leithleach mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Grúpa go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le míreanna den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach' sa sainmhíniú, úsáideann an Bord idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar i gcuntas brabúis agus cailiteanais an Ghrúpa agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

(H) Ús

Áirítear le hioncam airgeadais agus costais airgeadas an Ghrúpa:

- ioncam úis;
- costas úis;
- an gnóthachan nó an cailteanas ó aistriú airgeadra eachtraigh ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais airgeadais;
- an gnóthachan nó an cailteanas glan ar ionstraimí fálaíthe arna n-aithint sa bhrabús agus sa chaillteanas; agus
- athrangú na méideanna a bhaineann le fálú ar shreabhadh airgid a aithníodh roimhe seo san ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear ioncam úis nó costas úis trí mhodh an ghlanráta úis. Lena chois sin déantar leachtú na lascaíní ar sholáthairtí agus an glanchostas úis ar phinsin le sochar sainithe a chur de mhuirear ar na costais airgeadais.

(I) Cáin Ioncaim

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus cailteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chothromas leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascaíniú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

(i) Cáin reatha

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is infíochta ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó beagnach achtaithe faoi dheireadh na bliana airgeadais.

(ii) Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabús inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascaíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuiimsiú ioncaim agus caiteachas sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear cailteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhcháí.

(J) Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Nochtann Grúpa CIÉ idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil faoi úinéireacht iomlán laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá faoi úinéireacht iomlán.

(K) Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus cailteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

(L) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus cailteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais infheidhme i dtaobh baint ó chéile, tabhairt chun bealaigh agus athchóirithe.

(i) Línte iarnróid agus oibreacha iarnróid

Gréasán córas atá i gceist leis na línte iarnróid agus na hoibreacha iarnróid.

Meastar gurb ionann an caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a acmhainn nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus méid breise a chuirtear leis na sócmhainní seasta inláimhsithe, agus déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar a shaol eacnamaíoch úsáideach tuartha. Costais fostaithe chaipitlithe agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne, áirítear iad sna sócmhainní seasta inláimhsithe.

An caiteachas ar an ngréasán reatha, lena bhféachtar chuige go bhfuil an acmhainn oibriúcháin ag teacht leis na caighdeáin shonraithe seirbhíse, áirítear mar chothabháil é agus cuirtear é de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus cailteanais. Caitear le haon deontas bainteach ar an gcaoi chéanna agus cuirtear i láthair é sa chuntas brabúis agus cailteanais.

(ii) Rothstoc iarnróid

Déantar na hinnill traenach (seachas iadsan atá lán-dímheasta nó a fhaightear gan aon chostas), na rálcharranna, an stoc cóistí agus na vaigíní a dhímheas ar bhonn a gcostais stairiúil agus é leithdháilte thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(iii) Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa fhliú, ar feadh a saol úsáidigh thuartha, ar bhonn céatadán laghdaitheach a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostas stairiúil na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a saol úsáideach tuartha.

(iv) Feithiclí lasta bóthair

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(v) Talamh agus foirgnimh

Áirítear le talamh agus foirgnimh talamh agus foirgnimh ruíse, ionaid mhiondíola agus oifigí. Déantar talamh agus foirgnimh a thabhairt anonn ar a gcostas (nó ar a gcostas measta más talamh nó foirgnimh atá i gceist a ndearnadh athluacháil orthu roimhe seo faoi ngnáthchleachtas cuntasaíochta) lúide dímheas carntha agus cailteanais lagaithe charntha.

Tá maoiné áirithe laistigh den ghrúpa ar maoiné úsáide ilchineálaí iad toisc go bhfaigheann an Grúpa ioncam incriminteach as ucht aonaid mhiondíola sna stáisiúin a ligean ar cíos le tríú páirtithe agus ioncam cíosa ar mhaoine áirithe eile nach mbaineann an Grúpa lán-úsáid astu. Ós rud é nach féidir luach cóir chomhpháirte na maoiné infheistíochta a thomhas go hiontaofa gan costas míchuí nó iarracht mhíchuí a bheith i gceist, áfach, cuirtear na maoiné ar fad san áireamh i gcáil mhaoine, gléasra agus trealamh de réir Alt 17 de FRS 102.

(vi) Droichid, dugáí, cuanta agus calaí, comharthaíocht, gléasra agus innealra agus trealamh lónadóireachta

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

(vii) Dímhéas agus luachanna iarmharacha

Déantar dímhéas ar shócmhainní, ach amháin talamh, a ríomh de réir na modhanna dímhéasa agus an tsaoil úsáidigh thuartha, mar seo a leanas:

Línte agus oibreacha iarnróid	modh an mhéid chothroim	10-40 bliain
Droichid	modh an mhéid chothroim	120 bliain
Rothstoc iarnróid	modh an mhéid chothroim	4-20 bliain
Feithiclí paisinéirí bóthair	modh an chéatadáin laghdaithigh	8-14 bliana
Busanna scoile	modh an mhéid chothroim	8-14 bliana
Feithiclí lasta bóthair	modh an mhéid chothroim	1-10 mbliana
Foirgnimh ruíse	modh an mhéid chothroim	os cionn 50 bliain
Gléasra agus innealra	modh an mhéid chothroim	3-30 bliain
Comharthaíocht	modh an mhéid chothroim	10 mbliana
Dugáí, cuanta agus céanna	modh an mhéid chothroim	os cionn 50 bliain
Trealamh lónadóireachta	modh an mhéid chothroim	5-10 mbliana

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, gach bliain airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

(viii) Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain

Ní dhéantar costais iardain a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair gheilleagracha a bhaineann leis an mír i ndán don Ghrúpa agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Aithnítear suim ghlanluacha aon chomhpháirte ionaid. Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair gheilleagracha agus déantar dímhéas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear deisiúcháin agus obair chothabhála de mhuipear ar an gcuntas brabúis agus cailteanais de réir mar a thabhaítear iad.

(ix) Dí-aithint

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar gheilleagrach sa todhcháil. Ar dhiúscairt, déantar an difríocht idir na glanfáltais diúscairthe agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa bhrabús nó sa chailteanas.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

(M) Sócmhainní Oidhreachta

Tá roinnt sócmhainní oidhreachta ag an nGrúpa, feithiclí a bhíodh sa fhlít den chuid is mó, agus plátaí, suaitheantais agus déantáin éagsúla. Déantar na sócmhainní sin a chothabháil ar mhaithe le heolas agus cultúr amháin agus is sócmhainní oibriúcháin a bhí i gceist lena bhformhór tráth.

Mar gheall ar chineál éagsúil na sócmhainní atá ar seilbh agus an easpa margadhluachanna inchomparáide, bheadh an costas a bhainfeadh le luacháil na sócmhainní oidhreachta chomh mór nach mbeadh sé i gcomhréir leis na sochair a sholáthrófaí d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais. Dá bhrí sin, is luach nialais atá ag na sócmhainní sin i dtaobh tuairisciú airgeadais.

(N) Lagú na Sócmhainní Neamhairgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais d'fóilacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh. Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Má aisiompaítear caillteanas lagaithe (níl feidhm ag cúiseanna an chailteanais lagaithe a thuilleadh), méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) go dtí an meastachán leasaithe ar a méid in-aisghabhála, ach ní mhéadaítear í ach amháin a mhéid nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha leasaithe an tsuim ghlanluacha a bheadh cinnte (iar-dhímheas) dá mba rud é nár aithníodh aon chailteanas lagaithe sna blianta airgeadais roimhe sin. Aithnítear aisiompú caillteanais lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

(O) Sócmhainní Airgeadais

Déantar infheistíocht CIÉ i bhfochuideachtaí a thabhairt anonn ar a costas stairiúil lúide caillteanais lagaithe charntha.

(P) Stoic

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna spártha, breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar an stoc a luacháil ar a mheánchostas ualaithe nó a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an praghas ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus costas láimhseála atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Amhail dáta an chláir comhardaithe, díscríobhtar na stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig agus déantar caillteanas a thaifeadh i ndáil le stoic a meastar atá lagaithe.

Déantar stoc Innealtóireachta Sibhialta (CCE) agus Comharthaíochta (SET) a aicmiú ina stoc gluaiseachta agus stoc neamhghluaiseachta. Cuirtear soláthar i bhfeidhm ar stoc neamhghluaiseachta, bunaithe ar an bhfad ama ó bogadh an stoc le déanaí. Cuirtear soláthar sa bhreis i bhfeidhm ar an gcuid bhreise den 'stoc gluaiseachta' ag brath ar an leibhéal stoic ar lámh a bhfuil níos mó ná 2 bhliain úsáide bainte as.

Déantar stoc Innealtóireachta Meicniúla (CME) a aicmiú mar stoc straitéiseach, stoc cláir agus stoc inchaite. Cuirtear soláthar i bhfeidhm i leith gach aicme ag brath ar aois an stoic.

I gcás trealamh fuireachais nó mórfháirteanna spártha speisialaithe atá ar seilbh chun críocha athsholáthair agus a cheaptar a mbainfear úsáid astu le linn níos mó ná tréimhse amháin, coinnítear ar seilbh iad i gcáil sócmhainní seasta inláimhsithe de réir FRS 102.

(Q) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile ag a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sa dliteanas reatha. Déantar airgead tirim agus coibhéisí airgid a thomhas ar dtús ar an bpraghas idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta.

Ní airgead tirim ná coibhéisí airgid iad taiscí bainc a bhfuil aibíochtaí bunaidh níos mó ná trí mhí acu agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

(R) Ionstraimí Airgeadais

Roghnaigh an Grúpa forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a chur chun feidhme maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

(i) Sócmhainní Airgeadais

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an nGrúpa lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile agus airgead agus coibhéisí airgid, atá taifeadta leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe atá i gceist leis an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe atá i gceist leis an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhcháir arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh i leith ionstraimí fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlánráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear cailteanas lagaithe sa bhrabús agus cailteanas. Is ionann an cailteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glánráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn méid an chailteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an cailteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an cailteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa chuntas brabús agus cailteanais.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó nuair a shocraítear iad, nó (b) nuair a aistrítear chuig páirtí eile beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húninéireacht na sócmhainne airgeadais, nó (c) ar aistriú rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil chun an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

(ii) *Dlíteanais Airgeadais*

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt dlíteanas airgeadais bunúsach ar an nGrúpa, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí, a aithnítear den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart airgeadais é an socrú, agus sa chás sin déantar an dlíteanas airgeadais a thomhas ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascaíniú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó fhochuideachtaí, agus dlíteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, faoi mhodh an ghlanráta úis.

I gcás táillí ar bhunú saoráidí iasachta, aithnítear iad mar chostais idirbhirt na hiasachta sa mhéid is gur dócha go ndéanfar cuid den tsaoráid iasachta nó í go léir a tharraingt anuas. Sa chás sin, cuirtear an táille siar go dtí go dtarraingeofar anuas an iasacht. Sa mhéid nach bhfuil aon fhianaise ann gur dócha go ndéanfar cuid den tsaoráid iasachta nó í go léir a tharraingt anuas, áirítear an táille mar réamhíocaíocht i leith seirbhísí leachtachta agus déantar í a amúchadh thar thréimhse na saoráide lena mbaineann sí.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte ó sholáthraithe i ngnáthchúrsa an ghnó. Tá na creidiúnaithe trádála dlíte laistigh d'aon bhliain amháin mura bhfuil sé de cheart neamhchoinníollach ag an ngrúpa an íocaíocht a chur siar ar feadh ar a laghad 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Déantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a dhéantar an dlíteanas a mhúchadh, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonartha a chomhlíonadh nó a chur ar ceal nó ar dhul in éag di.

(iii) *Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Gníomhaíochtaí Fálaithe*

Ní ionstraimí airgeadais bunúsacha iad díorthaigh, lena n-áirítear babhtálacha rátaí úis, réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus conarthaí babhtála tráchtarraí.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ar a luach cóir ar an dáta a ndéantar conradh díorthach agus déantar iad a thomhas arís ina dhiaidh sin ar a luach cóir.

Cuireann an Grúpa cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm i gcás babhtálacha rátaí úis, réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus conarthaí babhtála tráchtarraí, agus ainmnítear na díorthaigh sin mar fhálú ar an sreabhadh airgid.

Aithnítear sa chothromas codanna éifeachtacha na n-athruithe ar luachanna cóir na ndíorthach atá ainmnithe mar fhálú ar an sreabhadh airgid agus a cháilíonn amhlaidh. Déantar an gnóthachan nó an cailteanas a bhaineann le haon chuid neamhéifeachtach a aithint láithreach sa chuntas brabúis nó cailteanais.

Déantar méideanna arna gcarnadh sa chúlchiste fálaithe a áireamh arís sa chuntas brabúis nó cailteanais sna tréimhsí ina mbeidh tionchar ag na míreanna fálaithe ar bhrabús nó cailteanas (mar shampla nuair a tharlóidh an ceannach tuartha a bhfuil fálú déanta ina leith). Má bhíonn sé ina thoradh ar idirbheart tuartha a bhfuil fálú déanta ina leith go n-aithnítear sócmhainn neamhairgeadais (fardal, mar shampla) nó dlíteanas, déantar na gnóthachain agus na cailteanais a iarchuireadh roimhe sin sa chúlchiste fálaithe a aistriú ón gcúlchiste agus cuirtear san áireamh iad sa mheastóireacht bhunaidh ar chostas na sócmhainne nó an dlíteanais.

Sa chás ina dtéann ionstraim fálaithe in éag nó ina ndíoltar í, nó sa chás nach gcomhlíonann fálú a thuilleadh na critéir le haghaidh cuntasaíocht fálaithe, fágfar sa chúlchiste aon ghnóthachan nó cailteanas carnach atá sa chúlchiste fálaithe an tráth sin, agus aithnítear é nuair a aithnítear an t-idirbheart tuartha ar deireadh sa chuntas brabúis nó cailteanais. Nuair nach bhfuiltear ag súil leis a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart tuartha, déantar an gnóthachan nó an cailteanas carnach a tuairiscíodh san ioncam cuimsitheach eile a aistriú láithreach chuig an gcuntas brabúis nó cailteanais.

(S) Soláthairtí

Is ionann soláthairtí agus dliteanas atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an nGrúpa mar gheall ar theagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha gur gá sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach láithreach an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáide as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus cailteanas, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar CIÉ ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar CIÉ athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh sé ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Ghrúpa fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí iarnróid agus bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar in aghaidh cailteanas oibriúcháin sa todhchaí.

(T) Dliteanas agus Sócmhainní Teagmhasacha

I gcás dliteanas theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an nGrúpa sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanas ach is dliteanas theagmhasacha iad. Nochtar dliteanas theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

(U) Sócmhainní Léasaithe**(i) Léasanna Airgeadais**

Faoi léasanna airgeadais, aistrítear rioscaí agus luach saothair uile na húnéireachta go substaintiúil chuig an léasóir.

I dtosach an téarma léasa airgeadais, aithníonn an Grúpa a cheart úsáide agus an oibleagáid atá air faoi léas airgeadais mar shócmhainn agus dliteanas ag méid is ionann agus luach cóir na sócmhainne ar léas, nó más rud é gur luach níos ísle atá i gceist, ar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta arna ríomh ar an ráta úis atá intuigthe sa léas. Tá caiteachas caipitiúil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé acu is giorra. Tá sciar caipitiúil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh leis na creidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus cailteanas thar phríomhthréimhse an léasa.

Déantar sócmhainní a mheas maidir le lagú i ndeireadh gach bliana airgeadais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

Déantar na híocaíochtaí léasa íosta a chionroinnt idir an dliteanas amuigh agus na muirir airgeadais, faoi mhodh an ghlanráta úis, ionas go mbeidh ráta seasmhach tréimhsiúil úis i bhfeidhm ar an iarmhéid atá fágtha den dliteanas.

(ii) Léasanna Oibriúcháin

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus cailteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus cailteanais de réir mar a thabhaítear iad.

(V) Sochair Fostaithe

Cuireann an Grúpa roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearach agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsean faoi seach.

Sochair Iarfhostaíochta

Feidhmíonn an Grúpa pleananna sochar sainithe d'fhostaithe Ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean sochair shainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean sochair shainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas plean le ranníocaíochtaí sainithe.

Is ionann an dliteanas a aithnítear sa chlár comhardaithe maidir le pleananna sochar sainithe agus luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe ag deireadh gach bliana airgeadais lúide luach cóir shócmhainní an phlean ar an dáta céanna.

Déanann achtúire seachtrach na hoibleagáidí sochar sainithe a ríomh gach bliain faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Cinntear luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe trí lascainiú a dhéanamh ar na híocaíochtaí measta sa todhchaí ar bhonn torthaí margaidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe in euro agus a bhfuil téarmaí acu ar cosúil iad le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí amach anseo ('ráta lascaine').

I gcás luach cóir shócmhainní an phlean as a bhfuil na hoibleagáidí le glanadh, déantar é a thomhas de réir bheartas cuntasaíochta an Ghrúpa i leith sócmhainní airgeadais. I gcás fhormhór na sócmhainní de chuid na bpleananna, is ionann é sin agus an praghas luaite i margadh gníomhach. Sa chás nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil, úsáidtear teicnící luachála cuí chun meastachán a dhéanamh ar an luach cóir.

Cuimsítear iad seo a leanas i gcostas na bpleananna sochar sainithe, arna n-aithint sa chuntas brabúis agus cailteanais, ach amháin má tá siad san áireamh i gcostas sócmhainne:

- (a) an méadú ar ghlandliteanais sochar sainithe a eascraíonn ó sheirbhís fostaithe i rith na bliana airgeadais; agus
- (b) An costas a bhaineann le plean a thabhairt isteach, athruithe ar shochair, cíorrúcháin agus socraíochtaí.

Cinntear an glanchostas úis maidir le glandliteanais sochar sainithe tríd an nglandliteanais sochar sainithe a mhéadú faoin ráta lascaine (mar a chinntear iad ag tús na bliana airgeadais sa dá chás, agus aird á tabhairt ar aon athruithe ar an nglandliteanais sochar sainithe i rith na bliana airgeadais mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochar). Aithnítear an glanchostas úis sin sa chuntas brabúis agus cailteanais mar 'ús iníochta agus muirir dá shamhail'.

Aithnítear san ioncam cuimsitheach eile gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn ó choigeartuithe ó thaithí agus athruithe ar thoimhdí achtúireacha. Na méideanna sin, mar aon leis an toradh ar shócmhainní an phlean lúide an t-ioncam úis ar shócmhainní an phlean atá ar áireamh sa glanchostas úis, cuirtear i láthair iad mar atomhas ar an nglandliteanais sochar sainithe leis an ioncam cuimsitheach eile.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéimeanna Pinsean CIÉ. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Déantar glandliteanas na bpinsean le sochar sainithe do na scéimeanna ina n-iomláine a aithint i gclár comhardaithe Eintiteas CIÉ.

(W) Breithiúnais Ríthábhachtacha maidir le Beartais Chuntasaíochta an Ghrúpa a Chur i bhFeidhm

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na Comhaltaí Boird meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínte, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhir a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardléibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuímeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe

Tagann athrú ar an muirear amúchta bliantúil i gcás sócmhainní seasta doláimhsithe agus ar an muirear dímheasa i gcás sócmhainní seasta inláimhsithe ag brath ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht na sócmhainní. Léirítear thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní seasta doláimhsithe agus inláimhsithe i leith gach aicme sócmhainne leagtha amach i Nóta 14 agus Nóta 15.

(ii) Scéimeanna pinsean le sochar sainithe

Tá sé d'obleagáid ar an nGrúpa sochair pinsean a íoc le fostaithe áirithe. Is iad achtúirí na scéimeanna a dhéanann na pleananna pinsean a luacháil. Braitheann costas na sochar pinsean agus luach láithreach na ndliteanas pinsean ar na toimhdí arna ndéanamh i leith tosca cosúil le hionchas saoil bhaill na scéime, méadú tuarastail na bhfostaithe reatha, leibhéal na méaduithe, más ann dóibh, a dheonaítear do phinsinéirí agus an ráta úis ar a ndéantar lascainiú ar na híocaíochtaí pinsean sa todhchaí. Úsáideann an Grúpa meastacháin i leith na dtosca sin go léir chun na costais pinsean agus na sócmhainní agus dliteanais arna léiriú sna ráitis airgeadais a chinneadh.

Cinneann an Grúpa an ráta lascaine cuí ag deireadh gach bliana. Is é sin an ráta úis ba chóir a úsáid chun an luach láithreach a chinneadh i dtaobh eis-sreafaí airgid measta sa todhchaí a mheastar a bheidh ag teastáil chun na hoibleagáidí pinsean a íoc. Agus an ráta lascaine cuí á chinneadh aige, féachann an Grúpa ar thorthaí ó bhannaí corparáideacha ardhcháilíochta atá ainmnithe san airgeadra ina n-íocfar na sochair agus a bhfuil téarmaí aibíochta acu atá cosúil le téarmaí na hoibleagáide pinsean a bhaineann leo.

Tá éiginnteacht nach beag fós i gceist maidir le tuarastail deiridh inphinsin a bheidh i bhfeidhm agus na sochair iníochta á gcinneadh. Bíonn tionchar ar mhuirir pinsean freisin de bharr difríochtaí idir toimhdí a rinneadh agus an rud a tharlaíonn iarbhir, agus de bharr athruithe ar thoimhdí. Tá tuilleadh mionsonraí i dtaobh scéimeanna pinsean an Ghrúpa le sochar sainithe agus na toimhdí a úsáidtear agus na dliteanais pinsean á luacháil leagtha amach i Nóta 25.

Mar gheall ar an luaineacht nach beag sna margáí airgeadais, tá athruithe móra tagtha le roinnt blianta anuas ar luachanna margaidh sócmhainní na scéimeanna pinsean agus ar an ráta lascaine ar a ndéantar dliteanais pinsean amach anseo a luacháil.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

(iii) *Soláthairtí le haghaidh dliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí*

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil foctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Ghrúpa fós.

Glacann an Grúpa gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 22 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(iv) *Feithiclí paisinéirí bóthair faoi chomhaontú léasúcháin bus*

Tá aitheantas tugtha do na feithiclí paisinéirí bóthair a fuarthas faoin gcomhaontú léasúcháin bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (U). Mar an gcéanna, aithnítear deontas comhfhreagrach le haghaidh caiteachais chaipitil i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (E).

Tháinig athruithe ar chearta agus oibleagáidí an Ghrúpa agus an NTA, mar a fhorordaítear sna Conarthaí Dámhachtana Díreacha Nollaig 2019 – Samhain 2024, i bhfeidhm in 2020 agus, mar thoradh air sin, chinn an Grúpa go n-aithnítear feithiclí paisinéirí bóthair de réir Suntasacha Rinneadh Polasaí Cuntasaíochta (L) sna blianta airgeadais 2017 go 2019 a dhí-aithint i 2020 agus aithnítear anois iad de réir an Bheartais Chuntasaíochta Shuntasach (U).

In 2020, aithníodh muirear cíosa bliantúil, mar atá forordaithe i gcomhaontú léasaithe bus NTA, as feithiclí paisinéirí bóthair a fhaightear faoin gcomhaontú seo.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(v) *Ticéid bhliantúla Tax saver*

Cuimsíonn aitheantas ioncaim ticéad bliantúil Tax saver de réir threoirlínte Síneadh Saor in Aisce Tax saver NTA síneadh ticéad saor in aisce aon mhí amháin a bhfuil sé mar aidhm aige faoiseamh a sholáthar do chustaiméirí Tax saver a mbíonn tionchar ag bearta frithdhúnadh paidéime COVID-19 orthu a chuir srian ar rochtain na bhfostaithe ar a ngnátháit oibre. Dá bhrí sin tá cinneadh déanta ag an nGrúpa gan ioncam ó Tax saver a aithint le linn na tréimhse saor in aisce atá sé mhí.

2. Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh ráitis airgeadais 2020 Grúpa CIÉ ar bhonn gnóthais leantaigh. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní dhóthanacha ag an Ghrúpa agus ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Measúnú

Tá mionbhreithniúchán déanta ag an Bhord ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh agus tá sé sásta go bhfuil sé cuí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2020 ar an bhonn seo. I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

Stad Airgeadais ag 31 Nollaig 2020

Ag 31 Nollaig 2020, bhí glandhliteanais de €844 milliún (2019: €619 milliún) agus glandhliteanais reatha de of €165 milliún (2019: €159 milliún) ag an Ghrúpa. Tá míreanna neamhairgid de €241 milliún (2019: €269 milliún) san áireamh i nglandhliteanais reatha a bhain le hioncam iarchurtha i dtaca le deontais caipitil agus ioncam iarchurtha, deontais caipitil nach bhfuil gealltanais airgid tirim i gceist leo agus úsáidtear iad de réir dímheas na socmhainne. Mar sin, gan na míreanna neamhairgid seo san áireamh, tá glanshocmhainní reatha de €76 milliún (2019: €110 milliún) ag an Ghrúpa. Tá dliteanais i dtaca le hoibleagáidí pinsin le sochar sainithe de €975 milliún (2019: €777 milliún) agus ioncam iarchurtha i dtaca le deontais caipitil a fuarthas de €2,303 milliún (2019: €2,446 milliún) san áireamh i nglandhliteanais an Ghrúpa.

Leachtacht

Tá iarmhéid €271 milliún de airgead tirim ag an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2020.

Tá comhaontú áise bainc ar leith déanta ag an Ghrúpa go dtí Eanáir 2025. Is €24 milliún isachtaíocht an Ghrúpa faoin comhaontú áise seo. Amúchtaíonn an iasacht seo thar tréimhse cúig bliana. Is €80 milliún an tsuim neamhtharraingthe atá ar fáil don Ghrúpa faoi áis creidmheasa imrothlaigh ar leith an Ghrúpa.

Aontaíodh leasithe agus tarscaoilte cuí sa chomhaontú áise le tionchar COVID-19 a léiriú. Tá bainistíocht ag súil go leanfaidh an Ghrúpa ag comhlíonadh a ndualgais faoin comhaontú do thréimhse atá ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Tionchar COVID-19

Leanann éifeacht dhiúltach eacnamaíoch ar eacnamaíocht na hÉireann ag éirí as COVID-19. Tá tionchar diúltach ar chúrsaí airgid na heagraíochta sa ghearrthéarma ag éifeacht chothabháil rathúil CIÉ de sheirbhísí iompair poiblí riachtanacha d'ainneion laghdú i dturais paisinéara agus íoslaghdú rioscaí sláinte agus sábháilteachta ár bhfoireann agus ár gcustaiméirí. Laghdaigh deonacháin suntasach an Údaráis Náisiúnta Iompair, le tacú ó mhaoiniú breise Státchiste, an tionchar seo go suntasach.

Tá measúnú mionsonraithe ar éifeachtaí COVID-19 ar fud an Ghrúpa críochnaithe.

Is iad na príomhchinnteachtaí atá os comhair an Ghrúpa:

- Bhain tionchar leanúnach COVID 19 le srianadh taistil chuig, ó agus laistigh d'Éirinn
- An laghdú iarmhartach ar ioncam a d'Éascair as seirbhísí oibleagáide seirbhíse poiblí as a leanadh ag brath go leanúnach ar mhaoiniú méadaithe an Státchiste
- Tionchar na srianta taistil ar ár seirbhísí iompair tráchtála.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

2. Gnóthas Leantach – ar lean

Aithníonn an Bord an tacaíocht maoinithe breise a fuarthas le linn 2020 a chumasaigh oibriúcháin leanúnacha seirbhísí iompair poiblí riachtanacha agus an rannpháirtíocht dearfach leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair i dtaca le pleananna seirbhíse do 2021 a fhorbairt agus a chuir i bhfeidhm.

Gníomhaíochtaí Tráchtála

Tuairtar go dtabhóidh gníomhaíochtaí tráchtála an Ghrúpa cailteanais i 2021. Tá pleananna gnó curtha i bhfeidhm a dhéanfaidh na costais leanúnacha a thabhófar sna gníomhaireachtaí seo a íoslaghdú, tar éis laghdú costais a chuimsíonn laghdú foirne, a fhad agus atá ar ár gcumas meántéarmach na gnóthaí seo a oibriú go brabúsach a chothbháil.

Tar éis na gcásanna agus na réamh-mheastachán a mhionscrúdú, tá an Bord sásta go bhfuil na cailteanais réamh-mheasta inbhuanaithe agus go bhfuil go leor acmhainní ag an Ghrúpa le na cailteanais seo a mhaoiniú.

Seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Le linn 2020 d'oibrigh na trí chuideachta oibriúcháin faoi chonarthaí glanchoistais, a chuimsigh maoiniú a sholáthar tríd an NTA chun an t-easnamh idir costais oibriúcháin agus ioncam ó tháillí a ghintear a chlúdach. Ón 1 Eanáir 2021, d'oibrigh Bus Átha Cliath agus Bus Éireann ar bhonn comhchonartha. Sa socrú seo d'aontaigh an dá BAC ar chostas agus scóip na gclár seirbhíse atá le seachadadh i rith 2021, leis an NTA. Faoi na socruithe seo bailíonn BÁC agus BÉ ioncam ó tháillí thar ceann an NTA agus aisíoctar iad ar leithligh as costais iomlána chomhaontaithe na seirbhísí. Aontaíodh pleananna seirbhíse do 2021 leis an NTA atá ag soláthar an mhaoinithe is gá chun costais chomhaontaithe na bpleananna seo a íoc. Leanann Iarnród Éireann ag oibriú a chonartha leis an NTA ar bhonn conartha glanchoistais. Tá maoiniú ar an difríocht idir ioncam ó bhosca táillí a thuilltear agus costas comhaontaithe na n-oibríochtaí á sholáthar tríd an NTA ón Stáitchiste.

Seirbhísí Iompair Scoile

Banistíonn Bus Éireann soláthar Seirbhísí Iompair Scoile ar fud an Stáit. Tá maoiniú breise curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le himlonnú acmhainní breise atá riachtanach le freastal ar phaisinéirí ag dul na scoile a mhaoiniú i gcomhréir le riachtanais scartha sóisialta.

Is é an Roinn Oideachais agus Scileanna fós a lánmhaoiníonn gníomhaíochtaí scoile le breis maoiniú faofa cheanna do 2021.

Maoiniú Stáitchiste Breise

Cinntíonn an maoiniú breise ón NTA agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna leachtacht leanúnach an Ghrúpa tríd 2021. Tá an bhainistíocht gnóthach i bplé leanúnach agus dearfach leis an Roinn Iompair agus an Roinn Oideachais agus Scileanna le soláthar leanúnach iompair poiblí agus scoile a chinntiú de réir plean Maireachtáil le COVID an Rialtais.

Bliain Airgeadais 2021

Leanann Grúpa CIÉ ag oibriú seirbhísí PSO de réir na gConarthaí bunúsacha le linn 2021. Bunaithe ar bhonn tuisceana go mbeadh srianta leanúnacha ann le linn 2021, d'ullmhaigh an Grúpa a Bhuiséad 2021 a d'fhormheas an Bord i mí na Samhna 2020, a ndearna an Bord athbhreithniú agus formheas ar leagan nuashonraithe de i mí Feabhra 2021.

Aontaíodh pleananna seirbhíse gach Cuideachta Oibríocháin leis an NTA atá ag soláthar an mhaoinithe bhreise is gá chun a chinntiú go leanfar de na seirbhísí poiblí ríthábhachtacha seo.

Ba mhaith leis an mBord aitheantas a thabhairt don tacaíocht mhaoinithe bhreise ón Státchiste a fuarthas ón NTA agus ón Státchiste le linn 2020 agus a thacaíocht leanúnach i 2021.

Bliain Airgeadais 2022

Téann CIÉ isteach i 2021 le suíomh láidir airgid leachtach, meastar go laghdóidh an leachtacht i rith 2021 de réir mar a scaoilfidh difríocht dearfach maidir le huainiú sreafa airgid a tharla in 2020 le linn 2021 agus de réir mar a leanann CIÉ ag maoiniú cláir chaipitil riachtanacha. Tá CIÉ ag tuar go leanfaidh leachtacht dhearfach go 2022.

Tugann CIÉ dá aire an tionchar dearfach ar a scála oibríochtaí tríd an gclár infheistíochta atá maoinithe ag an NDP in iompar poiblí. Agus na tosca seo á gcur san áireamh, tá CIÉ ag súil le tuilleadh forbairtí dearfacha i seachadadh seirbhísí iompair phoiblí CIÉ le linn 2022.

Gníomhaíochtaí Bainistíochta Leanúnacha

Leanann bainistíocht an Ghrúpa ag líon gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- rannpháirtíocht leis an Roinn agus an NTA i dtaca le maoiniú cuí le tacú le hoibríocht leanúnach Conarthaí Dírdhámhachtana
- dianmhonatóireacht ón bhainistíocht ar staid airgid tirim laethúil, seachtainiúil agus mhíosúil ar fud an Ghrúpa
- cuir i bhfeidhm leanúnach agus dianmhonatóireacht ar thionscnaimh sábhála costas
- mionmeasúnuithe ar mholtaí Infheistíochta Caipitiúla agus a éifeacht ar leachtacht
- athbhreithniú leanúnach ar rioscaí agus ar dheiseanna le tionchar acu ar oibríochtaí an Ghrúpa.

Conclúd

De réir na fachtóirí leagtha amach thuas, tá dóchas réasúnta ag an mBord go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Ghrúpa agus CIÉ le leanúint ag oibriú ar feadh ar laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais agus measann siad go bhfuil sé cuí glacadh leis an bhonn gnóthaigh leantaigh i dtaca le ullmhú na ráitis airgeadais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

3. Ioncam de réir Gníomhaíochta

Léirínn an t-ioncam na méideanna arna ndíorthú ó sholáthar seirbhísí a thagann faoi réim ghnáthghníomhaíochtaí an Ghrúpa, agus iad luaite glan ar cháin.

Is soláthraí seirbhísí iompair é an Grúpa go príomha, agus tá sé ag feidhmiú in oileán na hÉireann. Tá gach cuid de sheirbhís iompair an Ghrúpa á bainistiú ag eintiteas dlíthiúil ar leith. Feidhmíonn an Grúpa cuideachta a chuireann turais ar bun freisin – CIÉ Tours International Incorporated.

Déantar anailís mar seo a leanas ar an ioncam:

	CIÉ €000	CIÉ Inter- national Tours €000	Bus Átha Cliath €000	Bus Éireann €000	Iarnród Éireann €000	Iomlán 2020 €000	Iomlán 2019 €000
Gnóthas iarnróid	-	-	-	-	103,636	103,636	248,229
Rannóg lasta	-	-	-	-	3,818	3,818	3,890
Calafort Ros Láir	-	-	-	-	7,134	7,134	9,280
Seirbhísí iarnróid eile	-	-	-	-	29,090	29,090	35,982
Seirbhísí bóthair do phaisinéirí							
- Cathair Bhaile Átha Cliath	-	-	125,077	-	-	125,077	263,001
- Seirbhísí eile	-	-	-	284,786	-	284,786	366,475
Turais	-	1,456	-	-	-	1,456	102,350
Príomh-ghníomhaíochtaí gnó	21,976	-	-	-	-	21,976	21,617
Ioncam idirghrúpa	(21,481)	-	-	-	-	(21,481)	(21,098)
Ioncam ó oibríochtaí	495	1,456	125,077	284,786	143,678	555,492	1,029,726
Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP'):							
Ioncam OSP (Nóta 12)	-	-	125,104	93,833	202,348	421,285	186,608
Deontais eile ón Státhiste (Nóta 12)	-	-	-	-	155,779	155,779	142,842
Deontais ioncaim (Nóta 12)	868	-	22,331	18,684	20,343	62,226	190
Ioncam iomlán	1,363	1,456	272,512	397,303	522,148	1,194,782	1,359,366

4. Costais an Bhonneagair Iarnróid

Faoi réir Threoir 91/440 ón Aontas Eorpach, rinneadh na costais seo a ríomh mar seo a leanas:

	2020 €000	2019 €000
Cistiú Bonneagair		
Conradh Ilbhliantúil	155,797	142,842
Muirir rochtana rianta	74,170	73,761
Maoiniú Státchiste eile	5,713	19
Ioncam tríú páirtí	26,360	32,659
Ioncam iomlán	262,040	249,281
An párolla agus costais ghaolmhara	(117,056)	(114,911)
Ábhair agus seirbhísí	(137,848)	(124,698)
Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitil	(3,695)	(4,791)
Iomlán na gcostas oibriúcháin	(258,599)	(244,400)
TRÚCDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla	3,441	4,881
Costais eisceachtúla	(502)	(1,197)
Brabús ar dhíol sócmhainní seasta inlámhsithe	-	10
Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh ús	2,939	3,694
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	(397)	(411)
Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí	2,542	3,283

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

5. An Párolla agus Costais Ghaolmhara

	2020 €000	2019 €000
Cuimsítear sna costais foirne (gan costais athstruchtúraithe san áireamh)		
Pá agus tuarastail	546,903	542,626
Costais leasa shóisialaigh	54,437	52,344
Costais eile a bhaineann le sochar scoir	92,455	69,704
	693,795	664,674
Obair dhílis chaipitlithe	(21,012)	(14,680)
Glanchoistais foirne	672,783	649,994
Luach saothair agus díolaíochtaí na gComhaltaí Boird		
– i leith seirbhísí mar Chomhaltaí Boird	222	208
– i leith seirbhísí feidhmiúcháin	270	267
Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na gComhaltaí Boird	492	475
Iomlán chostas an phárolla agus na gcostas gaolmhar	673,275	650,469

As na costais iomlána i leith na foirne, tá €21.0 milliún (2019: €14.7 milliún) caipitlithe ina sócmhainní seasta inlámhsithe agus tá €673.3 milliún (2019: €650.0 milliún) á áireamh mar chostas sa chuntas brabúis agus cailteanais.

San áireamh i pá agus tuarastalacha tá:

	2020 €000	2019 €000
Tuarastal	440,328	428,069
Ragobair	21,588	31,376
Liúntais	84,987	83,181
	546,903	542,626

Tá an uimhir fostaí a raibh iomlán a gcuid sochar fostaí (seachas costais pinsean fostóra) lastigh de ghach banna €25,000 ó €50,000 suas don tréimhse tuairisciú leagtha amach thíos.

	2020	2019
€50,001 go €75,000	4,072	4,073
€75,001 go €100,000	840	688
€100,001 go €125,000	108	112
€125,001 go €150,000	36	36
€150,001 go €175,000	17	19
€175,001 agus os cionn	18	19

Cúiteamh Daoine Tábhachtacha den Lucht Bainistíochta

Íocadh táillí Stiúrthóra leis na Comhaltaí Boird mar seo a leanas:

Comhalta Boird	2020 €000	2019 €000
Fiona Ross (<i>Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin</i>)	31,500	31,500
Frank Allen	21,600	21,600
Ultan Courtney	21,600	21,600
Brian Fitzpatrick	15,750	11,164
Denise Guinan	15,750	15,750
Stephen Hannan	15,750	15,750
Aidan Murphy	21,600	21,600
Tom O'Connor	15,750	15,750
Niamh O'Regan	15,750	11,164
Liam O'Rourke	15,750	15,750
Fiona Sweeney	15,750	11,164
Tommy Wynne	15,750	15,750
	222,300	208,542

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

5. An Párolla agus Costais Ghaolmhara – ar lean

Áirítear leis an bpríomhlucht bainistíochta na Comhaltaí Boird agus lucht ardbhainistíochta an Ghrúpa. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó is iníochta leis an bpríomhlucht bainistíochta as ucht seirbhísí fostaithe.

	2020 €000	2019 €000
Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile	1,471	1,441
Costais leasa shóisialaigh	96	95
Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir	388	250
Sochair foirceannadh fostaíochta	–	–
	1,955	1,786

Speansais na Stiúrtóirí

San áireamh sna costais a cúitíodh le Comhaltaí an Bhoird tá:

	2020 €000	2019 €000
Cothabháil, taisteal agus lóistín	1	3
	1	3

Léirítear cúiteamh íochta nó iníochta le Príomhoifigí Feidhmiúcháin agus Príomhoifigeach Oibriúcháin Gníomhach an Ghrúpa ar son seirbhísí fostaí thíos.

San áireamh sa tábla thíos tá an párolla agus na costais bhainteacha do ról Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin CIÉ, lena n-áirítear olltuarastal €190,000 (2019: €153,426) agus ranníocaíocht pinsin fostóra de € 47,500 (2019: €35,625). Cuireadh tús le costais 2019 an 11 Márta 2019.

	2020 €000	2019 €000
Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile	1,024	1,008
Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir	363	227
	1,387	1,235

Foirceannadh Fostaíochta agus Scaoilíocaíocht

	2020 €000	2019 €000
Scaoilíocaíocht	919	4,006
	919	4,006

Líon na mBall Foirne

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag CIÉ le linn na bliana airgeadais ná:

	2020	2019
CIÉ	265	296
Iarnród Éireann – Irish Rail	4,058	3,897
Bus Éireann – Irish Bus	2,702	2,727
Bus Átha Cliath – Dublin Bus	3,573	3,475
	10,598	10,395

6. Costais Ábhair agus Seirbhísí

Cuimsítear sna costais i ndáil le hábhair agus seirbhísí:

	2020 €000	2019 €000
Breosla, leictreachas agus bealaidh	83,017	85,730
Cáin bhóthair agus ceadúnais	1,435	1,464
Rátaí	1,644	4,107
Luach saothair na n-iniúcháirí	517	421
Léasanna oibriúcháin ar cíos	6,007	5,444
Conraitheoirí scoile	160,219	163,650
Fruiliú bus eile	5,999	15,387
Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí	9,117	14,162
Ábhair agus seirbhísí eile	289,351	373,494
Costais oibriúcháin pinsean	2,629	1,881
	559,935	665,740

San áireamh i sna costais ábhair agus seirbhísí tá:

	2020 €000	2019 €000
Taisteal Náisiúnta agus and maireachtáil	435	1,156
Taisteal Idirnáisiúnta and maireachtáil	140	605
Fáilteachas	82	185
	657	1,946

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

6. Costais Ábhair agus Seirbhísí – ar lean

Luach Saothair na nIniúcháirí:

Nochtar sa tábla seo a leanas na táillí is iníoctha le Mazars Ireland i dtaca leis an bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 agus Deloitte LLP Ireland i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2019. Níl CBL san áireamh sna méideanna seo.

	2020 €000	2019 €000
Iniúcháir reachtúil		
- Iniúchadh reachtúil ar chuideachtaí an Ghrúpa	159	166
- Seirbhísí ráthaíochta eile	187	118
- Seirbhísí comhairleoireachta cánach	59	63
- Seirbhísí eile nach mbaineann le hiniúcháireacht	112	74
	517	421

Luaitear an t-easnamh don bhliain tar éis na méideanna seo a leanas a mhuirearú/(a chur de shochar na gcuntas):

	2020 €000	2019 €000
Fardal a ídíodh	192,731	209,499
Méadú ar an soláthar in aghaidh dífheidhmeacht fardail	3,331	808
Caillteanais/(gnóthacháin) malairte eachtraí	1,880	74
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta	(439)	(892)
Léasanna oibriúcháin	6,007	5,444
Athstruchtúrú an ghnó	5,212	8,629
Aisíocaíocht CBL	(8,958)	-
Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe	227,906	246,050
Amúchadh na sócmhainní doláimhsithe	6,188	1,935
Amúchadh deontas	(209,729)	(215,899)

7. Míreanna Eisceachtúla

	2020 €000	2019 €000
Athstruchtúrú an ghnó	5,212	3,719
Fóirdheontas athíoctha	-	4,910
Aisíocaíocht CBL	(8,958)	-
	(3,746)	8,629

Cuimsítear sna costais maidir le hathstruchtúrú an ghnó méideanna a eascraíonn as tionscnaimh athstruchtúraithe i rith na bliana:

Bus Átha Cliath €4.8 milliún, Bus Éireann (€0.3) milliún, Iarnród Éireann €0.5 milliún agus CIÉ €0.2 milliún.

Fuair CIÉ Tours aisíocaíocht cúlgabhálach CBL ó HMRC.

8. Dímheas agus Amúchadh, Glan ar Amúchadh na nDeontas Caipitil

	2020 €000	2019 €000
Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe (Nóta 14)	6,188	1,935
Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe (Nóta 15)	227,906	246,050
Amúchadh na ndeontas caipitil (Nóta 23)	(209,729)	(215,899)
	24,365	32,086

9. Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Inláimhsithe

	2020 €000	2019 €000
Brabús ar dhiúscairt talún agus foirgneamh	160	6
Brabús ar dhiúscairt rothstoic, feithiclí, gléasra agus innealra	279	886
	439	892

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

10. Glanchostas Úis

(a) *Ús Infhála agus Muirir dá Shamhail*

	2020 €000	2019 €000
Ioncam úis ar thaiscí gearrthéarmacha	14	216

(b) *Ús Iníoctha agus Muirir dá Shamhail*

	2020 €000	2019 €000
Ús iníoctha ar iasachtaí agus ar rótharraingtí	1,097	1,166
Costas iomlán úis ar dhliteanais airgeadais nach bhfuil á dtomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus cailteanais	1,097	1,166
Glanchostas úis ar phleananna pinsean le sochar sainithe	8,853	10,461
Leachtú na soláthairtí lascaine	149	165
Iomlán an úis iníoctha agus na muirear dá shamhail	10,099	11,792

(c) *Glanchostas Úis*

	2020 €000	2019 €000
Ús infhála agus muirir dá shamhail	14	216
Ús iníoctha agus muirir dá shamhail	(10,099)	(11,792)
Glanchostas úis	(10,085)	(11,576)

11. Cáin Ioncaim

a) Costas Cánach san áireamh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais

	2020 €000	2019 €000
Muirear cánach corparáide eachtraí ar an mbrabús don bhliain airgeadais	(1,675)	325
Muirear cánach corparáide Éireannach ar an mbrabús don bhliain airgeadais	(158)	5,847
<i>Costas cánach reatha don bhliain airgeadais</i>	<i>(1,833)</i>	<i>6,172</i>
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	(1,833)	6,172

(b) Costas Cánach a bhaineann le Míreanna arna nAithint san Ioncam Cuimsitheach Eile

	2020 €000	2019 €000
Cáin reatha	-	-
Cáin iarchurtha	-	-
- Cáin iarchurtha ar atomhas an ghlandliteanais sochar sainithe	-	-
Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint san ioncam cuimsitheach eile	-	-

(c) Costas Cánach a bhaineann le Míreanna arna nAithint sa Chothromas

	2020 €000	2019 €000
Cáin reatha	-	-
Cáin iarchurtha	-	-
Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint sa chothromas	-	-

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

11. Cáin Ioncaim – ar lean

(d) Réiteach an Chostais Cánach

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an mbarrachas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, is é sin 12.5% (2019: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

	2020 €000	2019 €000
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	(68,694)	(8,242)
Barrachas/(easnamh) méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann i leith na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2020, is é sin 12.5% (2019: 12.5%)	(8,587)	(1,030)
Tionchar de bharr:		
Ioncam nach bhfuil faoi réir cánach	(25,436)	(21,653)
Ráta cánach níos airde ar thuillimh thar lear	(1,675)	(325)
Speansais nach bhfuil asbhainteach chun críocha cánach	6,254	(71)
Dímheas sa bhreis ar liúntais chaipitiúla	26,869	26,578
Úsáid na gcaillteanas cánach	(634)	(3)
Cailteanas chánach neamhfhaoisimh arna dtabhairt ar aghaidh	203	(796)
Ioncam atá faoi réir ráta cánach níos airde	1,328	2,780
Difríochtaí eile	2	692
Rósholáthar i dtaca le blianta roimhe	(404)	-
Cailteanas a thabhairt siar go dtí an tréimhse roimhe sin	1	-
Cáin ar Ríchíosanna	246	-
Cáin bhrabúis ar ghnáthghníomhaíochtaí	(1,833)	6,172

Níor aithníodh sócmhainn cánach iarchurtha féideartha €950 milliún (2019: €953 milliún) maidir le cailteanas charntha arna dtabhairt ar aghaidh, toisc nach cinnte go ndéanfar iad a aisghabháil sa todhchaí i gcoinne brabúis inchánacha.

12. Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus Deontais eile ón Státchiste

Tá na deontais is iníoctha le Córas Iompair Éireann i gcomhréir leis na Rialacháin ábhartha ón Aontas Eorpach lena rialaítear Cúnamh Stáit do ghnóthais iompair.

	2020 €000	2019 €000
Cuntas Brabúis agus Cailteanais		
Oibleagáid Seirbhíse Poiblí	418,642	184,215
Deontais eile ón Státchiste	155,797	142,842
Deontais ioncaim eile	63,531	2,091
	637,970	329,148
Clár Comhardaithe		
Deontais chaipitil	182,373	179,965
Cistiú iarchurtha	45,596	13,600
Iomlán na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí agus na nDeontas eile ón Státchiste	865,939	522,746
Fo-Cheannteideal B7 de Vóta 31 de chuid Dháil Éireann – Oibleagáid Seirbhíse Poiblí		
Bus Átha Cliath – Dublin Bus (ioncam)	125,954	39,320
Bus Éireann – Irish Bus (ioncam)	93,833	57,789
Iarnród Éireann – Irish Rail (ioncam)	198,855	87,106
Iarnród Éireann – Irish Rail (caipiteal)	-	35,000
	418,642	219,215
Fo-Cheannteideal B8 de Vóta 31 de chuid Dháil Éireann – Infheistíocht Chaipitiúil		
Conradh Ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair (ioncam)	155,797	142,842
Conradh Ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair (caipiteal)	67,863	53,638
Deontais ón Státchiste i gcomhair bonneagair agus infheistíocht chaipitiúil	114,510	91,327
OSP iarchurtha	45,596	13,633
Deontais eile ón Státchiste	63,531	2,091
	447,297	303,531
Cistiú iomlán faoi Vóta 31 de chuid Dháil Éireann	865,939	522,746
Iomlán na ndeontas OSP agus na ndeontas ón Státchiste	865,939	522,746

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

12. Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus Deontais eile ón Stáitchiste –ar lean

Níl aon choinníollacha neamh-chomhlíonta ná teagmhais eile ag gabháil le deontais a aithníodh mar ioncam.

Déanann CIÉ taifead ar dheontais faoin tSamhail Fabhráithe a cheadáítear faoi Alt 24 de FRS102.

Déantar méid agus téarma na ndeontas caipitil a amúchadh thar shaol úsáideach na sócmhainní gaolmhara. Áirítear deontais ioncaim sa chuntas brabúis agus cailteanas comhdhlúite ina n-iomláine sa bhliain ábhartha.

	An tÚdarás			An tÚdarás		
	An Roinn	Náisiúnta	Iomlán	An Roinn	Náisiúnta	Iomlán
	Iompair	Iompair		Iompair	Iompair	
2020	2020	2020	2019	2019	2019	
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Caipiteal faoi Vóta B8	-	389,419	389,419	197,000	139,722	336,722
Inrochtaineacht faoi Vóta B8	-	3,975	3,975	-	1,809	1,809
Scéimeanna Fóirdheontais Pá a bhaineann le COVID	-	53,903	53,903	-	-	-
Iomlán	-	447,297	447,297	197,000	141,531	338,531

Tá foinse na gcostí ón Stát a fuarthas le linn na mblianta féilire 2019 agus 2020 teoranta do thionscadail ar leith.

13. CIÉ Glanthoradh don Bhliain

Rinne Eintiteas CIÉ glancailteanas €44.9 milliún i leith na bliana (2019: cailteanas €21.2 milliún).

14. Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

An Grúpa

	Bogearraí Ríomhaire €000	Iomlán €000
An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2019		
Suim ghlanluacha thosaigh	12,778	12,778
Breiseanna	9,117	9,117
Amúchadh	(1,935)	(1,935)
Bogearra CIÉ Tours	-	-
Suim ghlanluacha	19,960	19,960

Amhail an 31 Nollaig 2019

Costas	82,113	82,113
Athaicmiú	(23,943)	(23,943)
	58,170	58,170
Amúchadh agus lagú carntha	(62,153)	(62,153)
Athaicmiú	23,943	23,943
Suim ghlanluacha	19,960	19,960

Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Suim ghlanluacha thosaigh	19,960	19,960
Breiseanna	6,652	6,652
Amúchadh agus lagú carntha	(6,188)	(6,188)
Athaicmiú	(1,229)	(1,229)
Suim ghlanluacha	19,195	19,195

Eintiteas CIÉ

	Bogearraí Ríomhaire €000	Iomlán €000
An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2019		
Suim ghlanluacha thosaigh	2,192	2,192
Breiseanna	974	974
Amúchadh	(280)	(280)
Bogearra CIÉ Tours	(1,347)	(1,347)
Suim ghlanluacha	1,539	1,539

Amhail an 31 Nollaig 2019

Costas	19,179	19,179
Athaicmiú	(95)	(95)
Bogearra CIÉ Tours	(1,347)	(1,347)
	17,737	17,737
Amúchadh agus lagú carntha	(16,293)	(16,293)
Athaicmiú	95	95
Suim ghlanluacha	1,539	1,539

Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Suim ghlanluacha thosaigh	1,539	1,539
Breiseanna	27	27
Amúchadh agus lagú carntha	(671)	(671)
Athaicmiú	(1,229)	(1,229)
Bogearra CIÉ Tours	461	461
Suim ghlanluacha	127	127

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

14. Sócmhainní Seasta Doláimhsithe – ar lean

Group	Bogearraí Ríomhaire €000		CIÉ Entity	
		Iomlán €000	Bogearraí Ríomhaire €000	Iomlán €000
Amhail an 31 Nollaig 2020			Amhail an 31 Nollaig 2020	
Costas	64,743	64,743	Costas	19,111
Athaicmiú	(1,135)	(1,135)	Athaicmiú	(1,135)
Bogearra CIÉ Tours	-	-	Bogearra CIÉ Tours	(886)
	63,608	63,608		17,090
